AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.1.2024
COM(2024) 23 final

2024/0017 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hinfheistíochtaí coigríche isteach san Aontas a scagadh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

{SWD(2024) 23 final} - {SWD(2024) 24 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

1.1. Forais agus cuspóirí an togra

Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche *(IDCanna)* isteach san Aontas a scagadh (an Rialachán) glacadh in 2019 é agus cuireadh i bhfeidhm an 11 Deireadh Fómhair 2020 é. Freagairt a bhí sa togra ar an méadú a bhí ag teacht ar ábhair imní faoi infheisteoirí eachtracha áirithe a bhí ag féachaint le rialú a fháil ar ghnólachtaí an Aontais a sholáthraíonn teicneolaíochtaí criticiúla, bonneagar criticiúil nó ionchuir chriticiúla, nó ag a bhfuil faisnéis íogair, agus a bhfuil a ngníomhaíochtaí criticiúil le haghaidh na slándála nó an oird phoiblí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Bhí sé d'aidhm ag an Rialachán cuidiú le rioscaí slándála agus oird phoiblí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, ar rioscaí iad a bhaineann le IDCanna agus a dhéanann difear do dhá Bhallstát ar a laghad nó don Aontas ina iomláine, toisc go bhfágann leibhéal ard comhtháthaithe an mhargaidh inmheánaigh lánpháirtithe go bhféadfadh IDC i gcuideachta de chuid an Aontais riosca a chruthú thar theorainneacha an Bhallstáit atá ina óstach ar an infheistíocht dhíreach choigríche. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ceadaítear leis an Rialachán do na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar IDCanna ina gcríoch ar fhoras slándála nó oird phoiblí, agus faisnéis a mhalartú leis an gCoimisiún agus na Ballstáit eile, agus tugtar de chumhacht dóibh bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha. Thairis sin leis an Rialachán, cruthaíodh sásra comhair idir an Coimisiún Eorpach agus údaráis scagtha na mBallstát le haghaidh IDCanna aonair. D'fhág an sásra sin gurbh indéanta faisnéis a mhalartú, rud a chuir ar a gcumas don Choimisiún agus do na Ballstáit eile rioscaí slándála agus oird phoiblí a chur i dtábhacht ar rioscaí iad a eascraíonn as IDC agus a d'fhéadfadh a bheith roimh Bhallstáit eile nó roimh chláir chriticiúla ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Leis sin, láidríodh an measúnú a dhéanann údaráis ábhartha na mBallstát ar IDCanna agus éascaíodh an cinneadh a rinne an Ballstát 'óstach' sa deireadh thiar thall maidir le cé acu a údarófaí nó nach n-údarófaí an t-idirbheart agus, dá n-údarófaí an t-idirbheart, cé acu an gá nó nach gá coinníollacha áirithe.

Ó glacadh an Rialachán, tá méadú tagtha ar an tábhacht a bhaineann le saincheist na slándála agus an oird phoiblí. Le paindéim COVID-19, cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus teannas geopholaitiúil eile, cuireadh i dtábhacht gur gá a bheith in ann rioscaí do shócmhainní criticiúla an Aontais ó infheistíochtaí áirithe a shainaithint agus cosaint níos fearr a thabhairt do na sócmhainní sin. Is rud é sin freisin a chuir leis an méadú suntasach ar an líon Ballstát a bhfuil sásra náisiúnta um scagadh á ghlacadh acu, agus leis an leathnú a rinne Ballstáit áirithe ar an líon earnálacha atá faoi réir scagadh [1]. Mar sin féin, sciar suntasach de IDCanna san Aontas, is chuig Ballstáit nach bhfuil sásra um scagadh acu a théann na hinfheistíochtaí sin fós [2] agus fágann sé sin go bhfuil leochaileachtaí ann toisc go bhfuil IDCanna ann a d'fhéadfadh a bheith criticiúil ach nár braitheadh fós iad.

---

[1] Nuair a chuir an Coimisiún a thogra reachtach le haghaidh an Rialacháin isteach i mí Mheán Fómhair 2017, ní raibh sásra um scagadh á choinneáil ar bun ach ag 14 Bhallstát (lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe). Faoi mhí an Mheithimh 2023, bhí sásraí um scagadh glactha ag 8 mBallstát bhreise agus 2 Bhallstát nach raibh ach sásraí earnála acu, bhí sásraí trasearnála achtaithe acu.

[2] 22,7 % de na táthcheangail eachtracha agus 20 % de na tionscadail úrnua, bhí siad i mBallstáit nach raibh sásra um scagadh infheistíochta acu arbh infheidhme go hiomlán é. Ina Tuarascáil Speisialta 27/2023 ('Scagadh ar infheistíochtaí díreacha coigríche san Aontas – Na chéad chéimeanna tógtha, ach tá teorainneacha suntasacha fós ann ó thaobh déileáil go héifeachtach le rioscaí slándála agus oird

An comhar idir na húdaráis náisiúnta uile agus an Coimisiún, bhí ról mór aige dá ainneoin sin chun feasacht a mhúscailt, agus IDCanna rioscúla a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, arbh IDCanna iad nach dtabharfaí faoi deara murach an comhar sin [3]. Mar sin féin, ba dhúshlánach an rud é fógraí a bhaineann le dlínsí iomadúla a bhainistiú (i.e. idirbhearta a bhaineann leis an ngnó céanna i roinnt Ballstát) agus d'fhág sé sin gur tarraingíodh saincheisteanna anuas ó thaobh na éifeachtúlachta de (go háirithe le haghaidh infheisteoirí coigríche, spriocanna de chuid an Aontais agus údaráis scagtha).

Le hAirteagal 15(1) den Rialachán, cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar éifeachtacht an Rialacháin agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 12 Deireadh Fómhair 2023 (i.e. tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis chur chun feidhme iomlán an Rialacháin).

Bunaithe ar thorthaí na tuarascála meastóireachta, a ghabhann leis an togra reachtach seo, is iomchuí a mholadh go ndéanfar athbhreithniú ar an Rialachán chun a áirithiú go mbeidh sásra um scagadh ag na Ballstáit uile a fhágfaidh go mbeifear in ann measúnú a dhéanamh ar idirbhearta sula dtabharfar i gcrích iad, agus aghaidh a thabhairt ar phríomheasnaimh in éifeachtacht agus éifeachtúlacht an tsásra comhair a shainaithnítear sa mheastóireacht.

1.2. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é is cuspóir don togra slándáil agus ord poiblí an Aontais a chosaint i gcomhthéacs na hinfheistíochta coigríche. Tá sé sin i gcomhréir le cuspóirí beartais foriomlána an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 3(5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), go háirithe go ndéanfaidh an tAontas, ina chaidreamh leis an domhan mór, a chuid luachanna agus leasanna a chumhdach agus a chur chun cinn agus rannchuideoidh sé le cosaint a shaoránach, leis an tsíocháin, leis an tslándáil, agus leis an tsaorthrádáil chóir.

Tá an togra go hiomlán i gcomhréir le leis an 'Teachtaireacht um an tSlándáil Eacnamaíoch'[4] ó 2023, lenar cuireadh an scagadh IDC i dtábhacht mar cheann de na uirlisí a chuireann an tAontas in úsáid chun é féin a chosaint ar rioscaí a shainaithnítear go coiteann mar rioscaí a dhéanann difear dá shlándáil eacnamaíoch. Sa teachtaireacht chomhpháirteach sin, chuir an Coimisiún in iúl an athuair an glao do na Ballstáit nár chuir sásraí náisiúnta um scagadh IDC chun feidhme go fóill déanamh amhlaidh gan tuilleadh moille. D'fhógair sé togra reachtach freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Scagadh Infheistíochta Dírí Coigríche.

Fágfaidh an Rialachán atá beartaithe go mbeidh cothromaíocht cheart ann idir dhá chuspóir, mar atá, aghaidh a thabhairt ar na húdair imní dhlisteanacha a bhaineann le hinfheistíochtaí coigríche áirithe, ar thaobh amháin, agus an gá atá le córas oscailte fáilteach a chothú lena meallfaí na hinfheistíochtaí sin i dtreo an Aontais, ar an taobh eile, ach dlí an Aontais agus a chuid gealltanas idirnáisiúnta a chomhlíonadh go hiomlán san am céanna.

1.3. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Comhlánóidh an rialachán atá beartaithe beartais agus tionscnaimh eile an Aontais, tá sé i gcomhréir leo agus ní dhéanann sé difear dóibh. D'fhéadfadh idirbhearta áirithe a bheith faoi réir nósanna imeachta eile um údarú ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, ach níl

---

phoiblí), is é meastachán Chúirt Iniúchóirí na hEorpa go bhfuil thart ar 42 % de stoic IDC suite sna Ballstáit sin (féach Fíor 4 ar lch. 27).

[3] Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún agus ag údaráis ábhartha na mBallstát ar bhreis agus 1 100 idirbheart ó seoladh an sásra comhair.

[4] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa agus chuig an gComhairle 'Straitéis Eorpach um Shlándáil Eacnamaíoch', (JOIN(2023)/20 final).

aon neamhréireacht idir an togra agus na hionstraimí sin, ar sainiúil a gcuspóir ó thaobh chuspóir an togra de. Ina áit sin, tá méid áirithe comhlántachta idir an rialachán atá beartaithe agus ionstraimí an Aontais is infheidhme maidir le hearnálacha nó le gníomhaíochtaí atá ábhartha ó thaobh na slándála nó an oird phoiblí de.

Saorghluaiseacht chaipitil agus saoirse bunaíochta

Tá feidhm ag an rialachán atá beartaithe maidir le hinfheistíochtaí lena mbunaítear nó lena gcoinnítear nasc eacnamaíoch fadtéarmach ar bun idir infheisteoir coigríche agus an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais. Áirítear leis sin, mar shampla, scairshealbhú tromlaigh nó iomlán a fháil, mar aon le haon scair a fháil lena ndeonaítear cearta don infheisteoir coigríche chun oibríochtaí na sprice de chuid an Aontais a rialú nó chun dul i bhfeidhm orthu, nó chun saoráidí a chur ar bun san Aontas (infheistíochtaí i láithreán úrnua). Na hinfheistíochtaí sin, i gcás ina mbaineann siad le gluaiseacht laistigh den Aontas Eorpach, is faoi réim réimse na saoirse bunaíochta a thagann siad den chuid is mó dá bhrí sin. Tá forálacha an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir leis an tsaoirse bunaíochta le fáil in Airteagail 49-55 CFAE. Bunaítear an prionsabal ginearálta leis na forálacha sin go dtoirmisctear srianta ar an tsaoirse bunaíochta mura bhfuil cúiseanna sonracha an oird phoiblí, na slándála nó na sláinte ina mbonn cirt leo, mar a leagtar amach in Airteagal 52(1) CFAE. Ní féidir leis na Ballstáit brath ar fhoras beartais phoiblí agus slándála poiblí chun infheistíochtaí a shrianadh ach amháin i gcás ina bhfuil bagairt dháiríre atá tromchúiseach a dhóthain ar cheann de leasanna bunúsacha na sochaí agus mura bhfuil bearta nach bhfuil chomh sriantach céanna leordhóthanach chun déileáil leis an mbagairt sin. Shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais go gcumhdaítear idir shlándáil inmheánach agus shlándáil sheachtrach an Stáit le coincheap na slándála poiblí.

Níl feidhm ag na forálacha sin, áfach, ach amháin maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha Bhallstáit an Aontais agus dá bhrí sin, níl na forálacha ábhartha i gcás IDCanna ó thír nach de chuid an Aontais í isteach san Aontas. Dá bhrí sin, na disciplíní maidir le scagadh IDC ó thír nach de chuid an Aontais í isteach san Aontas mar a leagtar amach sa rialachán atá beartaithe, ní idirghníomhaíonn siad leis na forálacha maidir leis an tsaoirse bunaíochta.

Leis an rialachán atá beartaithe, leathnaítear raon feidhme an rialacháin atá i bhfeidhm faoi láthair freisin chun infheistíochtaí áirithe laistigh den Aontas Eorpach a ghabháil, arb infheistíochtaí atá á rialú ag infheisteoirí neamh-AE atá i gceist. Mar a mhínítear níos déanaí, tá an leathnú sin tábhachtach chun grúpa sonrach infheistíochtaí den sórt sin a thabhairt isteach faoi raon feidhme an Rialacháin, i gcás ina mbunaíonn nó ina gcoinníonn siad nasc eacnamaíoch fadtéarmach ar bun idir an t-infheisteoir neamh-AE agus an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais. Is eintiteas AE a dhéanann na hinfheistíochtaí sin, ach is é ag an infheisteoir neamh-AE atá an t-eintiteas sin á rialú agus is leis an infheisteoir neamh-AE atá an chumhacht chinnteoireachta ar an infheistíocht fós. Dá bhrí sin, is iomchuí a áirithiú maidir le láimhseáil na n-idirbheart sin – agus go sonrach na heilimintí lenar féidir difear a dhéanamh do chinneadh chun an t-idirbheart a scagadh nó bearta breise a dhéanamh lena maolófar tionchair ar ábhair imní slándála náisiúnta nó oird phoiblí – go mbeidh an láimhseáil sin i gcomhréir le láimhseáil na n-infheistíochtaí díreacha coigríche, oiread agus is indéanta, chun cás a sheachaint inarb amhlaidh, chun críocha an rialacháin atá beartaithe, go ndéantar infheistíochtaí lena mbaineann rioscaí inchomparáide le haghaidh an Aontais, a láimhseáil ar bhealach difriúil.

Ina leith sin, leis an measúnú ar an riosca is dócha a bheidh ann don tslándáil agus ord poiblí, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a choinneáil ar bun chun go mbeidh sé indéanta carachtar agus struchtúr sonrach na n-infheistíochtaí laistigh den Aontas Eorpach, a dhéanann fochuideachtaí AE de chuid infheisteoirí coigríche, a chur san áireamh. Nasc soiléir le

hinfheisteoir coigríche, in éineacht leis na critéir shonracha eile dá ndéantar foráil leis an Rialachán i leith raon feidhme na n-idirbheart a chumhdaítear (lena n-áirítear liosta sonrach na réimsí ina ndéantar an infheistíocht nó an aird ar leith a thugtar ar láithreacht phoiblí an infheisteora coigríche sa struchtúr úinéireachta, mar aon leis an bhfíoras go bhféadfaí an t-infheisteoir coigríche a scagadh toisc go bhfuil sé faoi réir smachtbhannaí an Aontais), is nithe iad sin uile lena gcuirtear saintréithe sonracha na hinfheistíochta i dtábhacht a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhair imní shonracha ó thaobh na slándála agus an oird phoiblí de agus ar gá iad a bhainistiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Baineann na hábhair imní sin le IDCanna agus le hinfheistíochtaí laistigh den Aontas Eorpach i gcás ina bhfuil an t-eintiteas AE á rialú ag infheisteoir neamh-AE. Mar sin féin, níl na hábhair imní sin bainteach go nádúrtha le hinfheistíochtaí eile laistigh den Aontas Eorpach mar nach bhfuil aon rannpháirtíocht ag infheisteoirí coigríche i gceist, agus ba cheart é a bheith indéanta (i gcás ina bhfuil bonn cirt leis agus ina bhfuil sé comhréireach) an difríocht sin a léiriú ó thaobh na slándála agus an oird phoiblí de agus measúnú á dhéanamh ar an infheistíocht.

Ar an mbonn sin is indéanta, idirdhealú a dhéanamh idir cur i bhfeidhm shaoirsí an mhargaidh inmheánaigh maidir le hinfheistíochtaí laistigh den Aontas Eorpach i gcás ina bhfuil an t-eintiteas AE á rialú ag infheisteoir ó thríú tír agus cásanna nach bhfuil i gceist leo ó thaobh an dlí de ach gnéithe inmheánacha ó thaobh an Aontais Eorpaigh de agus é sin amháin. Dá dheasca sin, faoin gConradh, srianta ar idirbhearta a bhaineann le tír nach de chuid an Aontais í, d'fhéadfaidís a bheith bunaithe ar bhreithnithe difriúla. Is iomchuí é sin freisin i bhfianaise go ndéantar na hidirbhearta sin a scagadh mar chuid de shásra comhair uile-Aontais.

Chun comhsheasmhacht agus intuarthacht an mheasúnaithe ó Bhallstát go chéile a áirithiú, is iomchuí freisin maidir leis na critéir agus na heilimintí a bheidh le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche, go mbunófar trí ghníomhaíocht an Aontais iad trí bhíthin an rialacháin atá i bhfeidhm faoi láthair.

Forálacha den Chonradh a bhaineann le saorchúrsaíocht an chaipitil, níl siad ábhartha ach i gcás tacar imeallach idirbheart, mar a mhínítear thuas, i bhfianaise freisin go ndéanfar infheistíochtaí punainne a eisiamh go sainráite ó raon feidhme an rialacháin atá beartaithe. In aon chás, tá feidhm ag na breithnithe a rinneadh thuas i leith an bonn a d'fhéadfadh a bheith ann leis an tsaorchúrsaíocht chaipitil a theorannú, rud a leagtar amach in Airteagal 65(1)(b) CFAE agus a bhaineann leis an tslándáil phoiblí, ord poiblí nó sláinte. Ina leith sin freisin, tá sé tábhachtach a áirithiú maidir leis an mbonn le hidirbhearta a scagadh, arb idirbhearta iad arb é is aidhm ar deireadh dóibh nasc fadtéarmach a bhunú le hinfheisteoir neamh-AE, go láimhseálfar na hidirbhearta sin go comhsheasmhach (ó thaobh an tslándáil agus an t-ord poiblí a chosaint de) agus maidir le haon ábhair imní ar leith a d'fhéadfadh teacht chun cinn nuair a bhaineann an t-idirbheart le hinfheisteoir coigríche (fiú i gcás ina ndéantar an t-idirbheart trí eintiteas atá bunaithe san Aontas ach atá á rialú ag infheisteoir coigríche), go gcuirfear na hábhair imní sin san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an infheistíocht.

Tá na breithnithe sin gan dochar don fhéidearthacht go ndéanfaidh na Ballstáit infheistíochtaí coigríche a theorannú a thuilleadh, sa bhreis ar chritéir agus ar raon feidhme an rialacháin atá beartaithe, ar choinníoll go mbeidh na teorainneacha sin i gcomhréir le hAirteagal 65(1)(b) nó Airteagal 52(1) CFAE (de réir mar is infheidhme).

<u>Rialachán um Chumaisc an Aontais</u>

Féadfaidh infheistíochtaí díreacha coigríche a bheith i bhfoirm cumasc, éadálacha nó comhfhiontar arb é atá iontu agus comhchruinnithe a thagann faoi raon feidhme Rialachán an

Aontais um Chumaisc [5]. A mhéid a bhaineann leis na comhchruinnithe sin, le hAirteagal 21(4) de Rialachán an Aontais um Chumaisc ceadaítear do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh d'fhonn leasanna dlisteanacha a chosaint ar choinníoll go bhfuil siad comhoiriúnach le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus d'fhorálacha eile de dhlí an Aontais. Chuige sin, le hAirteagal 21(4), an dara mír, aithnítear go sainráite mar leasanna dlisteanacha cosaint na slándála poiblí, iolracht na meán agus rialacha stuamachta. I dtaca le cinntí maidir le scagadh arna ndéanamh faoin rialachán atá beartaithe chun na leasanna sin a chosaint, ní gá na cinntí sin a chur in iúl don Choimisiún faoin tríú mír d'Airteagal 21(4), ar choinníoll go bhfuil siad comhoiriúnach le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus d'fhorálacha eile de dhlí an Aontais. Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil rún ag Ballstát cinneadh a dhéanamh maidir le scagadh faoin Rialachán atá beartaithe d'fhonn leasanna poiblí eile a chosaint, is gá dó faoin tríú mír d'Airteagal 21(4) sin a chur in iúl don Choimisiún má bhaineann an cinneadh le comhchruinniú a thagann faoi raon feidhme Rialachán an Aontais maidir le Cumaisc. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear an rialachán atá beartaithe agus Airteagal 21(4) i bhfeidhm ar dhóigh chomhsheasmhach [6]. A mhéid atá raon feidhme an dá rialachán sin, faoi seach, ag forluí ar a chéile, maidir leis an tionchar is dócha a bheidh ar an tslándáil nó ar an ord poiblí agus a chinnfear ar bhonn na mbreithnithe a leagtar amach in Airteagal 13 den rialachán atá beartaithe agus coincheap na leasanna dlisteanacha de réir bhrí an tríú mír d'Airteagal 21(4) de Rialachán um Chumaisc an Aontais, ba cheart iad a léirmhíniú ar bhealach comhsheasmhach agus gan dochar don mheasúnú ar a mhéid atá na bearta náisiúnta, arb é is aidhm dóibh na leasanna sin a chosaint, comhoiriúnach le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus le forálacha eile de dhlí an Aontais.

An Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha

I dtaca leis an measúnú riosca faoi scagadh IDC, cé go bhféadfaí a chur san áireamh leis cé acu atá an t-infheisteoir coigríche faoi rialú díreach nó indíreach rialtais tír nach de chuid an Aontais í (lena n-áirítear trí struchtúr úinéireachta nó trí chistiú suntasach), is é is cuspóir don mheasúnú sin a chinneadh cé acu is dócha go ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh IDC difear diúltach do shlándáil nó d'ord poiblí an Aontais. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil margadh inmheánach an Aontais saofa le fóirdheontais eachtracha le blianta beaga anuas agus, go dtí gur tháinig an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha [7] (FSR), ní raibh aon ionstraim ann chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na bhfóirdheontas eachtrach ar an iomaíocht chóir sa mhargadh inmheánach ná chun an tionchar sin a chomhrac. Níor seiceáladh fóirdheontais arna ndeonú ag tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, ach bhí fóirdheontais arna ndeonú ag na Bhallstáit faoi réir grinnscrúdú faoi rialacha an Aontais maidir leis an Státchabhair – i gcás inarb é an riail go dtoirmisctear iad agus inarb eisceacht é a n-údarú.

Le FSR, tugtar aghaidh ar an saobhadh sin agus dúntar bearna a bhí ann ó thaobh na rialála de, agus coimeádtar an margadh inmheánach oscailte don trádáil agus don infheistiú an tráth céanna.

---

5 Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2004/139/oj).

6 Chun cur chun feidhme rianúil an tsásra comhair de bhun Chaibidil 3 den rialachán atá beartaithe agus an nós imeachta de bhun Airteagal 21(4) de Rialachán um Chumaisc an Aontais a áirithiú, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideadh do na Ballstáit a shonrú cé acu is dócha go dtiocfaidh nó nach dtiocfaidh idirbheart faoi raon feidhme Rialachán um Chumaisc an Aontais nuair a thugann siad fógra faoi idirbheart de bhun Airteagal 5 den rialachán atá beartaithe.

7 Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lgh. 1–45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2560/oj).

Faoi FSR, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar ranníocaíochtaí airgeadais arna ndeonú ag rialtais neamh-AE do chuideachtaí atá gníomhach san Aontas. Má chinneann an Coimisiún go gcuimsítear fóirdheontais shaobhacha leis na ranníocaíochtaí airgeadais sin, is féidir leis bearta a fhorchur chun a n-iarmhairtí saobhacha a chúiteamh. Tugtar trí nós imeachta isteach leis an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha:

- nós imeachta atá bunaithe ar fhógra, chun imscrúdú a dhéanamh ar chomhchruinnithe a bhfuil baint acu le ranníocaíochtaí airgeadais arna ndeonú ag rialtais neamh-AE – i gcás ina ndéanann an gnóthas a fuarthas, ceann amháin de na gnóthais atá i mbun cumaisc nó an comhfhiontar láimhdeachas EUR 500 milliún ar a laghad a ghiniúint san Aontas agus gur deonaíodh do na páirtithe ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha de bhreis agus EUR 50 milliún le 3 bliana anuas;
- nós imeachta atá bunaithe ar fhógra, chun imscrúdú a dhéanamh ar thairiscintí i nósanna imeachta soláthair phoiblí a bhfuil baint acu le ranníocaíochtaí airgeadais arna ndeonú ag rialtais neamh-AE – ina mbeidh luach measta an chonartha EUR 250 milliún ar a laghad agus ina mbeidh baint ag an tairiscint le ranníocaíocht airgeadais eachtrach dar luach EUR 4 mhilliún ar a laghad in aghaidh na tíre nach de chuid an Aontais í le 3 bliana anuas; agus
- nós imeachta *féintionscnaimh* chun imscrúdú a dhéanamh ar na cásanna margaidh eile uile, inar féidir leis an gCoimisiún tús a chur le hathbhreithniú ar a thionscnamh féin.

I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún athbhreithniú tosaigh a sheoladh ar cé acu is nó nach fóirdheontas eachtrach atá sa ranníocaíocht airgeadais agus cé acu a shaobhtar nó nach saobhtar an margadh inmheánach leis, tá an Coimisiún leis na Ballstáit a chur ar an eolas arb iad na Ballstáit sin a thug fógra don Choimisiún faoi nós imeachta náisiúnta de bhun an Rialacháin.

A mhéid a bheidh raon feidhme an dá rialachán faoi seach ag forluí ar a chéile, ba cheart an foras leis an scagadh a leagtar amach in Airteagal 1 den Rialachán atá beartaithe a bheith gan dochar don mheasúnú a dhéanfaidh an Coimisiún de bhun FSR ar cé acu is nó nach fóirdheontas eachtrach atá sa ranníocaíocht airgeadais atá faoi scrúdú agus cé acu a shaobhtar nó nach saobhtar an margadh inmheánach leis.

Athléimneacht eintiteas criticiúil

Foráiltear le Treoir 2008/114/CE ón gComhairle[8] maidir le nós imeachta chun bonneagar criticiúil Eorpach in earnálacha an fhuinnimh agus an iompair a ainmniú, ar bonneagar é a mbeadh tionchar suntasach trasteorann ag a shuaitheadh nó a scriosadh ar dhá Bhallstát ar a laghad ach inarb amhlaidh nach ndírítear leis an nós imeachta ach ar bhonneagar criticiúil sa dá earnáil sin a chosaint agus air sin amháin. An tábhacht a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar athléimneacht na n-eintiteas criticiúil ar bhonn cuimsitheach (i.e. eintitis a shainaithníonn na Ballstáit mar eintitis chriticiúla ina gcríoch), aithníodh an tábhacht sin leis an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil[9] (Treoir CER) agus cruthaíodh léi creat uileghabhálach lena dtugtar aghaidh ar athléimneacht na n-eintiteas sin i ndáil le gach cineál guaise, bíodh sé

[8] Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair ríthábhachtacha Eorpacha a shainaithint agus a ainmniú agus maidir le measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le cosaint na mbonneagar sin a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75–82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/114/oj)

[9] Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164–198, ELI:http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2557/oj).

guaiseacha nádúrtha nó de dhéantús an duine, guaiseacha taismeacha nó d'aon ghnó. Le Treoir CER, cuirtear é de cheangal ar na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh chun a áirithiú go soláthrófar ar bhealach gan bhac sa mhargadh inmheánach seirbhísí atá fíor-riachtanach chun feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha ríthábhachtacha in 11 earnáil a choinneáil ar bun. Tháinig Treoir CER i bhfeidhm an 16 Eanáir 2023 agus tá go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2024 ag na Ballstáit chun a ceanglais a thrasuí i ndlí náisiúnta.

A mhéid atá raon feidhme chur i bhfeidhm an rialacháin atá beartaithe ag forluí ar Threoir CER, rud ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú ar infheistíochtaí coigríche chun críoch an rialacháin atá beartaithe is ea sprioc-chuideachta de chuid an Aontais a shainaithint mar eintiteas criticiúil.

Cibearshlándáil

Rialacha cibearshlándála an Aontais a tugadh isteach in 2016[10], tugadh cothrom le dáta iad leis an Treoir maidir le hardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (Treoir NIS2) [11], Treoir lenar nuachóiríodh an creat dlíthiúil atá ann cheana chun coinneáil suas leis an digitiú méadaithe agus leis na hathruithe atá ag teacht ar thimpeallacht na bagartha cibearshlándála trí raon feidhme níos leithne, rialacha níos soiléire agus uirlisí maoirseachta níos láidre. Le Treoir NIS2 leathnaítear raon feidhme na rialacha cibearshlándála chun earnálacha agus eintitis nua a chuimsiú agus tugtar tairseach shoiléir isteach maidir le méid, rud a chiallaíonn, go hiondúil, go gcuimseofar na cuideachtaí meánmhéide agus móra uile sna hearnálacha roghnaithe sa raon feidhme. Le Treoir NIS2 déantar ceanglais slándála agus tuairiscithe a láidriú agus a chuíchóiriú freisin le haghaidh eintitis phoiblí agus phríobháideacha trí chur chuige bainistíochta riosca a fhorchur.

Le Treoir NIS2 tugtar aghaidh ar shlándáil na slabhraí soláthair agus ar chaidreamh le soláthróirí trína chur de cheangal ar eintitis atá faoina raon feidhme aghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándála ina slabhraí soláthair agus ina gcaidreamh le soláthróirí. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, láidrítear leis an Treoir cibearshlándáil an tslabhra soláthair i gcás príomhtheicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Féadfaidh Grúpa Comhair NIS[12], i gcomhar leis an gCoimisiún agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil measúnuithe riosca slándála arna gcomhordú ar leibhéal an Aontais a dhéanamh ar shlabhraí soláthair criticiúla. Tháinig Treoir NIS2 i bhfeidhm an 16 Eanáir 2023 agus beidh go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2024 chun a ceanglais a thrasuí i ndlí náisiúnta.

A mhéid atá raon feidhme an rialacháin atá beartaithe ag forluí ar Threoir NIS2, rud ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú ar infheistíochtaí coigríche chun críche an rialacháin atá beartaithe is ea go dtagann sprioc-chuideachta de chuid an Aontais faoi raon feidhme Threoir NIS2 freisin, mar aon le torthaí na measúnuithe riosca slándála arna gcomhordú ar leibhéal an Aontais ar shlabhraí soláthair criticiúla a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) 2022/2555.

---

[10] Treoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta chun leibhéal ard coiteann slándála líonra agus córas faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lgh. 1–30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/1148/oj).

[11] Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80–152,ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj).

[12] Arna bhunú de bhun Airteagal 14 de Threoir (AE) 2016/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 maidir le bearta chun leibhéal ard coiteann slándála líonra agus córas faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais (IO L 194, 19.7.2016, lgh. 1–30, ELI:http://data.europa.eu/eli/dir/2016/1148/oj)

Fuinneamh

In imeacht na mblianta, ghlac an tAontas reachtaíocht chun feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair i réimse an fhuinnimh san Aontas agus sna Ballstáit. Leis na Treoracha maidir le Leictreachas agus Gás[13] ceanglaítear measúnú a dhéanamh ar impleachtaí ó thaobh shlándáil an tsoláthair de ní hamháin i gcás na mBallstát aonair ach i gcás an Aontais ina iomláine, más rud é go bhfuil córas tarchurtha gáis nó leictreachais de chuid Ballstáit á rialú ag oibreoir ó thír nach tír de chuid an Aontais í. Thairis sin, leis an Rialachán maidir le Slándáil an tSoláthair Gáis san Aontas [14]dírítear go sonrach ar ábhair imní a bhaineann le slándáil an tsoláthair agus cuirtear é de cheangal ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, ar na rioscaí uile a d'fhéadfadh a bheith ann don chóras gáis (lena n-áirítear rioscaí atá bainteach leis an rialú a dhéanann eintitis tríú tír ar bhonneagar atá ábhartha do shlándáil an tsoláthair) agus cuirtear é de cheangal orthu pleananna cuimsitheacha um ghníomhaíocht choisctheach agus pleananna éigeandála cuimsitheacha a ullmhú ina mbeidh bearta chun na rioscaí sin a mhaolú. Sa Rialachán maidir le Riosca-Ullmhacht in Earnáil an Leictreachais [15] tá forálacha comhchosúla le haghaidh na hearnála leictreachais. Déantar eintitis áirithe in earnáil an fhuinnimh a chuimsiú go sainráite faoi raon feidhme na Treorach maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil.

I gcás inarb amhlaidh, tar éis infheistíocht choigríche, go n-iarrtar deimhniúchán de bhun Airteagal 10 den Treoir maidir le Leictreachas nó den Treoir maidir le Gás, ba cheart cur i bhfeidhm an rialacháin atá beartaithe a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm na treorach ábhartha. A mhéid a bheidh raon feidhme chur i bhfeidhm an dá riail faoi seach ag forluí ar a chéile, maidir leis an bhforas leis an scagadh a leagtar amach in Airteagal 1 den rialachán atá beartaithe agus coincheap shlándáil an tsoláthair fuinnimh, ba cheart an foras agus an coincheap sin a léirmhíniú ar bhealach comhleanúnach agus gan dochar don mheasúnú de bhun na treorach ábhartha ar cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh maidir le rialú ó dhuine nó ó dhaoine ó thír nach de chuid an Aontais í nó ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, go gcuirfear slándáil an tsoláthair fuinnimh don Aontas i mbaol.

Aeriompar

Le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 [16] leagtar síos rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú seirbhísí aeriompair san Aontas, lena n-áirítear ceadúnú aeriompróirí de chuid an Aontais agus trédhearcacht ó thaobh praghsanna de. Leis an Rialachán, ceanglaítear (mar cheann amháin de na coinníollacha chun ceadúnas oibríochta a dheonú do ghnóthas a cheadófar chun paisinéirí, post nó lasta a iompar d'aer ar íocaíocht nó ar fruiliú) gur le

---

13 Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach do leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/944/oj) agus Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/73/oj).

14 Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2017, lgh. 1–56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1938/oj).

15 Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/CE (IO L 158, 14.6.2019, lgh. 1–21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/941/oj).

16 Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal (Athmhúnlú) (IO L 293, 31.10.2008, lgh. 3–20, http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1008/oj).

Ballstáit nó le náisiúnaigh Ballstáit níos mó ná 50 % den ghnóthas agus gurb iad a rialaíonn é go héifeachtúil é seachas ‘mar a fhoráiltear i gcomhaontú le tríú tír ar páirtí ann an Comhphobal’ (Airteagal 4).

Tá feidhm ag an rialachán atá beartaithe maidir le hinfheistíochtaí coigríche atá faoi bhun na tairsí a leagtar amach le Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008. Dá bhrí sin, ceadaítear leis an rialachán measúnú a dhéanamh ar cé acu is dócha nó nach dócha, le hinfheistíocht choigríche i ngnóthas de chuid an Aontais a sholáthraíonn aersheirbhísí san Aontas, go ndéanfar difear diúltach don slándáil nó don ord poiblí. I gcás ina mbeidh infheistíocht choigríche faoi réir an rialacháin atá beartaithe, ba cheart cur i bhfeidhm an rialacháin atá beartaithe a bheith gan dochar do chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008.

Measúnuithe stuamachta ar éadálacha agus ar mhéaduithe ar shealúchais cháilitheacha san earnáil airgeadais

Le reachtaíocht an Aontais san earnáil airgeadais, tugtar de chumhacht d’údaráis inniúla measúnú stuamachta a dhéanamh ar éadálacha agus ar mhéaduithe ar shealúchais in institiúidí airgeadais (i.e. institiúidí creidmheasa, gnólachtaí infheistíochta, agus institiúidí íocaíochta). Is é is cuspóir do na forálacha sin bainistíocht fhónta agus stuama na n-institiúidí airgeadais agus feidhmiú rianúil na hearnála airgeadais a áirithiú.

Dá ainneoin sin, mar a aithníodh i dTeachtaireacht 2021 ón gCoimisiún ‘ *The European economic and financial system: fostering openness, strength and resilience’ [An córas eacnamaíoch agus airgeadais Eorpach: oscailteacht, neart agus athléimneacht a chothú],*[17] baineann príomhthábhacht leis an earnáil airgeadais maidir le slándáil agus athléimneacht eacnamaíoch gheilleagar an Aontais. Agus tábhacht an chórais airgeadais don tslándáil agus don ord poiblí á haithint, leis an rialachán atá beartaithe, cuirtear de cheangal ar na Ballstáit uile scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche i liosta eintiteas a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus fógra a thabhairt do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoi na hidirbhearta sin a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 5(1) agus 5(2) den rialachán atá beartaithe.

Tá na heintitis airgeadais a liostaítear in Iarscríbhinn II criticiúil d’imréiteach agus do shocrú rianúil na n-idirbheart airgeadais (íocaíochtaí, urrúis agus díorthaigh), ar próiseas é sin a fhágann gurb indéanta an trádáil inmheánach agus sheachtrach agus atá ina bhonn le haghaidh ról idirnáisiúnta an euro. Thairis sin, na heintitis airgeadais a liostaítear in Iarscríbhinn II, déanann siad feidhmeanna fíor-riachtanacha ar mhaithe leis an tsochaí agus bíonn gníomhaíocht trasteorann acu de ghnáth, dá bhrí sin, is féidir rioscaí a bheith i gceist leo do shlándáil nó d’ord poiblí níos mó ná aon Bhallstát amháin.

Ní dhéanfaidh an rialachán atá beartaithe difear do rialacha an Aontais maidir leis an athbhreithniú stuamachta ar shealúchais cháilitheacha san earnáil airgeadais a fháil, athbhreithniú a bheidh ina nós imeachta sainiúil i gcónaí a chomhlíonfaidh cuspóir nach ionann é agus measúnú a dhéanamh ar rioscaí don tslándáil agus don ord poiblí.

[17] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún ‘*The European economic and financial system: fostering openness, strength and resilience*’ [[An córas eacnamaíoch agus airgeadais Eorpach: oscailteacht, neart agus athléimneacht a chothú] COM/2021/32 final.

Rialú ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide

Is éard is ítimí dé-úsáide ann earraí, bogearraí agus teicneolaíocht ar féidir iad a úsáid chun feidhmeanna sibhialta agus míleata araon. Onnmhairiú, idirthuras, bróicéireacht agus cúnamh teicniúil na n-ítimí sin, rialaíonn an tAontas iad chun gur féidir leis an Aontas rannchuidiú leis an tsíocháin agus leis an slándáil idirnáisiúnta agus leathadh arm ollscriosta a chosc. Rinneadh athbhreithniú in 2021 ar Rialachán an Aontais maidir le rialuithe ar onnmhairí dé-úsáide [18] chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach níos fearr, ar na rioscaí a bhaineann leis an timpeallacht slándála, teicneolaíochta agus trádála atá ag athrú go tapa, agus béim ar leith á leagan ar onnmhairiú teicneolaíochtaí íogaire atá ag teacht chun cinn. Comhlánaíonn an scagadh infheistíochtaí an rialú ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide. Is uirlisí tábhachtacha iad araon le haghaidh rialuithe straitéiseacha trádála agus infheistíochta chun an tslándáil san Aontas a áirithiú.

Leis an rialachán atá beartaithe, cuirtear é de cheangal ar na Ballstáit infheistíochtaí coigríche a scagadh agus fógra a thabhairt fúthu don sásra comhair, i gcás inarb amhlaidh maidir leis an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais go bhfuil sé de chumhacht aici cinneadh a dhéanamh ítimí a onnmhairiú ó chríoch chustaim an Aontais.

Ní dhéanfaidh an rialachán atá beartaithe difear d'fhorálacha ná do chinntí náisiúnta lena ndéantar difear d'onnmhairí ítimí dé-úsáide, nithe a bheidh ina nós imeachta sainiúil i gcónaí a mbainfidh cuspóirí sonracha leo.

An Ionstraim Frith-Chomhéigin

Bloc tógála tábhachtach eile le haghaidh shlándáil eacnamaíoch an Aontais atá san ionstraim frith-chomhéigin (ACI) [19]. Leis an ionstraim, cuirtear é ar chumas don Aontais freagairt don chomhéigean eacnamaíoch agus dá bhrí sin a leasanna agus leasanna a mBallstát a chosaint ar bhealach níos fearr ar bhonn domhanda.

Thar aon ní eile, dearadh ACI chun aon chomhéigean eacnamaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann a dhíspreagadh. Má tharlaíonn comhéigean eacnamaíoch dá ainneoin sin, déantar foráil leis an Ionstraim maidir le struchtúr chun é a chur ina luí ar thír nach de chuid an Aontais í stop a chur lena bearta comhéigneacha, trí idirphlé agus trí rannpháirtíocht. Mar sin féin, má theipeann ar an rannpháirtíocht, déantar foráil leis an Ionstraim maidir le réimse leathan frithbheart don Aontas a d'fhéadfaí a úsáid in aghaidh tír chomhéigneach. Áirítear orthu sin taraifí a fhorchur, srianta ar an trádáil i seirbhísí agus srianta ar an rochtain ar IDC nó ar sholáthar poiblí.

Dá mba rud é go gcuirfí an rialachán atá beartaithe i bhfeidhm maidir le hinfheisteoirí coigríche ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad atá faoi réir frithbhearta de bhun ACI, maidir leis an measúnú ar cé acu is dócha nó nach dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí, b'éigean an measúnú sin a dhéanamh gan dochar do choincheap an chomhéigin, ach amháin i gcás ina dtiocfadh rioscaí don tslándáil nó don ord poiblí chun cinn de thoradh comhéigean. Thairis sin, maidir le cinntí na mBallstát i dtaca le scagadh ar fhoras na slándála nó an oird phoiblí, b'éigean na cinntí sin

[18] Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) – (IO L 206, 11.6.2021, lgh. 1–461, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj).

[19] Rialachán (AE) 2023/2675 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha (IO L, 2023/2675, 07.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2675/oj).

a bheith gan dochar do bhearta a d'fhéadfadh an tAontas a dhéanamh arbh é ab aidhm dóibh an comhéigean eacnamaíoch a chomhrac.

Bearta sriantacha an Aontais (smachtbhannaí)

Tá an rialachán atá beartaithe i gcomhréir le bearta sriantacha an Aontais (smachtbhannaí), dá dtugtar, bunaithe ar Airteagal 215 CFAE, tosaíocht ar rialacháin eile an Aontais agus lena bhféadfaí údarú infheistíochtaí ó thíortha áirithe nach Ballstáit den Aontas iad nó ó náisiúnaigh áirithe ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a thoirmeasc nó a d'fhéadfadh a bheith ina mbac ar údarú na n-infheistíochtaí sin.

Tá feidhm ag bearta sriantacha an Aontais maidir le réimse eintiteas, lena n-áirítear maidir le haon duine laistigh nó lasmuigh de chríoch an Aontais ar náisiúnach de Bhallstát é, maidir le haon duine, eintiteas nó comhlacht dlítheanach, laistigh nó lasmuigh de chríoch an Aontais, atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, agus maidir le haon duine, eintiteas nó comhlacht dlítheanach i leith aon ghnó a dhéantar go hiomlán nó go páirteach laistigh den Aontas.

Is féidir le bearta sriantacha an Aontais a bheith i bhfoirm bearta a bhaineann go sonrach le cuideachtaí, grúpaí, eagraíochtaí, nó daoine aonair (e.g. reo sócmhainní agus toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil) nó i bhfoirm bearta earnálacha.

Is é tuairim an Choimisiúin go mbaineann an reo sócmhainní, agus toirmeasc ar chistí a chur ar fáil, le sócmhainní aon eintitis neamhainmnithe, atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nó eintitis ainmnithe, ach amháin más féidir a chruthú nach bhfuil na sócmhainní lena mbaineann faoi úinéireacht ná faoi rialú an duine nó an eintitis ainmnithe i ndáiríre.

Aon iarracht ó dhaoine, atá ainmnithe nó faoi réir smachtbhannaí ina mhalairt de chás, chun rialú ar ghnólachtaí an Aontais a fháil, go díreach nó go hindíreach, tá sé tábhachtach na hiarrachtaí sin a rialú go dian agus go docht. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach gur cheart feidhm a bheith ag an riail sin freisin i gcás nach bhfuil an t-infheisteoir faoi réir smachtbhannaí go díreach ach ina bhfuil sé faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nó eintitis den sórt sin, nó ag gníomhú thar a cheann nó faoina stiúir. Dá bhrí sin, leis an rialachán atá beartaithe, chuirfí é de cheangal ar na Ballstáit fógra a thabhairt do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoi aon infheistíocht choigríche ina chríoch arna déanamh ag infheisteoirí atá faoi réir aon chineál beart sriantach de chuid an Aontais, mar aon le haon pháirtí eile atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine nó eintitis den sórt sin, nó ag gníomhú thar a cheann nó faoina stiúir.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

2.1. Bunús dlí

Cuimsítear IDCanna go sainráite faoi raon feidhme chomhbheartas tráchtála an Aontais, atá faoi Airteagal 207 CFAE. Thairis sin, is gá Airteagal 114 CFAE a úsáid mar bhunús dlí breise, lena ndéantar foráil maidir le bearta a ghlacadh chun bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Leis an bhforáil sin, éascaítear glacadh beart le haghaidh chomhfhogasú na bhforálacha arna leagan síos trí bhíthin dlí, rialacháin, nó gnímh riaracháin sna Ballstáit, bearta arb é is cuspóir dóibh bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Is í an fhoráil sin an bunús dlí iomchuí le haghaidh idirghabháil lena gcuirtear é de cheangal ar na Ballstáit infheistíochtaí áirithe laistigh den mhargadh inmheánach a scagadh agus lena dtugtar aghaidh ar dhifríochtaí idir na sásraí um scagadh de chuid na mBallstát, ar sásraí iad a d'fhéadfadh bac chur ar na saoirsí bunúsacha agus ag a bhféadfadh éifeacht dhíreach ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

Tá difríochtaí i ndlíthe náisiúnta agus tá méadú ag teacht ar na difríochtaí sin i bhfianaise go gcoinníonn roinnt Ballstát sásraí um scagadh ar bun cheana féin, agus tá roinnt díobh i mbun an phróisis chun sásraí den sórt sin a bhunú a bhainfidh le hinfheistíochtaí laistigh den Aontas Eorpach. Cás sin na hilroinnte rialála, a mhéid atá na sásraí náisiúnta um scagadh difriúil ó thaobh na n-eilimintí sonracha de, amhail a raon feidhme (na cineálacha gníomhaíochtaí agus earnálacha a chumhdaítear), mar aon leis na sprioc-amanna a bhaineann leo (fad an mheasúnaithe agus na tréimhse chun cinneadh a fháil ón údarás náisiúnta), ceanglais nós imeachta, agus na critéir a chuirtear i bhfeidhm i dtaca leis an éifeacht dhiúltach dhóchúil ar an tslándáil nó ar an ord poiblí. Is amhlaidh is ábhartha an méid sin i bhfianaise leibhéal comhtháthaithe an mhargaidh inmheánaigh, a fhágann go bhféadfadh idirbheart aonair difear a dhéanamh do Bhallstáit éagsúla ar fud an Aontais.

Cuireann an ilroinnt sin constaicí ar an tsaoirse bunaíochta agus is dócha go dtiocfaidh méadú ar an ilroinnt sin i bhfianaise an líon Ballstát a choinníonn sásra um scagadh ar bun. Tá sé d'aidhm ag na bearta comhchuibhithe atá beartaithe (i) cothroime iomaíochta a chruthú i measc na mBallstát, (ii) costais chomhlíontachta atá ann cheana a laghdú d'infheisteoirí coigríche mar aon le (iii) cosc a chur ar chonstaicí breise teacht chun cinn sa mhargadh inmheánach le haghaidh infheistíochtaí.

I gcomhréir le cuspóir an togra seo i dtaca leis an margadh inmheánach, déantar foráil leis gur ghá scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche áirithe, gan beann ar an mBallstát nó ar na Ballstáit ina bhfuil an sprioc-chuideachta suite. Ina theannta sin, déantar foráil leis an togra maidir le measúnú a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche in aghaidh caighdeáin agus amlínte comhchuibhithe. I bhfianaise an mhéid thuas, tá gá le méid comhchuibhithe níos airde ar leibhéal an Aontais, dá bhrí sin, is bunús dlí ábhartha é Airteagal 114 CFAE le haghaidh an tionscnaimh sin.

Le húsáid Airteagal 114 CFAE, déantar foráil maidir le hinfheistíochtaí áirithe laistigh den Aontas Eorpach a chuimsiú faoi raon feidhme an rialacháin atá beartaithe. Is é is aidhm dó sin a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar rioscaí don tslándáil agus don ord poiblí a bhaineann leis na hidirbhearta sin. Go sonrach, bheadh an rialachán atá beartaithe teoranta do na hinfheistíochtaí sin laistigh den Aontas Eorpach arb amhlaidh an méid seo a leanas maidir leo:

(i) is é fochuideachta infheisteora coigríche san Aontas a dhéanann na hinfheistíochtaí, i gcás ina bhfuil an fhochuideachta faoi rialú díreach nó indíreach ag infheisteoir coigríche. Eintitis nach bhfuil rannpháirtíocht aon tríú tír iontu, nó nach bhfuil ach rannpháirtíocht neamh-urlamháis ó infheisteoir coigríche (infheistíochtaí punainne) iontu, ní chumhdaítear iad;

(ii) tá sé d'aidhm acu nasc fadtéarmach a bhunú idir an t-infheisteoir coigríche agus an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais.

An leathnú sin ar raon an Rialacháin IDC atá i bhfeidhm faoi láthair, is é atá mar aidhm aige tacar sonrach infheistíochtaí coigríche a ghabháil, arb infheistíochtaí iad a dhéantar trí fhochuideachtaí de chuid an Aontais atá faoi rialú ag infheisteoirí neamh-AE. Comhlánaíonn agus leathnaíonn sé na forálacha atá ann cheana lena gceadaítear na hinfheistíochtaí sin a chumhdach i gcás ina n-úsáidtear an struchtúr roghnaithe chun dul timpeall ar scagadh IDC isteach san Aontas. Leis sin, áirithítear cur chuige comhsheasmhach i leith rioscaí don tslándáil agus don ord poiblí a eascraíonn as infheistíochtaí a fhágann, sa deireadh thiar thall, gur ag infheisteoir tríú tír a bheidh an rialú agus an chumhacht chinnteoireachta, cibé acu a dhéantar na hinfheistíochtaí ó lasmuigh den Aontas Eorpach go díreach nó go hindíreach trí eintiteas atá bunaithe san Aontas ach atá á rialú ag infheisteoir coigríche.

Dá ainneoin sin, fágfaidh an leathnú sin go ndéanfar scagadh ar idirbhearta a dhéantar trí eintitis atá bunaithe san Aontas go dlisteanach. Céim bhreise atá sa leathnú sin i gcomparáid le coincheap an imchéimnithe sa Rialachán atá i bhfeidhm faoi láthair, arb imchéimniú é nach bhfuil feidhm aige ach amháin i gcás ina ndéantar an t-idirbheart laistigh den Aontas Eorpach trí bhíthin socruithe saorga nach léiríonn an fíorchás eacnamaíoch. Leis an leathnú sin, ceanglaítear Airteagal 114 CFAE a úsáid mar bhunús dlí chun a léiriú gurb amhlaidh a chumhdófaí infheistíochtaí laistigh den Aontas Eorpach leis an rialachán atá beartaithe.

Dá bhrí sin, ba iad Airteagail 207 agus 114 CFAE bunús dlí an rialacháin atá beartaithe.

2.2. Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

De réir phrionsabal na coimhdeachta (Airteagal 5(3) CAE), níor cheart gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ach amháin sa chás nach bhféadfaidh na Ballstáit na haidhmeanna atá beartaithe a bhaint amach go leormhaith ina n-aonar agus dá bhrí sin, de bharr na fairsinge nó na n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais.

Toisc nach ionann na sásraí um scagadh de chuid na mBallstát ó thaobh a raoin feidhme, a n-ábhair ná a n-éifeachta de, is féidir creat rialála ilroinnte de rialacha náisiúnta a fheiceáil agus go dtiocfaidh méadú ar rioscaí, go háirithe ó thaobh scagadh na n-infheistíochtaí coigríche laistigh den Aontas Eorpach de. Déanann an ilroinnt sin dochar don mhargadh inmheánach trí easpa cothroime iomaíochta agus costais neamhriachtanacha a chruthú d'eintitis a fhéachann le gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh in earnálacha atá ábhartha don tslándáil nó don ord poiblí.

Is le hidirghabháil ar leibhéal an Aontais amháin is féidir na fadhbanna sin a réiteach, toisc gurb amhlaidh cheana féin maidir le rialacha ar an leibhéal náisiúnta go bhfágann siad go gcruthaítear constaicí ar infheistíochtaí a dhéantar laistigh den Aontas Eorpach. Os a choinne sin, na héifeachtaí a bhainfeadh le haon ghníomhaíocht a dhéanfaí faoin dlí náisiúnta, bheidís teoranta do Bhallstát amháin agus is baolach go rachadh infheisteoirí coigríche timpeall orthu nó go mbeadh sé deacair maoirseacht a dhéanamh orthu i ndáil le hinfheisteoirí coigríche. Thairis sin, tá Ballstáit áirithe ag cuimhneamh ar thionscnaimh reachtacha sa réimse i dtaca le scagadh infheistíochta faoi láthair. Ní féidir aghaidh a thabhairt air sin go comhsheasmhach ar fud an mhargaidh inmheánaigh ach le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Caighdeáin choiteanna agus chomhréireacha a thabhairt isteach maidir le scagadh infheistíochtaí laistigh den Aontas Eorpach lena mbaineann rialú coigríche, tá sé fíor-riachtanach chun a áirithiú go mbunófar bearta den sórt sin go comhsheasmhach ar fud na mBallstát uile i leith na gceart bunúsach uile. Le cur chuige coiteann agus comhordaithe an Aontais lena ndéantar córais náisiúnta um scagadh a ailíniú, tabharfar deimhneacht d'infheisteoirí féideartha a mhéid a bhaineann le bonneagar criticiúil, teicneolaíocht chriticiúil agus ionchuir chriticiúla trí iad a chur ar an eolas roimh ré maidir leis na rialacha coiteanna a úsáideann an Coimisiún agus na Ballstáit chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis an tslándáil agus leis an ord poiblí agus chun aghaidh a thabhairt orthu.

Ar deireadh, is saincheist thrasnáisiúnta lena mbaineann impleachtaí trasteorann é an scagadh ar infheistíochtaí coigríche san Aontas ar ar gá aghaidh a thabhairt ar leibhéal an Aontais. Infheistíocht choigríche i mBallstát amháin, d'fhéadfadh tionchar a bheith aici lasmuigh de theorainneacha an Bhallstáit sin, i mBallstát eile nó ar leibhéal an Aontais. De thoradh easnamh na gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfadh cumas níos lú a bheith ag na Ballstáit lena leasanna slándála nó oird phoiblí a bhaineann le hinfheistíochtaí coigríche a chosaint, go háirithe le haghaidh cásanna inar dócha maidir leis an infheistíocht choigríche a

dhéanfaidh difear diúltach dá slándáil nó dá ord poiblí, gurb i gcríoch Bhallstáit eile a dhéantar an infheistíocht sin. Taithí a fuarthas ar chur chun feidhme an Rialacháin, léiríonn sí nach dócha go dtiocfadh na Ballstáit le chéile ar chaighdeáin agus nósanna imeachta ailínithe um an mbealach chun infheistíochtaí coigríche a scagadh ar fhoras na slándála agus an oird phoiblí ná go dtreiseoidís an sásra comhair córasach uile-Aontais chun faisnéis a mhalartú le chéile agus leis an gCoimisiún.

Dá bhrí sin, tá argóint láidir ann ar son gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun na creataí náisiúnta sin a ailíniú agus a chomhchuibhiú chun go mbeidh an t-infheistiú sa mhargadh inmheánach níos intuartha, go háirithe in idirbhearta a bhaineann le dlínsí iomadúla, chun an deimhneacht dhlíthiúil i dtaca leis an scagadh infheistíochta a láidriú san Aontas, chun an t-ualach riaracháin a laghdú, chun rannchuidiú leis an gcothroime iomaíochta ó Bhallstát go chéile ina ndéantar infheistíochtaí agus chun go bhféadfaidh comhar níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a bheith idir na Ballstáit agus an Coimisiún i dtaca le rioscaí slándála agus oird phoiblí trasteorann a bhaineann le hinfheistíochtaí coigríche.

2.3. Comhréireacht

Is é is aidhm don rialachán atá beartaithe an tslándáil agus an t-ord poiblí san Aontas a chosaint a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí coigríche.

Níl rialacha sa rialachán atá coibhéiseach le sásra náisiúnta um scagadh, toisc gur féidir coinníollacha a fhorchur ar idirbheart le sásra den sórt sin agus, mar rogha dheireanach, tabhairt i gcrích an idirbhirt sin a thoirmeasc. Leis an rialachán atá beartaithe, d'fhágfaí an cinneadh críochnaitheach maidir le haon infheistíocht faoin mBallstát ina bhfuil sé beartaithe infheistíocht choigríche den sórt sin a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin. Is é is cuspóir don rialachán atá beartaithe, ina áit sin, cuidiú le rioscaí slándála agus oird phoiblí, a dhéanann difear do dhá Bhallstát ar a laghad nó don Aontas ina iomláine, a shainaithint agus aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin trí shásra comhair idir na Ballstáit agus an Coimisiún. Leis an sásra comhair sin, déantar foráil maidir le cainéal oifigiúil chun faisnéis rúnda a mhalartú agus chun feasacht a mhúscailt faoi imthosca sonracha ina bhféadfadh IDC difear a dhéanamh don tslándáil nó don ord poiblí. Fágann an sásra gurb indéanta ag an gCoimisiún agus ag Ballstáit eile freisin céimeanna a mholadh don Bhallstát ina bhfuil sé beartaithe IDC den sórt sin a dhéanamh nó ina ndearnadh an IDC sin chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní shonracha a shainaithnítear.

Léirigh an mheastóireacht ar an Rialachán go ndéantar éifeachtacht chreat an Aontais um scagadh infheistíochtaí a laghdú go mór (i) trí shásraí um scagadh a bheith in easnamh i mBallstáit áirithe, ar sásraí iad lena bhfágtar gurb indéanta idirbhearta a ghrinnscrúdú sula dtabharfar i gcrích iad; agus (ii) cumhdach teoranta na sásraí náisiúnta um scagadh infheistíochta [20]. D'fhéadfadh éifeachtaí iarmharta a bheith ag an méid sin ar leasanna slándála nó oird phoiblí i mBallstáit eile agus ar thionscadail nó do chláir atá chun leasa an Aontais.

In éagmais raon feidhme coiteann a bheith ann i dtaca le hidirbhearta atá faoi réir scagadh nó bealaí eile chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na coinníollacha lenar cheart an scagadh ar an leibhéal náisiúnta a spreagadh, is dócha go mbeidh an-éagsúlacht ar fad fós i gceist leis an

[20] Ballstáit a eisíonn réimsí tábhachtacha ó chur i bhfeidhm a sásraí um scagadh – lena n-áirítear trí shainiú cúng a thabhairt ar raon feidhme earnálach na sásraí nó trí infheisteoirí atá bainteach le dlínsí áirithe neamh-AE a dhíolmhú – is teoranta na modhanna atá ag na Ballstáit sin chun rioscaí a bhaineann leis an infheistíocht choigríche san Aontas a bhainistiú go héifeachtach.

líon agus raon feidhme fógraí a fhaigheann an sásra comhair ó na Ballstáit. Thairis sin, d'fhéadfadh infheisteoirí coigríche áirithe leanúint de leas a bhaint as dlínsí san Aontas nach bhfuil sásra um scagadh IDC acu nó nach bhfuil feidhm ag sásra an dlínse sin maidir leis an earnáil lena mbaineann.

Maidir leis na bearta sa rialachán atá beartaithe chun sásra comhair a bhunú agus ceanglais áirithe nós imeachta agus ceanglais shubstainteacha áirithe a leagan síos maidir le sásraí náisiúnta um scagadh, tá na bearta sin comhréireach, toisc go mbaintear amach leo cuspóir an rialacháin atá beartaithe agus go gceadaíonn na bearta do na Ballstáit freisin sainiúlachtaí náisiúnta a chur san áireamh ina sásraí um scagadh agus an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh maidir le haon infheistíocht choigríche.

Leis an rialachán atá beartaithe, cuirtear é de cheangal ar chuideachtaí dul i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta scagtha, ach beidh na costais riaracháin le haghaidh na gcuideachtaí réasúnach agus comhréireach, a bhuí den fhoirm chaighdeánaithe chun fógraí a thabhairt don sásra comhair.

2.4. An rogha ionstraime

Is togra é seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialachán atá ann cheana, mar sin is cosúil gur cuí agus cóir foirm na hionstraime atá ann faoi láthair a choimeád (i.e. mar rialachán).

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

3.1. *Meastóireachtaí ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Tá doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis an togra reachtach, ar doiciméad é lena ndéantar meastóireacht ar an Rialachán in aghaidh chúig chritéar 'na rialála níos fearr' (éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE).

3.2. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

D'fhoilsigh an Coimisiún comhairliúchán spriocdhírithe agus glao ar fhianaise a bhí ann idir an 14 Meitheamh agus an 21 Iúil 2023. Fuair an Coimisiún 47 bhfreagra don chomhairliúchán agus [21] 10 rannchuidiú leis an nglao ar fhianaise [22].

D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit agus ar pháirtithe leasmhara (gnóthais dlí, comhlachais ghnó agus gnólachtaí), ag a raibh taithí chruthaithe ar chur chun feidhme rialacha an Aontais maidir le scagadh IDC, tuilleadh ionchuir scríofa a sholáthar bunaithe ar cheistneoir. Bailíodh na freagraí sin idir an 3 Lúnasa agus an 1 Meán Fómhair 2023. Tá achoimre ar fhreagraí ar fáil in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an tuarascáil mheastóireachta atá in éineacht leis an togra reachtach.

---

[21] Tá tuarascáil achomair an chomhairliúcháin spriocdhírithe le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: https://policy.trade.ec.europa.eu/consultations/screening-foreign-direct-investments-fdi-evaluation-and-possible-revision-current-eu-framework_en.

[22] Tá rannchuidithe leis an nglao ar fhianaise le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13739-Screening-of-foreign-direct-investments-FDI-evaluation-and-revision-of-the-EU-framework/feedback_en?p_id=32186570.

3.3. Bailiú agus úsáid saineolais

D'úsáid an Coimisiún conraitheoir seachtrach chun cuidiú leis an meastóireacht ar an Rialachán maidir le Scagadh Infheistíochta Dírí Coigríche a dhéanamh. Rúnaíocht ECFE (Rannán Infheistíochta na Stiúrthóireachta um Ghnóthaí Airgeadais agus Fiontar), rinne sí staidéar ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an Rialacháin maidir le Scagadh Infheistíochta Dírí Coigríche agus chuir conclúidí agus moltaí leathana ar fáil maidir leis an mbealach chun na heasnaimh a sainaithníodh sa staidéar a shárú [23]. Chómhaoinigh an Coimisiún an staidéar sin agus rinneadh é idir mí Dheireadh Fómhair 2021 agus mí an Mheithimh 2022.

3.4. Measúnú tionchair

Níl measúnú tionchair ag gabháil leis an togra reachtach. Tá sé sin i gcomhréir leis an mbosca uirlisí um rialáil níos fearr, lena ndéantar foráil go bhféadfadh sé nach mbeadh gá le measúnú tionchair i gcás 'tionscnaimh bheartais lena mbeartaítear athruithe teoranta bunaithe ar mheastóireacht chuimsitheach, ar meastóireacht í lenar sainaithníodh go soiléir na leasuithe ba ghá a dhéanamh ar bheartas nó ar reachtaíocht'[24]. Measann an Coimisiún maidir leis an rialachán atá beartaithe agus an tuarascáil mheastóireachta a ghabhann leis an togra reachtach, go gcomhlíonann siad na critéir sin.

3.5. Oiriúnacht rialála agus simpliú

Tá an tionscnamh seo ina chuid de Chlár Oibre an Choimisiúin 2023 [25]. Ní cuid d'Iarscríbhinn II (tionscnaimh REFIT) é.

Leis an rialachán atá beartaithe, cuirtear feabhas ar chumas an Choimisiúin agus na mBallstát infheistíochtaí coigríche, ar dócha go ndéanfaidh siad difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas, a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Leis an togra cuirtear é de cheangal ar na Ballstáit uile infheistíochtaí coigríche a scagadh, rud a d'fhéadfadh méadú a dhéanamh ar an ualach riaracháin ar ghnólachtaí, toisc go mbeidh infheistíochtaí coigríche san Aontas faoi réir rialú i níos mó dlínsí ná na 21 Bhallstát a bhfuil sásra um scagadh á choinneáil ar bun acu faoi láthair. Mar sin féin, tá coinne leis go bhféadfadh coigilteas costais a bheith ann de thoradh an togra i ngeall ar shimpliú agus ailíniú na rialacha agus socruithe atá ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Baineann an simpliú le sprioc-amanna náisiúnta i dtaca le scagadh a ailíniú; rud lena ndéantar an comhar ar leibhéal an Aontais maidir leis an scagadh IDC a dhíriú ar na hidirbhearta a d'fhéadfadh a bheith criticiúil (seachas ar na hidirbhearta uile a bheith faoi réir scagadh foirmiúil i mBallstát); agus lena ndéantar méadú ar thrédhearcacht nós imeachta an tsásra comhair de chuid an Aontais.

3.6. Cearta bunúsacha

Tá an togra ailínithe le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus urramaíonn sé an tsaoirse fiontraíochta. Leis an rialachán atá beartaithe, fágtar scagadh na n-infheistíochtaí faoi na Ballstáit (lena n-áirítear an cinneadh críochnaitheach maidir le hidirbhearta sonracha), ach cuidíonn na ceanglais maidir le sásraí náisiúnta um scagadh leis na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na cearta bunúsacha ar imeachtaí córa agus dea-riarachán a urramú go hiomlán.

---

23 Foilsíodh an staidéar sin i mí na Samhna 2022: https://www.oecd.org/investment/investment-policy/oecd-eu-fdi-screening-assessment.pdf.

24 UIRLIS #7 den bhosca uirlisí 2023 um 'Rialáil Níos Fearr'.

25 COM(2022) 548 final: https://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:413d324d-4fc3-11ed-92ed-01aa75ed71a1.0001.02/DOC_1&format=PDF

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Chun cuspóirí an tionscnaimh seo a bhaint amach go héifeachtach, is gá roinnt gníomhaíochtaí a mhaoiniú ar leibhéal an Choimisiúin. Beidh an caiteachas bliantúil ar acmhainní daonna thart ar EUR 5,162 milliún in aghaidh na bliana, arb é atá beartaithe leis sin líon iomlán de 29 n-oifigeach a sholáthar (in aonad Coibhéise Lánaimseartha) sa Choimisiún. Baineann speansais riaracháin eile le haisíoc chostais taistil na mBallstát chuig cruinnithe an ghrúpa saineolaithe (Airteagal 5) agus den choiste (Airteagal 21). Réamh-mheastar gur EUR 0,032 milliún in aghaidh na bliana a bheidh sna costais sin. Caiteachas oibríochtúil, a úsáidfear chun an bonneagar TF is gá a mhaoiniú chun tacú leis an gcomhar díreach idir an Coimisiún agus na Ballstáit trí bhealaí slána cumarsáide, sroichfidh sé thart ar EUR 0,25-0,29 milliún in aghaidh na bliana. Tá an Coimisiún ag beartú staidéar seachtrach a sheoladh lena ngabhfaidh buiséad EUR 0,25 milliún chun tacú lena mheasúnú ar chomhlíontacht na mBallstát tar éis deireadh na hidirthréimhse. Cuimhneoidh an Coimisiún ar an dara staidéar a sheoladh chun tacú leis an meastóireacht 5 bliana ar an rialachán atá beartaithe ag an gCoimisiún.

Tá forléargas mionsonraithe ar na costais atá i gceist le fáil sa ráiteas airgeadais atá nasctha leis an tionscnamh seo.

5. EILIMINTÍ EILE

5.1. Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Cuid thábhachtach den togra is ea faireachán, tuairisciú agus meastóireacht.

Déanfar faireachán leanúnach agus beidh sé bunaithe ar chuspóirí oibríochtúla agus ar tháscairí sonracha. Cumhdófar na príomhghnéithe seo a leanas i bhfaireachán tráthrialta leanúnach:

(i) an líon idirbheart a dtugtar fógra don sásra comhair fúthu; agus

(ii) agus an líon idirbheart ar dócha go ndéanfaidh siad difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí i níos mó ná Ballstát amháin nó trí thionscadal nó clár atá chun leasa an Aontais.

Ina theannta sin, d’fhéadfadh an Coimisiún faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann leis na cinntí críochnaitheacha a thuairiscíonn na Ballstáit ar bhonn rúnda don Choimisiún.

Leis an rialachán atá beartaithe leanfar de cheangal a chur ar na Ballstáit tuairisciú gach bliain don Choimisiún, ar bhonn rúnda, faoi na gníomhaíochtaí faoina sásra um scagadh le haghaidh na bliain féilire roimhe. Cuirfear de cheangal ar na Ballstáit freisin tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina mbeidh faisnéis faoi fhorbairtí reachtacha ábhartha agus faoi ghníomhaíochtaí an údaráis scagtha lena n-áirítear sonraí comhiomlána ar na cásanna arna scagadh agus na cinntí a dhéantar maidir le scagadh. Leanfaidh an Coimisiún de thuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an rialacháin atá beartaithe a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Leanfar den tuarascáil sin a chur ar fáil go poiblí.

Dhéanfaí measúnú ar an rialachán atá beartaithe i gcomhthéacs chleachtadh meastóireachta 5 bliana tar éis an dáta a chuirtear i bhfeidhm go hiomlán é. Má cheanglaítear, d’fhéadfaí clásal athbhreithniúcháin a ghníomhachtú faoinarbh fhéidir leis an gCoimisiún bearta iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear tograí reachtacha.

5.2. Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an rialacháin atá beartaithe

I gCaibidil 1, leagtar amach forálacha ginearálta, lena n-áirítear ábhar agus raon feidhme den rialachán atá beartaithe (Airteagal 1). Leis an rialachán atá beartaithe, cuirtear ar bun creat de chuid an Aontais chun go ndéanfaidh na Ballstáit scagadh ar infheistíochtaí coigríche ina gcríoch, ar fhoras na slándála nó an oird phoiblí. Leagadh amach sásra comhair leis an rialachán freisin chun ceadú do na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis faoi infheistíochtaí a mhalartú, measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an tslándáil agus ar an ord poiblí, agus ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, arb ábhair imní iad a mbeadh sé de cheangal ar an mBallstát a bhfuil an infheistíocht á scagadh aige aghaidh a thabhairt. Cinntear an foras atá le hinfheistíochtaí a scagadh i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha maidir le bearta sriantacha a fhorchur ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí a shonraítear i gComhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (lena n-áirítear, go sonrach, Airteagal XIV(a) agus Airteagal XIV *bis* den Chomhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí) agus i gcomhaontuithe nó socruithe trádála agus infheistíochta eile ar páirtithe iontu an tAontas nó a Bhallstáit.

Le hAirteagal 2 leagtar síos roinnt sainmhínithe is infheidhme. Go sonrach, soiléirítear ann go gcumhdaítear leis an rialachán atá beartaithe infheistíochtaí arb infheistíochtaí díreacha coigríche iad nó infheistíochtaí laistigh den Aontas Eorpach iad lena ngabhann rannpháirtíocht eachtrach. Chun críoch an rialacháin seo atá beartaithe, cumhdaítear le hinfheistíocht dhíreach choigríche raon leathan infheistíochtaí lena mbunaítear nó lena gcoinnítear ar bun naisc fhadtéarmacha dhíreacha idir infheisteoirí ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, agus gnóthais a mbíonn gníomhaíocht eacnamaíoch ar siúl acu i mBallstát. Áirítear léi sin infheistíochtaí ó infheisteoir coigríche i sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, i gcás inarb é atá sa sprioc-chuideachta de chuid an Aontais fochuideachta de sprioc-chuideachta eachtrach ina ndéantar an infheistíocht. Le hinfheistíocht laistigh den Aontas Eorpach lena ngabhann rannpháirtíocht eachtrach, cumhdaítear raon leathan infheistíochtaí arna ndéanamh ag infheisteoir coigríche trí fhochuideachta an infheisteora coigríche san Aontas agus arb é is aidhm do na hinfheistíochtaí sin naisc fhadtéarmacha dhíreacha a bhunú nó a choinneáil ar bun idir an t-infheisteoir coigríche agus sprioc-chuideachta de chuid an Aontais chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i mBallstát. Ní chumhdaítear infheistíochtaí punainne leis an rialachán atá beartaithe.

I gCaibidil 2 tá rialacha maidir le sásraí náisiúnta um scagadh. Le hAirteagal 3 cuirtear é de cheangal ar na Ballstáit uile sásra um scagadh a bhunú agus a choinneáil ar bun, ar sásra é a chomhlíonfaidh ceanglais an rialacháin atá beartaithe, agus fógra a thabhairt faoin sásra sin don Choimisiún. Ar bhonn na bhfógraí sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún liosta de shásraí náisiúnta um scagadh a fhoilsiú. Le hAirteagal 4 leagtar amach ceanglais áirithe maidir le sásraí náisiúnta um scagadh. Go sonrach, ceanglaítear ar na sásraí sin an méid seo a leanas a chumhdach ar a laghad (i) infheistíochtaí i gcuideachtaí de chuid an Aontais atá rannpháirteach i dtionscadail nó i gcláir atá chun leasa an Aontais agus a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an rialachán atá beartaithe; agus (ii) infheistíochtaí i gcuideachtaí de chuid an Aontais atá gníomhach i réimsí lena mbaineann tábhacht ar leith chun leasanna slándála nó oird phoiblí an Aontais agus a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an rialachán atá beartaithe; ('infheistíochtaí infhógartha'). Thairis sin, leagtar amach ann roinnt ceanglas chun éifeachtacht na sásraí um scagadh a áirithiú.

Le Caibidil 3 déantar foráil maidir le sásra comhair lena gceadaítear do na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis a mhalartú agus bearta a mholadh más dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí i níos mó ná Ballstát amháin nó trí thionscadal nó trí chlár atá chun leasa an Aontais. Le hAirteagail 5 agus 6 leagtar síos rialacha

agus nósanna imeachta a bhaineann le fógra a thabhairt faoi infheistíochtaí coigríche, lena n-áirítear nós imeachta sonrach um infheistíochtaí coigríche a scagann Ballstáit éagsúla go comhuaineach (‘idirbhearta ilnáisiúnta’). Le hAirteagal 7 tugtar tuairisc ar na coinníollacha is infheidhme maidir le barúlacha a eisíonn na Ballstáit agus tuairimí a eisíonn an Coimisiún tar éis measúnú a dhéanamh ar infheistíocht choigríche faoina dtugtar fógra. Ceadaítear leis an Airteagal do na Ballstáit barúlacha a sholáthar don Bhallstát ina ndéantar an infheistíocht choigríche más dócha go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche sin difear diúltach dá shlándáil nó ord poiblí, nó má tá faisnéis acu atá ábhartha do scagadh na hinfheistíochta coigríche sin. Ceadaítear don Choimisiún tuairim a eisiúint don Bhallstát ina ndéantar an infheistíocht choigríche má mheasann an Coimisiún gur dócha go ndéanfaidh infheistíocht dhíreach choigríche difear diúltach do shlándáil nó d’ord poiblí níos nó ná aon Bhallstát amháin, nó do thionscadail nó do chláir atá chun leasa an Aontais, ar fhoras na slándála nó an oird phoiblí. Féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint freisin má tá faisnéis aige atá ábhartha do scagadh na hinfheistíochta coigríche nó má bhaineann rioscaí comhchosúla don tslándáil nó don ord poiblí le roinnt infheistíochtaí coigríche. Thairis sin, leagtar amach le hAirteagal 7 nósanna imeachta mionsonraithe chun faisnéis a sholáthar faoin gcinneadh maidir le scagadh arna dhéanamh ag an mBallstát a thugann fógra do na Ballstáit ábhartha agus don Choimisiún. Le hAirteagal 8 leagtar amach na sprioc-amanna agus na nósanna imeachta chun barúlacha agus tuairimí a sholáthar, lena n-áirítear le haghaidh cásanna ina bhfuil idirbhearta ilnáisiúnta i gceist. Le hAirteagal 9 déantar foráil maidir le sásra lena gceadaítear do na Ballstáit agus don Choimisiún dul i gcomhar maidir le hinfheistíochtaí coigríche nach ndearna an Ballstát, ina bhfuil sé pleanáilte an infheistíocht choigríche a dhéanamh, fógra a thabhairt fúithi. Le hAirteagal 10 leagtar amach ceanglais maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar agus a fhéadfar a iarraidh i ndáil le hinfheistíochtaí coigríche atá faoi réir an tsásra comhair. Cuireann an tAirteagal de cheangal ar an gCoimisiún rialachán cur chun feidhme a ghlacadh chun foráil a dhéanamh maidir le foirm chaighdeánaithe chun fógra a thabhairt faoi infheistíochtaí coigríche. Le hAirteagal 11 leagtar amach ceanglais choiteanna maidir le sásraí náisiúnta um scagadh chun a áirithiú go mbeidh a rannpháirtíocht sa sásra comhair éifeachtach. Le hAirteagal 12 déantar foráil chun rúndacht na malartuithe idir na Ballstáit agus an Coimisiún a áirithiú.

Le Caibidil 4 déantar foráil maidir le rialacha do na Ballstáit agus don Choimisiún i dtaca leis an tionchar is dócha a bheidh ag infheistíocht choigríche ar an tslándáil nó ar an ord poiblí a chinneadh (Airteagal 13) agus rialacha maidir le cinntí na mBallstát i dtaca le scagadh (Airteagal 14).

Leagtar amach na forálacha críochnaitheacha i gCaibidil 5. Le hAirteagal 14 déantar foráil maidir le bunús dlí don chomhar le húdaráis fhreagracha na dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad maidir le saincheisteanna a bhaineann le hinfheistíochtaí a scagadh ar fhoras na slándála agus an oird phoiblí. Níl sé beartaithe leis an gcomhar sin go gceadófar malartuithe faisnéise i dtaca le hidirbhearta atá faoi réir an tsásra comhair idir na Ballstáit agus an Coimisiún. Chun trédhearcacht na sásraí um scagadh agus comhar an Aontais maidir le scagadh infheistíochta coigríche a áirithiú, cuirtear de cheangal le hAirteagal 16 ar na Ballstáit tuairisciú don phobal go bliantúil faoina ngníomhaíochtaí scagtha agus a gcinntí maidir le scagadh trí fhaisnéis anaithnidithe agus chomhiomlánaithe a fhoilsiú. Ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú faoi chur chun feidhme an rialacháin freisin. Ar deireadh, le Caibidil 5 déantar foráil maidir le rialacha lena rialaítear próiseáil na sonraí pearsanta (Airteagal 17), meastóireacht (Airteagal 18), gníomhartha tarmligthe (Airteagal 19), feidhmiú an tarmligin (Airteagal 20) agus an nós imeachta coiste um ghníomhartha cur chun feidhme (Airteagail 21-22). Le hAirteagal 22 aisghairtear Rialachán (AE) 2019/452 agus déantar foráil le hAirteagal 24 gur cheart an rialachán atá beartaithe teacht i bhfeidhm tar éis idirthréimhse

15 mhí. San idirthréimhse, beidh Rialachán (AE) 2019/452 fós i bhfeidhm agus feidhm fós aige.

Le hIarscríbhinn I tugtar liosta na dtionscadal agus na gclár atá chun leasa an Aontais. Is éard atá iontu sin tionscadail nó cláir a chumhdaítear le dlí an Aontais agus lena ndéantar foráil maidir le bonneagar criticiúil, teicneolaíochtaí criticiúla nó ionchuir chriticiúla a fhorbairt, a choinneáil ar bun nó a fháil, ar bonneagar, teicneolaíochtaí nó ionchuir iad atá ríthábhachtach don tslándáil agus don ord poiblí. I gcás ina mbeidh an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais ina cuid de thionscadal nó de chlár atá chun leasa an Aontais nó rannpháirteach i dtionscadal nó i gclár den sórt sin, ceanglaítear ar na Ballstáit an infheistíocht choigríche lena mbaineann a scagadh agus fógra a thabhairt fúithi don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

Le hIarscríbhinn II liostaítear na teicneolaíochtaí, na sócmhainní, na saoráidí, an trealamh, na líonraí, na córais, na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena mbaineann tábhacht ar leith chun leasanna slándála nó oird phoiblí an Aontais. I gcás ina mbeidh an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais gníomhach go heacnamaíoch i réimse i liostaítear in Iarscríbhinn II, tá sé de cheangal ar na Ballstáit an infheistíocht choigríche a scagadh. Ceanglaítear fógra a thabhairt faoin infheistíocht choigríche sin don sásra comhair má chomhlíonann an t-infheisteoir coigríche nó an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais ceann amháin de na coinníollacha rioscabhunaithe a leagtar amach sa rialachán. Tá an scagaire rioscabhunaithe sin iomchuí chun a áirithiú nach ndíreoidh sásra comhair an Aontais ach ar infheistíochtaí coigríche ina bhféadfadh leas ó thaobh na slándála de a bheith ann agus nach bhforchuirfidh an sásra ualach neamhriachtanach ar riaracháin náisiúnta ná ar chuideachtaí.

2024/0017 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le hinfheistíochtaí coigríche isteach san Aontas a scagadh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 114 agus 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag féachaint don Tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an [dáta], a ndeachthas i gcomhairle leis de bhun Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireann infheistíochtaí san Aontas lena fhás trí fheabhas a chur ar a iomaíochas, trí phoist agus barainneachtaí scála a chruthú, agus trí chaipiteal, teicneolaíochtaí, nuálaíocht agus saineolas a thabhairt isteach leo.

(2) Le hAirteagal 3(5) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), sonraítear go ndéanfaidh an tAontas, ina chaidreamh leis an domhan mór, a chuid luachanna agus leasanna a chumhdach agus a chur chun cinn agus rannchuideoidh sé le cosaint a shaoránach. Thairis sin, tá timpeallacht oscailte don infheistíocht i réim san Aontas agus sna Ballstáit, a chumhdaítear sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus leabaítear i ngealltanais idirnáisiúnta an Aontais agus a Bhallstát.

(3) Mar sin féin, faoi ghealltanais idirnáisiúnta a rinneadh san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT), san Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), agus sna comhaontuithe trádála agus infheistíochta a tugadh i gcrích le tríú tíortha, is féidir leis an Aontas agus leis na Ballstáit srian a chur ar infheistíochtaí díreacha coigríche (IDCanna) ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí, faoi réir ceanglais áirithe.

---

1 IO C , , lch. .

2 IO C , , lch. .

3 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39-98 , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj)

(4) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] tá creat leagtha síos chun go ndéanfaidh na Ballstáit IDCanna isteach san Aontas a scagadh. Go sonrach, leagadh amach sásra comhair leis an Rialachán sin lenar cuireadh ar chumas do na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis a mhalartú faoi IDCanna agus ábhair imní a chur in iúl faoi rioscaí don tslándáil nó don ord poiblí. Leis an sásra comhair sin, cuireadh de cheangal ar an mBallstát ina raibh sé beartaithe IDC den sórt sin a dhéanamh nó ina ndearnadh an IDC sin aird chuí a thabhairt ar na barúlacha arna n-eisiúint ag na Ballstáit eile agus ar an tuairim arna heisiúint ag an gCoimisiún ina chinneadh maidir le scagadh.

(5) An creat a leagadh síos i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/452, chomhlíon sé a chuspóir chun foráil a dhéanamh maidir le sásra foirmiúil do na Ballstáit agus don Choimisiún chun faisnéis a mhalartú faoi IDCanna agus chun feasacht a mhúscailt faoi rioscaí trasteorann don tslándáil nó don ord poiblí a eascraíonn as IDCanna áirithe.

(6) Mar sin féin, tá gá le hionstraim reachtach nua chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht Rialachán (AE) 2019/452 a láidriú agus chun méid comhchuibhithe níos airde ar fud an Aontais a áirithiú.

(7) D'fhéadfaí rioscaí a chruthú do shlándáil agus d'ord poiblí an Aontais le hinfheistíochtaí áirithe nach gcumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/452. Go sonrach, baineann sé sin le hinfheistíochtaí áirithe a dhéantar i mBallstáit nach bhfuil sásra um scagadh acu; infheistíochtaí a dhéantar i mBallstáit a bhfuil sásra um scagadh acu ach nach n-áirítear infheistíochtaí íogaire áirithe lena raon feidhme; agus infheistíochtaí a dhéanann infheisteoirí coigríche trí fhochuideachta atá bunaithe san Aontas agus a bhféadfadh na rioscaí céanna don tslándáil nó don ord poiblí a bheith ag baint leo agus a bhaineann le hinfheistíochtaí díreach ó thríú tíortha.

(8) Tá ionstraim reachtach lena ndéantar foráil maidir le sásra chun IDCanna a scagadh i bhfeidhm i dtromlach mór de na Ballstáit, ach níl ionstraim acu uile. I roinnt mhaith Ballstát, baineann dlíthe náisiúnta le hinfheistíochtaí laistigh den Aontas a scagadh freisin. I measc na mBallstát, tá difríochtaí móra maidir leis an raon feidhme, na tairseacha agus na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar cé acu is dócha nó nach dócha go ndéanfaidh infheistíocht difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí. Tá difríochtaí sna próisis scagtha freisin. I mBallstáit áirithe, is féidir an infheistíocht a chur chun feidhme sula mbeidh imréiteach faighte i leith an tionchair ar an tslándáil agus ar an ord poiblí. Mar sin féin, cuireann Ballstáit eile de cheangal ar eintitis gan an infheistíocht a thabhairt chun críche ach amháin tar éis a húdaraithe faoin sásra um scagadh. Le héagsúlachtaí den sórt sin, cruthaítear fadhb d'fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh. Mar shampla, cruthaítear leo easpa cothroime iomaíochta agus méadaítear costais chomhlíontachta d'infheisteoirí a fhéachann le fógra a thabhairt faoi idirbhearta i mbreis agus Ballstát amháin. Cuidíonn an Rialachán seo le laghdú a dhéanamh ar éagsúlachtaí a bhaineann le príomheilimintí na sásraí a chuirtear chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Tá sé sin ríthábhachtach chun an intuarthacht a áirithiú d'infheisteoirí maidir leis na córais náisiúnta is infheidhme agus lena saintréithe, rud lena laghdaítear na costais chomhlíontachta bhainteacha. Is amhlaidh is ábhartha an méid sin i bhfianaise leibhéal comhtháthaithe an mhargaidh inmheánaigh, a fhágann go bhféadfadh idirbheart aonair difear a dhéanamh do Bhallstáit éagsúla ar

[4] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79I, 21.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/452/oj).

fud an Aontais. Is féidir, mar shampla, i gcás idirbheart arb é is aidhm dó sprioc-chuideachta a fháil i mBallstát amháin, go ndéanann an t-idirbheart sin difear don tslándáil agus don ord poiblí i mBallstát eile, i ngeall ar struchtúr an tslabhra soláthair nó eilimintí eacnamaíocha eile lena nasctar an sprioc-chuideachta le cuideachtaí eile atá bunaithe i mBallstáit dhifriúla. Chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin a bhaineann leis an margadh inmheánach agus chun comhsheasmhacht agus intuarthacht níos mó a áirithiú, is iomchuí freisin go leagfar síos trí ghníomhaíocht an Aontais na critéir agus na heilimintí a bheidh le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche.

(9) Chun cur chuige comhsheasmhach ar fud an Aontais a áirithiú i leith infheistíocht choigríche a scagadh, ba cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit uile infheistíochtaí coigríche a scagadh ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí. Dá bhrí sin, ba cheart croí-eilimintí na sásraí náisiúnta um scagadh a chomhchuibhiú. Leis an gcomhchuibhiú íosta sin, áirítear raon feidhme na n-infheistíochtaí atá le scagadh, tréithe fíor-riachtanacha an nós imeachta um scagadh, agus an idirghníomhaíocht idir an sásra náisiúnta agus sásra comhair an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann raon feidhme a sásra náisiúnta um scagadh a leathnú chun cineálacha infheistíochtaí coigríche eile, infheistíochtaí coigríche in earnálacha eile, sprioc-chuideachtaí breise de chuid an Aontais nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chuimsiú a measann an Ballstát ábhartha ina leith go bhfuil siad ríthábhachtach dá shlándáil nó dá ord poiblí. I gcás ina ndéanann siad amhlaidh, ba cheart an scagadh sin forálacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh freisin.

(10) Ní chumhdaítear le Rialachán (AE) 2019/452 ach IDCanna a dhéantar ó thríú tíortha isteach san Aontas. Mar sin féin, is gá freisin raon feidhme an tsásra comhair a leathnú chun infheistíochtaí a dhéantar idir na Ballstáit a chuimsiú, i gcás ina mbeidh an t-infheisteoir i mBallstát amháin á rialú, go díreach nó go hindíreach, ag eintiteas eachtrach gan beann ar cé acu atá an t-úinéir deiridh suite san Aontas nó in áit eile. Go sonrach, is iomchuí an raon feidhme leathnaithe sin chun a áirithiú maidir le haon infheistíocht lena gcruthaítear nasc fadtéarmach idir an t-infheisteoir coigríche agus an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, cibé acu a dhéanann infheisteoir coigríche an infheistíocht sin go díreach nó a dhéantar í trí eintiteas atá bunaithe san Aontas agus á rialú ag infheisteoir coigríche, go ngabhfar agus go ndéanfar measúnú ar na hinfheistíochtaí sin go comhsheasmhach. Leis sin, ba cheart comhsheasmhacht agus intuarthacht na rialacha maidir le scagadh ar fud an Aontais a chothú, rud lena ndéanfar, faoi seach, costais chomhlíontachta a laghdú d'infheisteoirí coigríche agus dreasachtaí a theorannú chun infheistíocht a spriocdhíriú sna Ballstáit ina bhfuil na hidirbhearta sin lasmuigh den raon feidhme.

(11) Infheistíochtaí i sprioc-chuideachtaí chuid an Aontais a dhéanann infheisteoirí coigríche, lena n-áirítear infheistíochtaí a fhorghníomhaítear trí eintiteas rialaithe san Aontais, d'fhéadfadh rioscaí sonracha a bheith ag baint leo don tslándáil agus don ord poiblí san Aontas agus ina Bhallstáit. Níor cheart rioscaí den sórt sin a bhaineann le hinfheisteoirí a bheith ann agus dá bhrí sin ní gá aghaidh a thabhairt orthu in infheistíocht nach bhfuil i gceist léi ach eintitis nach mbaineann aon úinéireacht, rialú ná nasc le hinfheisteoirí coigríche leo ná nach bhfuil aon tionchar ó na hinfheisteoirí sin iontu, lena n-áirítear i gcás ina nglacann infheisteoir coigríche páirt san eintiteas de chuid an Aontais gan leas urlámhais a bheith aige. Aon éagsúlacht sna rialacha is infheidhme maidir le hinfheistíochtaí coigríche a láimhseáil, gan beann ar cé acu a dhéantar ó thíortha lasmuigh den Aontas go díreach iad nó trí eintiteas atá bunaithe san Aontas cheana féin, is gá an éagsúlacht sin a sheachaint chun creat comhleanúnach um

scagadh infheistíochtaí a áirithiú agus chun a áirithiú go mbeidh an sásra um rialú de chuid an Aontais comhleanúnach freisin. Léiríonn an creat sin an tábhacht a bhaineann leis an tslándáil agus leis an ord poiblí a chosaint agus tá sé spriocdhírithe go heisiach ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as infheistíochtaí a bhaineann le heintitis eachtracha. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit scagadh na n-infheistíochtaí coigríche sin ar a laghad a áirithiú, arb infheistíochtaí iad a bhaineann le tionscadail nó le cláir atá chun leasa an Aontais nó i gcás ina mbeidh an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais gníomhach i réimsí, ina bhféadfadh infheistíocht choigríche difear a dhéanamh don tslándáil nó don ord poiblí i mbreis agus Ballstát amháin. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann infheistíochtaí coigríche eile a scagadh freisin. I gcás ina ndéanann siad amhlaidh, ba cheart an scagadh sin forálacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh freisin. Idirbhearta nach bhfuil aon infheisteoir coigríche rannpháirteach iontu nó nach bhfágann an leibhéal rannpháirtíochta go bhfuil rialú díreach nó indíreach ar an eintiteas de chuid an Aontais, ní chumhdaítear na hidirbhearta sin leis an Rialachán seo.

(12) Ba cheart an scagadh ar infheistíochtaí coigríche a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus an fhaisnéis fhíorasach uile dá bhfuil ar fáil á cur san áireamh agus ba cheart cloí le prionsabal na comhréireachta agus na prionsabail eile a chumhdaítear leis na Conarthaí leis an scagadh sin. Thairis sin, scagadh na n-infheistíochtaí coigríche a dhéantar trí fhochuideachtaí an infheisteora coigríche atá bunaithe san Aontas, ba cheart na ceanglais a eascraíonn as dlí an Aontais a chomhlíonadh leis an scagadh sin, agus go háirithe forálacha an Chonartha maidir leis an tsaoirse bunaíochta agus saorghluaiseacht chaipitil, mar a léirmhínítear i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go comhsheasmhach leis an gcuspóir margadh inmheánach cuimsitheach agus oscailte a chaomhnú. Aon srian ar an tsaoirse bunaíochta agus ar an tsaorghluaiseacht chaipitil san Aontas, lena n-áirítear an scagadh agus na bearta a eascraíonn as an scagadh, amhail bearta maolaitheacha agus toirmisc, ba cheart iad a bheith bunaithe ar fhíorbhagairt sách tromchúiseach do leas bunúsach na sochaí, agus ba cheart na srianta sin a bheith iomchuí agus gá a bheith leo mar a leagtar amach i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais. An tráth céanna, nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar an mbonn cirt agus ar an gcomhréireacht a bhaineann le srian, maidir le sainiúlachtaí na n-infheistíochtaí laistigh den Aontas arb infheistíochtaí iad a fheidhmítear trí fhochuideachta infheisteora coigríche, féadfar na sainiúlachtaí sin a chur san áireamh nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar aon srian ar an tsaoirse bunaíochta agus ar an tsaorghluaiseacht chaipitil, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí in aon tuairim ón gCoimisiún a ghlacfar de bhun an Rialacháin seo. Ba cheart é sin a dhéanamh agus comhtháthú scéimeanna na mBallstát i sásra comhair uile-Aontais á chur san áireamh.

(13) Chun é a chur ar a chumas don sásra comhair a leagtar síos sa Rialachán seo feidhmiú go héifeachtúil agus go héifeachtach, is gá raon feidhme coiteann íosta a shainiú i gcás infheistíochtaí coigríche ar cheart do na Ballstáit uile fógraí a thabhairt don sásra comhair fúthu. Ba cheart é a bheith de shaoirse fós ag na Ballstáit fógra a thabhairt faoi infheistíochtaí coigríche atá lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo.

(14) An ballstát ina bhfuil sé beartaithe infheistíocht choigríche den sórt sin a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht choigríche sin, is gá freisin go mbeidh an Ballstát sin níos cuntasaí don Choimisiún agus do na Ballstáit sin a chuireann ábhair imní in iúl a bhfuil údar cuí leo maidir lena n-ord poiblí nó slándáil nó le slándáil nó ord poiblí an Aontais.

(15) Ba cheart an creat coiteann a leagtar amach sa Rialachán seo a bheith gan dochar d'fhreagracht aonair na mBallstát as a slándáil náisiúnta a choimirciú, mar a fhoráiltear in Airteagal 4(2) CAE. Ba cheart é a bheith gan dochar freisin do chosaint a leasanna slándála bunúsacha i gcomhréir le hAirteagal 346 CFAE.

(16) Infheistíochtaí coigríche lena gcruthaítear nó lena gcoinnítear ar bun naisc fhadtéarmacha dhíreacha idir infheisteoirí ó thríú tíortha (lena n-áirítear comhlachtaí stáit) agus sprioc-chuideachtaí de chuid an Aontais a mbíonn gníomhaíocht eacnamaíoch ar siúl acu i mBallstát, ba cheart na hinfheistíochtaí coigríche sin teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin i gcás ina ndéantar na hinfheistíochtaí sin ó thríú tíortha go díreach nó i gcás ina ndéanann eintiteas de chuid an Aontais atá faoi rialú coigríche na hinfheistíochtaí sin. Mar sin féin, fáil urrús cuideachta atá beartaithe le haghaidh infheistíocht airgeadais agus lena haghaidh sin amháin, agus gan aon rún ann tionchar a imirt ar bhainistiú agus ar rialú an ghnóthais (infheistíochtaí punainne), níor cheart fáil den sórt sin a chumhdach leis an gcreat. Oibríochtaí athstruchtúrúcháin laistigh de ghrúpa cuideachtaí nó cumasc de bhreis agus aon eintiteas dlítheanach amháin in aon eintiteas dlítheanach aonair, ní infheistíocht choigríche atá sna hoibríochtaí ná sa chumasc sin, ar choinníoll nach ndéanfar aon mhéadú ar na scaireanna a bheidh i seilbh infheisteoirí coigríche, nó nach mbeidh ann de thoradh an idirbhirt cearta breise a d'fhéadfadh athrú a fhágáil ar rannpháirtíocht éifeachtach infheisteora coigríche amháin nó níos mó i mbainistiú nó i rialú sprice de chuid an Aontais.

(17) Déantar infheistíochtaí coigríche i láithreán úrnua i gcás ina gcuireann an t-infheisteoir coigríche nó fochuideachta de chuid an infheisteora coigríche san Aontas saoráidí nua nó gnóthas nua ar bun san Aontas. Ba cheart infheistíochtaí coigríche i láithreán úrnua teacht faoi raon feidhme an Rialacháin seo a mhéid a mheasann Ballstát go bhfuil siad ábhartha chun infheistíochtaí coigríche a scagadh toisc go gcruthaíonn siad naisc fhadtéarmacha dhíreacha idir infheisteoir coigríche agus na saoráidí sin nó na gnóthais sin. Ina theannta sin, trí shaoráidí nua a chur ar bun, is féidir tionchar a bheith ag infheisteoir coigríche ar an tslándáil agus ar an ord poiblí, lena n-áirítear i gcás ina mbaineann an riosca sin le hionchuir eacnamaíocha fhíor-riachtanacha. Spreagtar na Ballstáit dá bhrí sin chun infheistíochtaí coigríche i láithreán úrnua a chuimsiú i raon feidhme na n-idirbheart a chumhdaítear lena sásraí um scagadh, go háirithe i gcás ina ndéantar na hinfheistíochtaí sin in earnálacha atá ábhartha dá slándáil nó dá n-ord poiblí nó i gcás ina mbaineann saintréithe leo amhail méid nó a gcineál bunúsach a fhágann go bhfuil siad ábhartha dá slándáil nó dá n-ord poiblí.

(18) Chun próisis scagtha chomhsheasmhacha agus intuartha a áirithiú, is iomchuí tréithe fíor-riachtanacha na sásraí um scagadh a bheidh le cur chun feidhme ag na Ballstáit a leagan síos. Ba cheart a áireamh ar na tréithe sin, ar a laghad, raon feidhme na n-idirbheart a bheidh faoi réir ceanglas údarúcháin, sprioc-amanna le haghaidh an scagtha agus deis a bheith ag gnóthais lena mbaineann an cinneadh maidir le scagadh cúlárach a iarraidh in aghaidh na gcinntí sin. Ba cheart rialacha agus nósanna imeachta a bhaineann le sásraí um scagadh a bheith trédhearcach agus níor cheart aon idirdhealú a dhéanamh leo idir tríú tíortha.

(19) Leis an sásra comhair a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/452, cuirtear ar chumas na mBallstát dul i gcomhar agus cuidiú le chéile i gcás ina bhféadfadh infheistíocht dhíreach choigríche i mBallstát amháin difear a dhéanamh don tslándáil nó don ord poiblí i mBallstáit eile nó do thionscadail nó do chláir atá chun leasa an Aontais. Cruthaíodh go dtí seo go raibh an sásra sin an-úsáideach, dá bhrí sin, ba cheart é a choinneáil ar bun agus a láidriú faoin Rialachán seo.

(20) Chun a áirithiú maidir le hinfheistíochtaí coigríche ar dócha go ndéanfaidh siad difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas, go ndéanfar na hinfheistíochtaí sin a shainaithint go leormhaith, ba cheart do na Ballstáit infheistíochtaí coigríche a scagadh i gcás ina bhfuil an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais ina cuid de thionscadail nó de chlár atá chun leasa an Aontais nó rannpháirteach i dtionscadal nó i gclár den sórt sin, nó i gcás ina mbaineann gníomhaíocht eacnamaíoch na sprioc-chuideachta de chuid an Aontais le teicneolaíocht, sócmhainn, saoráid, trealamh, líonra, córas nó seirbhís lena mbaineann tábhacht ar leith chun leasanna slándála nó oird phoiblí an Aontais. I dteannta na gcritéar sin, d'fhéadfadh feidhm a bheith ag sásraí um scagadh maidir le hearnálacha eile, sprioc-chuideachtaí eile de chuid an Aontais nó le gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile a measann an Ballstát ábhartha ina leith go bhfuil siad ríthábhachtach dá shlándáil nó dá ord poiblí.

(21) Chun a áirithiú nach ndíreoidh an sásra comhair ach amháin ar na hinfheistíochtaí coigríche sin ina bhfágann saintréithe an infheisteora coigríche nó na sprice de chuid an Aontais gur dócha go mbeidh éifeacht ag an infheisteoir nó ag an sprioc-chuideachta ar an tslándáil nó ar an ord poiblí, is iomchuí na coinníollacha rioscabhunaithe a bhunú maidir le fógra a thabhairt do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoi infheistíochtaí coigríche a bhfuil scagadh á dhéanamh orthu i mBallstát. I gcás nach gcomhlíonfaidh infheistíocht choigríche aon cheann de na coinníollacha, an Ballstát ina bhfuil scagadh á dhéanamh ar an infheistíocht choigríche, d'fhéadfadh sé fógra a thabhairt faoin infheistíocht choigríche do na Ballstáit eile agus don Choimisiún, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil oibríochtaí suntasacha ag an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais i mBallstáit eile, nó ina mbaineann an sprioc-chuideachta sin le grúpa corparáideach a bhfuil roinnt cuideachtaí i mBallstáit dhifriúla aige.

(22) Chun a áirithiú maidir leis an éifeacht is dócha a bheidh ag infheistíochtaí coigríche ar an tslándáil nó ar an ord poiblí i mBallstát amháin nó níos mó, go ndéanfar an éifeacht sin a shainaithint go leormhaith, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann barúlacha a sholáthar do Bhallstát ina bhfuil sé beartaithe infheistíocht choigríche den sórt sin a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht choigríche sin fiú mura bhfuil an Ballstát sin ag scagadh na hinfheistíochta coigríche sin nó má tá an infheistíocht choigríche á scagadh ach nach bhfuil fógra fúithi tugtha don sásra comhair. Iarrataí ar fhaisnéis, freagraí agus barúlacha ó na Ballstáit, ba cheart fógra a thabhairt fúthu don Choimisiún go comhuaineach.

(23) Chun a áirithiú maidir leis an éifeacht is dócha a bheidh ag infheistíochtaí coigríche ar shlándáil nó ar ord poiblí níos nó ná aon Bhallstát amháin nó ar shlándáil nó ar ord poiblí an Aontais ina iomláine, go ndéanfar an éifeacht sin a shainaithint go leormhaith, ba cheart é a bheith indéanta ag an gCoimisiún tuairim a eisiúint de réir bhrí Airteagal 288 CFAE don Bhallstát ina bhfuil sé beartaithe infheistíocht choigríche den sórt sin a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht choigríche sin, fiú mura bhfuil scagadh á dhéanamh ar an infheistíocht choigríche sin sa Bhallstát sin nó má tá an infheistíocht choigríche á scagadh ach nach bhfuil fógra fúithi tugtha don sásra comhair.

(24) Thairis sin, chun go mbeifear in ann an tslándáil nó an t-ord poiblí a chosaint i gcás ina n-eascraíonn an éifeacht dhóchúil as infheistíocht choigríche i sprioc-chuideachta de chuid an Aontais arb infheistíocht í sin lena ndéantar foráil maidir le bonneagar, teicneolaíochtaí nó ionchuir a fhorbairt, a choinneáil ar bun nó a fháil, ar bonneagar, teicneolaíochtaí nó ionchuir iad sin atá criticiúil don Aontas ina iomláine, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann tuairim a eisiúint. A bhuí leis sin bheadh uirlis ag an

gCoimisiún chun tionscadail agus cláir a chosaint, ar tionscadail agus cláir iad a fhónann don Aontas ina iomláine agus a chuireann leis an Aontas ar bhealach tábhachtach i dtaca lena shlándáil nó lena ord poiblí. Tuairim ón gCoimisiún lena sainaithnítear an tionchar is dócha a bheidh ar thionscadail nó ar chláir atá chun leasa an Aontais ar fhoras na slándála nó an oird phoiblí, ba cheart fógra a thabhairt faoin tuairim sin do na Ballstáit uile.

(25) Thairis sin, ba cheart é a bheith indéanta ag an gCoimisiún tuairim a ghlacadh a dhíreofar ar na Ballstáit uile má shainaithníonn sé roinnt infheistíochtaí coigríche arb amhlaidh, agus iad á meas in éineacht le chéile, gur dócha go mbeidh tionchar acu ar shlándáil nó ar ord poiblí an Aontais. D'fhéadfadh sé gurbh amhlaidh é sin i gcás ina mbaineann saintréithe inchomparáide le roinnt infheistíochtaí coigríche. Áirítear orthu sin cás ina ndéanann an t-infheisteoir coigríche céanna na hinfheistíochtaí coigríche, nó i gcás ina mbaineann rioscaí comhchosúla le hinfheisteoirí coigríche, nó i gcás ina mbaineann roinnt infheistíochtaí coigríche leis an sprioc-chuideachta chéanna nó leis an mbonneagar céanna, lena n-áirítear bonneagar tras-Eorpach le haghaidh an iompair, an fhuinnimh agus na cumarsáide. Ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún an anailís riosca a phlé mar aon leis na bealaí lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a shainaithnítear sa tuairim.

(26) Chun an tslándáil nó an t-ord poiblí a chosaint agus níos mó deimhneachta a sholáthar d'infheisteoirí an tráth céanna, ba cheart é a bheith indéanta ag na Ballstáit barúlacha a dhéanamh agus ba cheart é a bheith indéanta ag an gCoimisiún tuairim a eisiúint maidir le hinfheistíochtaí coigríche a cuireadh i gcrích ach nach bhfuil fógra tugtha fúthu ar feadh tréimhse suas le 15 mhí tar éis don infheistíocht choigríche a bheith tugtha i gcrích.

(27) Ar mhaithe le tuilleadh soiléireachta, ba cheart liosta na dtionscadal nó na gclár atá chun leasa an Aontais a liostú in Iarscríbhinn I. Ba cheart a áireamh ar na tionscadail nó ar na cláir sin aon infheistíocht choigríche a dhéantar ar na líonraí tras-Eorpacha le haghaidh an iompair, an fhuinnimh agus na cumarsáide, mar aon le cláir lena soláthraítear cistiú le haghaidh taighde agus forbairt ar mhaithe le gníomhaíochtaí atá ábhartha do shlándáil nó d'ord poiblí an Aontais. I ngeall ar thábhacht na dtionscadal agus na gclár sin do shlándáil agus d'ord poiblí an Aontais, ba cheart do na Ballstáit scagadh a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche i ngnóthais de chuid an Aontais atá ina gcuid de na tionscadail nó de na cláir sin, nó atá rannpháirteach iontu, lena n-áirítear na tionscadail nó na cláir sin a fhaigheann cistiú ón Aontas.

(28) Chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh go leormhaith ar an éifeacht is dócha a bheidh ag infheistíocht choigríche ar an tslándáil nó ar an ord poiblí i mBallstát amháin nó níos mó, Ballstáit a fhaigheann barúlacha a bhfuil údar cuí leo ó Bhallstáit eile nó tuairim ón gCoimisiún, ba cheart dóibh na barúlacha nó an tuairim sin a bhreithniú go dian, lena n-áirítear i gcás ina measfaidh an Ballstát nach ndéantar difear dá shlándáil nó dá ord poiblí féin. Ba cheart don Bhallstát comhordú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit lena mbaineann más gá agus aiseolas i scríbhinn a chur ar fáil dóibh faoin gcinneadh a rinneadh agus faoin mbealach a breithníodh na barúlacha agus an tuairim go dian. An cinneadh críochnaitheach maidir le hinfheistíochtaí coigríche, is ar an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe infheistíocht choigríche den sórt sin a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht choigríche sin ba cheart an fhreagracht a bheith i gcónaí, agus air sin amháin.

(29) Chun feidhmiú éifeachtach an tsásra comhair a áirithiú, tá sé tábhachtach é a chur de cheangal ar an mBallstát a bhfuil fógra á thabhairt aige faoin infheistíocht choigríche

don sásra comhair íosleibhéal faisnéise a sholáthar i bhformáid chaighdeánaithe. I gcás ina mbaineann an comhar le hinfheistíocht choigríche nach bhfuil fógra tugtha fúithi don sásra comhair, an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe infheistíocht choigríche den sórt sin a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht choigríche sin, ba cheart é a bheith in ann ar a laghad an t-íosleibhéal céanna faisnéise a sholáthar. D'fhéadfadh an Coimisiún agus na Ballstáit faisnéis bhreise a iarraidh ón mBallstát ina bhfuil sé beartaithe infheistíocht choigríche den sórt sin a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht choigríche sin. Ba cheart údar cuí a bheith le haon iarraidh ar fhaisnéis bhreise, agus í teoranta don fhaisnéis is gá chun go soláthróidh na Ballstáit barúlacha nó go n-eiseoidh an Coimisiún tuairim, comhréireach le cuspóir na hiarrata agus gan ualach míchuí a chur ar an mBallstát a thugann fógra.

(30) Chun a áirithiú go mbeidh an comhar bunaithe ar fhaisnéis chruinn agus iomlán, ba cheart d'infheisteoir coigríche nó do ghnóthas aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar arna hiarraidh ag an mBallstát ina bhfuil sé bunaithe nó arna hiarraidh ag an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe infheistíocht choigríche den sórt sin a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht choigríche sin. In imthosca eisceachtúla, inarb amhlaidh, in ainneoin a dhícheall, nach mbeidh Ballstát in ann faisnéis arna hiarraidh ag Ballstát eile nó ag an gCoimisiún a fháil, ba cheart dó fógra a thabhairt dóibh gan mhoill. I gcás den sórt sin, aon bharúil a eiseoidh Ballstát eile nó aon tuairim a eiseoidh an Coimisiún mar chuid den sásra comhair, ba cheart é a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dóibh.

(31) Chun a áirithiú nach n-úsáidfear an sásra comhair ach amháin chun an tslándáil nó an t-ord poiblí a chosaint, ba cheart do na Ballstáit údar cuí a thabhairt le haon iarraidh a dhéanfaidh siad ar fhaisnéis faoi infheistíocht dhíreach choigríche shonrach i mBallstát eile, agus le haon bharúil a eiseoidh siad chuig an mBallstát sin. Tá feidhm ag na ceanglais chéanna i gcás ina n-iarrann an Coimisiún faisnéis faoi infheistíocht dhíreach choigríche ar leith nó ina n-eisíonn sé tuairim do Bhallstát.

(32) D'fhéadfadh na Ballstáit nó an Coimisiún a mheas, de réir mar is iomchuí, faisnéis ábhartha a fuarthas ó oibreoirí eacnamaíocha, ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ó chomhpháirtithe sóisialta (amhail ceardchumainn), a bhaineann le hinfheistíocht choigríche ar dócha go ndéanfaidh sí difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí.

(33) Ballstát ina bhfuil sé beartaithe infheistíocht choigríche den sórt sin a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht choigríche sin, d'fhéadfadh sé na Ballstáit eile nó an Coimisiún a chur ar an eolas más mian leis go ndéanfaidh siad anailís bhreise ar ghné amháin nó níos mó a bhaineann le hinfheistíocht choigríche a bhfuil measúnú á dhéanamh faoin sásra comhair uirthi nó má thagann an Ballstát sin ar an eolas faoi imthosca nua nó faoi fhaisnéis nua a bhféadfadh tionchar a bheith acu nó aici ar an measúnú ar an infheistíocht choigríche. D'fhéadfaí am breise a dheonú do na Ballstáit eile agus don Choimisiún ansin chun a measúnú ar an infheistíocht choigríche a chomhlánú.

(34) Chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an tsásra comhair a áirithiú, is gá sprioc-amanna agus nósanna imeachta a ailíniú i gcás ina ndéantar scagadh i roinnt Ballstát ar roinnt infheistíochtaí coigríche atá nasctha leis an idirbheart céanna níos leithne. In idirbhearta ilnáisiúnta den sórt sin, ba cheart don iarratasóir na hiarrataí difriúla ar údarú a chomhdú sna Ballstáit lena mbaineann go comhuaineach. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit sin fógra a thabhairt faoi na hiarrataí don sásra comhair go comhuaineach. Chun a áirithiú go láimhseálfar na hidirbhearta ilnáisiúnta sin go héifeachtúil, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann comhordú le chéile agus comhaontú maidir le cé acu is infheistíochtaí coigríche infhógartha atá sna

hinfheistíochtaí coigríche nó nach iad atá iontu, agus faoin gcás inar cheart fógra a thabhairt fúthu. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann comhordú le chéile maidir leis an gcinneadh críochnaitheach freisin. Má bheartaíonn na Ballstáit lena mbaineann an infheistíocht choigríche a údarú in éineacht le coinníollacha, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na coinníollacha sin comhoiriúnach le chéile agus go dtugtar aghaidh ar rioscaí trasteorann go hoiriúnach. Sula ndéanann siad infheistíocht choigríche a thoirmeasc, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann a mheas nach leormhaith é údarú coinníollach in éineacht le bearta comhordaithe agus forfheidhmiú comhordaithe na mbeart sin chun aghaidh a thabhairt ar an éifeacht dhóchúil ar an tslándáil nó ar an ord poiblí. Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann páirt a ghlacadh sa chomhordú sin.

(35) Chun cur chuige comhsheasmhach ar fud an Aontais a áirithiú i leith infheistíochtaí a scagadh, tá sé fíor-riachtanach maidir leis na caighdeáin agus na critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí dóchúla don tslándáil agus don ord poiblí, go leagtar na caighdeáin agus na critéir sin síos ar leibhéal an Aontais sa Rialachán seo. Ba cheart a chuimsiú leis na caighdeáin agus leis na critéir sin an tionchar ar shlándáil, sláine agus feidhmiú an bhonneagair chriticiúil, infhaighteacht na dteicneolaíochtaí criticiúla (lena n-áirítear príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin) agus soláthar leanúnach na n-ionchur criticiúil don tslándáil nó don ord poiblí, as a dtiocfadh mórthionchar ar an tslándáil agus ar an ord poiblí d'aon Bhallstát amháin nó níos mó nó don Aontas ina iomláine dá ndéanfaí iad a shuaitheadh, a chailleadh, a dhíothú nó dá dteipfeadh orthu. Maidir leis sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún comhthéacs agus imthosca na hinfheistíochta coigríche a chur san áireamh freisin. Ba cheart a chuimsiú leis sin, go háirithe, cé acu atá infheisteoir faoi rialú díreach nó indíreach, trí chistiú suntasach mar shampla, an rialtais i dtríú tír nó má tá infheisteoir rannpháirteach i gcuspóirí beartais tríú tíortha a shaothrú chun a gcumais mhíleata a éascú. Sa chomhthéacs sin, más infheidhme, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a mheas cén fáth a bhfuil an t-infheisteoir coigríche, a úinéir tairbhiúil nó aon cheann dá fhochuideachtaí nó duine, atá ag gníomhú thar cheann nó faoi stiúir infheisteoir coigríche den sórt sin, faoi réir aon chineáil de bhearta srianta an Aontais de bhun Airteagal 215 CFAE.

(36) I gcás inarb amhlaidh maidir leis an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe infheistíocht choigríche den sórt sin a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht choigríche sin, go measann an Ballstát sin gur dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí san Aontas, is iomchuí é a chur de cheangal ar an mBallstát sin bearta iomchuí a dhéanamh chun na rioscaí a mhaolú, i gcás ina mbeidh bearta den sórt sin ar fáil, agus ina measfaidh sé gurb oiriúnach iad, agus na barúlacha arna n-eisiúint ag na Ballstáit eile agus an tuairim arna heisiúint ag an gCoimisiún á mbreithniú go dian, más infheidhme. Níor cheart infheistíochtaí coigríche a thoirmeasc ach ar bhonn eisceachtúil amháin, agus i gcás nach leormhaith bearta maolaitheacha ná bearta atá ar fáil faoi dhlí an Aontais ná faoin dlí náisiúnta seachas an sásra um scagadh chun an éifeacht ar an tslándáil nó ar an ord poiblí a mhaolú.

(37) Chun tacú le cur chun feidhme an tsásra comhair agus chun malartú na ndea-chleachtas i measc na mBallstát a chothú, an grúpa saineolaithe maidir le scagadh na n-infheistíochtaí coigríche arna chur ar bun de bhun Rialachán (AE) 2019/452, ba cheart é a choinneáil ar bun.

(38) Ba cheart do na Ballstáit fógra faoina sásraí um scagadh agus faoi aon leasú orthu a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart dóibh cur i bhfeidhm a sásraí um scagadh a

thuairisciú don phobal go bliantúil maidir le forbairtí reachtacha ábhartha agus gníomhaíochtaí an údaráis scagtha, lena n-áirítear sonraí comhiomlána faoi na hidirbhearta a scagadh, torthaí na nósanna imeachta um scagadh, náisiúntacht na bpáirtithe in infheistíochtaí coigríche agus na hearnálacha eacnamaíocha ina ndearnadh na hidirbhearta sin.

(39) Chun éifeachtúlacht an tsásra comhair a áirithiú, ba cheart na pointí teagmhála a chuireann na Ballstáit agus an Coimisiún i bhfeidhm a shuíomh go hoiriúnach sna riaracháin faoi seach. Ba cheart foireann cháilithe a bheith ag na pointí teagmhála mar aon leis na cumhachtaí is gá chun a n-obair a dhéanamh faoin sásra um chomhordú agus chun láimhseáil cheart faisnéise rúnda a áirithiú.

(40) Ba cheart na Ballstáit agus an Coimisiún a spreagadh chun dul i gcomhar le húdaráis fhreagracha na dtríú tíortha atá ar aon intinn maidir le saincheisteanna a bhaineann le scagadh na n-infheistíochtaí díreacha coigríche ar dócha go ndéanfaidís difear don tslándáil dó don ord poiblí. Ba cheart í a bheith mar aidhm leis an gcomhar riaracháin sin éifeachtacht an chreata a neartú lena ndéanfaidh na Ballstáit scagadh ar infheistíochtaí díreacha coigríche agus lena ndéanfar comhar de bhun an Rialacháin seo idir na Ballstáit agus an Coimisiún. Ba cheart an Coimisiún a choimeád ar an eolas faoi na teagmhálaithe déthaobhacha sin a mhéid a bhaineann siad le saincheisteanna córasacha a bhaineann leis an scagadh infheistíochtaí. Ba cheart go mbeadh sé indéanta don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar a dtarlaíonn maidir le sásraí um scagadh i dtríú tíortha freisin.

(41) Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún rúndacht na faisnéise a sholáthraíonn nó a fhaigheann siad de thoradh an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais. I gcás ina bhféadfadh nochtadh neamhúdaraithe faisnéise céimeanna éagsúla dochair a dhéanamh do leasanna an Aontais Eorpaigh, nó do leasanna Ballstáit amháin nó níos mó, ba cheart do thionscnóir na faisnéise an fhaisnéis a rúnaicmiú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais faoi seach. Nuair a bheifear ag freagairt d'iarrataí rochtana ar dhoiciméid a láimhseáiltear i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, comhordóidh na Ballstáit agus an Coimisiún le chéile agus soláthróidh ar a laghad an leibhéal cosanta le haghaidh na leasanna faoi chosaint atá ar fáil faoi Airteagal 4 de Rialachán (CE) 1049/2001[5], d'fhonn cuspóir na n-imscrúduithe a chosaint. Ba cheart don Choimisiún na bearta uile is gá a dhéanamh chun cosaint na faisnéise rúnda a áirithiú i gcomhréir, go háirithe, le Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún[6] agus Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún[7]. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún na bearta uile is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Comhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint na faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais

---

5 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43-48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).

6 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/443/oj).

7 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/444/oj).

Eorpaigh[8]. Áirítear leis seo, go háirithe, an oibleagáid gan faisnéis rúnaicmithe a íosghrádú ná a scaoileadh ón rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón tionscnóir. Aon fhaisnéis atá de chineál íogair ach nach bhfuil rúnaicmithe nó aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar bhonn rúnda, ba cheart do na húdaráis í a láimhseáil amhlaidh.

(42) Ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo a bheith i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta. Ba cheart do na pointí teagmhála agus do na heintitis eile laistigh de na Ballstáit próiseáil sonraí pearsanta a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9]. Aon phróiseáil a dhéanfaidh an Coimisiún ar shonraí pearsanta, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10].

(43) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a tharraingt suas agus í a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ar mhaithe le trédhearcacht níos fearr, ba cheart an tuarascáil a chur ar fáil don phobal. Ba cheart an tuarascáil a bheith bunaithe, i measc nithe eile, ar thuarascálacha arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag na Ballstáit uile ar bhonn rúnda agus aird chuí á tabhairt ar an ngá chun rúndacht faisnéise áirithe a chosaint, go háirithe i gcás ina bhféadfaí difear a dhéanamh do shlándáil nó d'ord poiblí an Aontais le foilsiú na sonraí nó an rúndacht tráchtála a chur i mbaol leis.

(44) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus éifeachtacht an Rialacháin seo 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach 5 bliana dá éis sin agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ba cheart measúnú a chuimsiú sa tuarascáil sin ar cé acu ba cheart an Rialachán seo a leasú nó nár cheart. I gcás ina moltar sa tuarascáil sin go leasófaí an Rialachán seo, féadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil leis.

(45) Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha maidir le bearta sriantacha a fhorchur ar fhorais na slándála agus an oird phoiblí a leagtar síos i gcomhaontuithe EDT, lena n-áirítear, go háirithe, Airteagal XIV(a) agus Airteagal XIV *bis* den Chomhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí[11] (GATS).Ba cheart dó dlí an Aontais a chomhlíonadh freisin agus ba cheart é a bheith i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh faoi chomhaontuithe eile trádála agus infheistíochta ar comhpháirtithe iontu iad an tAontas nó na Ballstáit agus faoi chomhshocruithe trádála agus infheistíochta inar páirtithe iad an tAontas agus na Ballstáit.

---

8 Comhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le faisnéis rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO C 202, 8.7.2011, lch. 13).

9 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

10 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

11 Cinneadh ón gComhairle an 22 Nollaig 1994 a bhaineann leis na comhaontuithe ar thángthas orthu faoi Bhabhta Uragua de na caibidlíochtaí iltaobhacha (1986-1994) a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, i ndáil le hábhair a thagann faoina inniúlacht (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1).

(46) Más é atá san infheistíocht dhíreach choigríche comhchruinniú a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle[12], ba cheart nár dhochar cur chun feidhme an Rialacháin seo do chur i bhfeidhm Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004. Ba cheart an Rialachán seo agus Airteagal 21(4) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach. A mhéid atá raon feidhme an dá rialachán sin, faoi seach, ag forluí ar a chéile, ba cheart na forais atá leis an scagadh a leagtar amach in Airteagal 12 den Rialachán seo agus coincheap na leasanna dlisteanacha de réir bhrí Airteagal 21(4), an tríú fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004, a léirmhíniú ar bhealach comhleanúnach, gan dochar don mheasúnú ar a mhéid atá na bearta náisiúnta atá dírithe ar na leasanna sin a chosaint comhoiriúnach do phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus d'fhorálacha eile de dhlí an Aontais.

(47) Níor cheart difear a dhéanamh leis an Rialachán seo do rialacha an Aontais maidir le measúnú stuamachta ar shealúchais cháilithe san earnáil airgeadais a fháil, a leagtar síos le Treoracha 2009/138/CE[13], 2013/36/AE[14] agus 2014/65/AE[15] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar nós imeachta sainiúil é lena bhfuil cuspóir sonrach.

(48) Ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a bheith comhsheasmhach leis na nósanna imeachta eile um fhógra a thabhairt agus um údarú a leagtar amach i ndlí an Aontais, agus an cur i bhfeidhm sin a bheith gan dochar dóibh. Ba cheart a cheadú don Choimisiún úsáid a bhaint as an bhfaisnéis faoina dtugann na Ballstáit fógra don sásra comhair chun a ról formhaoirseachta ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 17 CAE.

(49) Ionas gur féidir forbairtí a bhaineann le tionscadail agus cláir atá chun leasa an Aontais a chur san áireamh agus an liosta a oiriúnú arb é sin an liosta teicneolaíochtaí, sócmhainní, saoráidí, trealaimh, líonraí, na córais, seirbhísí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena mbaineann tábhacht ar leith chun leasanna slándála nó oird phoiblí an Aontais, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú. Le liosta na dtionscadal agus na gclár atá chun leasa an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ba cheart tionscadail nó cláir a chumhdach ar tionscadail nó cláir iad a chumhdaítear le dlí an Aontais agus lena ndéantar foráil maidir le bonneagar criticiúil, teicneolaíochtaí criticiúla nó ionchuir chriticiúla a fhorbairt, a choinneáil ar bun nó a fháil agus ar bonneagar, ar teicneolaíochtaí nó ionchuir iad atá ríthábhachtach don tslándáil nó don ord poiblí. An liosta teicneolaíochtaí, sócmhainní, saoráidí, trealaimh, líonraí, na córais, seirbhísí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena mbaineann tábhacht ar leith

---

12 Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/139/oj).

13 Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Athárachais, agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/138/oj).

14 Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj).

15 Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/65/oj).

chun leasanna slándála nó oird phoiblí an Aontais agus a leagtar amach in Iarscríbhinn II, ba cheart réimsí a chuimsiú leis an liosta sin i gcás ina bhféadfadh infheistíocht choigríche difear a dhéanamh don tslándáil nó don ord poiblí i níos mó ná aon Bhallstát amháin nó san Aontas ina iomláine trí sprioc-chuideachta de chuid an Aontais, agus nach nglacann páirt i dtionscadal nó i gclár atá chun leasa an Aontais ná nach bhfaigheann cistí ó thionscadal nó ó chlár den sórt sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[16]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag dul i ngleic le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(50) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bhfoirm atá le húsáid chun faisnéis íosta a sholáthar faoi infheistíochtaí coigríche, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17].

(51) Ba cheart Rialachán (AE) 2019/452 a aisghairm. Chun go mbeidh tréimhse leordhóthanach ag na Ballstáit agus eintitis chun ullmhú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin, ba cheart feidhm a bheith aige ón [cuir dáta isteach: 15 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm]. San idirthréimhse idir teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2019/452 fós,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, cuirtear ar bun creat de chuid an Aontais síos chun go ndéanfaidh na Ballstáit scagadh ar infheistíochtaí coigríche ina gcríoch, ar fhoras na slándála nó an oird phoiblí.

2. Bunaítear sásra comhair leis an Rialachán seo chun é a chur ar chumas do na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis faoi infheistíochtaí coigríche a mhalartú, measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an tslándáil nó ar an ord poiblí, agus ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint ar ábhair

16 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

17 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

imní iad ar a ndéanfaidh an Ballstát a bhfuil an infheistíocht á scagadh aige aghaidh a thabhairt.

3. Féadfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta a ghlacadh i réimsí nach gcomhordaítear leis an Rialachán seo nó forálacha den sórt sin a choinneáil ar bun.

4. Ní dochar an Rialachán don fhreagracht atá ar gach Ballstát faoi leith, agus ar an mBallstát sin amháin, as a shlándáil náisiúnta, faoi mar a fhoráiltear dó in Airteagal 4(2) CAE, ná don cheart atá ag gach Ballstát faoi leith a leasanna bunúsacha slándála a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 346 CFAE.

5. Tá an Rialachán seo gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi na Conarthaí, go háirithe Airteagail 49 agus 63 CFAE. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh aon bheart a dhéanfar faoi chuimsiú an Rialacháin seo na hoibleagáidí sin. Tá an Rialachán seo gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin faoi Airteagal 258 CFAE chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'infheistíocht choigríche' infheistíocht dhíreach choigríche nó infheistíocht laistigh den Aontas lena mbaineann rialú coigríche eachtrach, lena gcumasaítear rannpháirtíocht éifeachtach i sprioc-chuideachta de chuid an Aontais a bhainistiú nó a rialú;

(2) ciallaíonn 'infheistíocht dhíreach choigríche' infheistíocht d'aon sórt arna déanamh ag infheisteoir coigríche atá dírithe ar naisc fhadtéarmacha dhíreacha a bhunú nó a choinneáil ar bun idir an t-infheisteoir coigríche agus sprioc-chuideachta atá ann cheana de chuid an Aontais nó sprioc-chuideachta den sórt sin atá le bunú, agus dá gcuireann an t-infheisteoir coigríche an caipiteal ar fáil chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i mBallstát;

(3) ciallaíonn 'infheistíocht laistigh den Aontas lena mbaineann rialú coigríche' infheistíocht d'aon sórt arna déanamh ag infheisteoir coigríche trí fhochuideachta an infheisteora coigríche san Aontas, atá dírithe ar naisc fhadtéarmacha dhíreacha a bhunú nó a choinneáil ar bun idir an t-infheisteoir coigríche agus sprioc-chuideachta atá ann cheana de chuid an Aontais nó sprioc-chuideachta den sórt sin atá le bunú, agus dá gcuireann an t-infheisteoir coigríche an caipiteal ar fáil chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i mBallstát;

(4) ciallaíonn 'iarraidh ar údarú' iarraidh a chomhdú, faoi shásra um scagadh arna bhunú de bhun Airteagal 3, chun infheistíocht choigríche a údarú faoi réir ceanglas údarúcháin;

(5) ciallaíonn 'infheistíocht infhógartha' infheistíocht choigríche a chomhlíonann ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5;

(6) ciallaíonn 'infheisteoir coigríche':

(a) duine nádúrtha ó thríú tír; nó

(b) gnóthas nó eintiteas arna bhunú nó arna eagrú ar bhealach eile faoi dhlíthe tríú tír;

(7) ciallaíonn ‘fochuideachta infheisteora coigríche san Aontas’ gnóthas atá gníomhach ar bhonn eacnamaíoch agus atá bunaithe faoi dhlíthe Ballstáit a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 22(1) de Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013[18], agus atá faoi rialú díreach nó indíreach infheisteoir coigríche;

(8) ciallaíonn ‘sprioc-chuideachta de chuid an Aontais’ gnóthas arna bhunú faoi dhlíthe Ballstáit;

(9) ciallaíonn ‘sprioc-chuideachta de chuid an Aontais atá gníomhach ar bhonn eacnamaíoch i gceann de na réimsí a liostaítear in Iarscríbhinn II’ sprioc-chuideachta de chuid an Aontais atá gníomhach nó a bheartaíonn a bheith gníomhach i dteicneolaíochtaí, sócmhainní, saoráidí, trealamh, líonraí, córais, seirbhísí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena mbaineann tábhacht ar leith maidir le leasanna slándála nó oird phoiblí an Aontais, a liostaítear in Iarscríbhinn II, lena n-áirítear trí úinéireacht, úsáid, táirgeadh nó soláthar na nithe sin;

(10) ciallaíonn ‘iarratasóir a iarrann údarú’ an páirtí nó na páirtithe in idirbheart infheistíochta coigríche a dhéanann iarratas ar údarú leis an údarás scagtha ábhartha;

(11) ciallaíonn ‘tríú tír’ aon dlínse nach ballstát den Aontas í;

(12) ciallaíonn ‘scagadh’ nós imeachta lena gceadaítear do Bhallstát infheistíochtaí díreacha coigríche a mheasúnú, a imscrúdú, a údarú, a údarú faoi réir bearta maolaitheacha, a thoirmeasc nó a leachtú ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí;

(13) ciallaíonn ‘sásra um scagadh’ ionstraim a bhfuil feidhm ghinearálta aici, amhail dlí nó rialachán, agus ceanglais riaracháin, rialacha cur chun feidhme nó treoirlínte a ghabhann leo, lena leagtar amach na téarmaí, na coinníollacha agus na nósanna imeachta maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche a scagadh ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí;

(14) ciallaíonn ‘cinneadh maidir le scagadh’ beart arna ghlacadh ag údarás scagtha i dtaca le sásra um scagadh a chur i bhfeidhm ar beart a ndéantar dá thoradh infheistíocht choigríche a údarú, a údarú faoi réir bearta maolaitheacha, a thoirmeasc nó a leachtú;

(15) ciallaíonn ‘údarás scagtha’ nó ‘údaráis scagtha’ an t-údarás nó na húdaráis arna ainmniú nó arna n-ainmniú ag Ballstát chun infheistíochtaí coigríche a scagadh;

(16) ciallaíonn ‘tabhairt i gcrích’ an pointe ama nuair a chomhlíontar an réamhchoinníoll deireanach nach foláir a chomhlíonadh i ndáil le cinneadh infheistíochta ag na páirtithe in idirbheart infheistíochta coigríche;

(17) ciallaíonn ‘sásra comhair’ an comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún maidir le hinfheistíochtaí coigríche de bhun an Rialacháin seo;

(18) ciallaíonn ‘tionscadail nó cláir atá chun leasa an Aontais’ tionscadail nó cláir a chumhdaítear le dlí an Aontais maidir le bonneagar criticiúil, teicneolaíochtaí criticiúla nó ionchuir chriticiúla a fhorbairt, a choinneáil ar bun nó a fháil, ar bonneagar, teicneolaíochtaí nó ionchuir iad atá ríthábhachtach don tslándáil agus don ord poiblí agus a liostaítear in Iarscríbhinn I;

---

[18] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (*IO L 182, 29.6.2013, lgh. 19-76, ELI:* http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

(19) ciallaíonn ‘Ballstát a thugann fógra’ Ballstát a bhfuil fógra tugtha aige maidir le hinfheistíocht infhógartha don sásra comhair de bhun Airteagal 5;

(20) ciallaíonn ‘idirbheart ilnáisiúnta’ infheistíocht choigríche atá faoi réir sásraí um scagadh i roinnt Ballstát;

(21) ciallaíonn ‘fógra ilnáisiúnta’ infheistíocht infhógartha a bhfuil sé de cheangal ar roinnt Ballstát fógra a thabhairt fúithi don sásra comhair;

(22) ciallaíonn ‘beart maolaitheach’ aon choinníoll chun an éifeacht dhiúltach a réiteach arb éifeacht dhiúltach ar an tslándáil nó ar an ord poiblí í sin a eascraíonn as an infheistíocht choigríche.

(23) ciallaíonn ‘pointe teagmhála’ an duine nó an t-eintiteas atá ainmnithe ag Ballstát chun fógra a thabhairt faoi infheistíochtaí infhógartha don sásra comhair, agus chun an chumarsáid uile a chumhdaítear leis an Rialachán a fháil agus a sheoladh chuig an sásra comhair, thar ceann an údaráis scagtha.

CAIBIDIL 2

SÁSRAÍ NÁISIÚNTA UM SCAGADH

Airteagal 3

Bunú na sásraí um scagadh

1. Déanfaidh na Ballstáit sásra um scagadh a bhunú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. An sásra um scagadh dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh feidhm aige ar a laghad maidir le hinfheistíochtaí atá faoi réir ceanglas údarúcháin de bhun Airteagal 4(4).

3. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoi na bearta arna nglacadh de bhun mhír 1 tráth nach déanaí ná [dáta: 15 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm]. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon leasú ar a sásra um scagadh laistigh de 30 lá ón tráth a ghlactar an leasú.

4. Cuirfidh an Coimisiún liosta de shásraí na mBallstát um scagadh ar fáil go poiblí tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis na fógraí uile dá dtagraítear i mír 3 a fháil nó faoin [dáta: 21 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm], cibé acu is túisce. Coimeádfaidh an Coimisiún an liosta sin cothrom le dáta.

Airteagal 4

Íoscheanglais

1. Rialacha agus nósanna imeachta a bhaineann le sásraí um scagadh, agus bearta a dhéantar de bhun na rialacha agus na nósanna imeachta sin, comhlíonfaidh siad dlí an Aontais, beidh siad trédhearcach agus ní dhéanfar idirdhealú leo idir tríú tíortha ná idir na Ballstáit ina bhfuil fochuideachta an infheisteora coigríche san Aontas bunaithe.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh a sásraí um scagadh na ceanglais seo a leanas:

   (a) déanfar foráil maidir le nósanna imeachta oiriúnach le haghaidh an údaráis scagtha chun a chinneadh cé acu tá nó nach bhfuil dlínse aige ar infheistíocht

choigríche a chomhdaítear lena húdarú agus chun athbhreithniú tosaigh a dhéanamh, a ndéanfar dá éis, i gcás inar gá, grinn-imscrúdú chun a chinneadh cé acu is dócha nó nach dócha go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche sin difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí. Is é an cuspóir a bheidh ag an ngrinn-imscrúdú, go háirithe, a chinneadh cé acu is iomchuí nó nach iomchuí cinneadh maidir le scagadh dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus chun ábhar an chinnidh sin a chinneadh.

(b) déanfaidh an t-údarás scagtha faireachán ar an gcomhlíontacht leis an sásra um scagadh agus le cinntí maidir le scagadh agus áiritheoidh an chomhlíontacht sin. Go sonrach, cuirfidh sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun imchéimniú an tsásra um scagadh agus na gcinntí maidir le scagadh a shainaithint agus a chosc;

(c) tabharfar de chumhacht don údarás scagtha tosú ar infheistíochtaí coigríche a scagadh ar a thionscnamh féin ar feadh ar a laghad 15 mhí tar éis d'infheistíocht choigríche a bheith tugtha i gcrích arb infheistíocht choigríche í sin nach bhfuil faoi réir ceanglas údarúcháin i gcás ina mbeidh foras ag an údarás scagtha chun a mheas go bhféadfadh an infheistíocht choigríche difear a dhéanamh don tslándáil nó don ord poiblí;

(d) cosnófar faisnéis rúnda, lena n-áirítear faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a chuirfear ar fáil don Bhallstát a dhéanfaidh an scagadh;

(e) infheisteoirí coigríche, fochuideachtaí infheisteoirí coigríche san Aontas ar tríothu a dhéantar an infheistíocht choigríche agus gnóthais a bhaineann le cinneadh maidir le scagadh, beidh sé indéanta acu cúlárach breithiúnach a lorg in aghaidh an chinnidh sin maidir le scagadh;

(f) cuirfear tuarascáil bhliantúil ar fáil go poiblí, agus cuimseofar inti faisnéis faoi fhorbairtí reachtacha ábhartha sa Bhallstát agus sonraí anaithnidithe agus comhiomlánaithe ar na hinfheistíochtaí a scagadh, lena n-áirítear toradh na gcinntí maidir le scagadh, náisiúntacht, nó tír thionscnaimh de réir mar a bheidh, na bpáirtithe sna hinfheistíochtaí faoina dtugtar fógra don údarás scagtha, agus na hearnálacha eacnamaíocha ina ndearnadh na hidirbhearta sin;

(g) infheistíochtaí coigríche atá faoi réir ceanglas údarúcháin dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh an t-iarratasóir a iarrfaidh údarú iad a chomhdú leis an údarás scagtha agus scagfar na hinfheistíochtaí sin sula dtabharfar an infheistíocht choigríche i gcrích;

(h) tabharfar de chumhacht don údarás scagtha bearta maolaitheacha a fhorchur, infheistíochtaí coigríche atá faoi réir ceanglas údarúcháin dá dtagraítear i mír 4 a thoirmeasc, nó a leachtú, arb infheistíochtaí iad nár comhdaíodh nó a comhdaíodh tar éis dóibh a bheith tugtha i gcrích agus, i gcás inarb infheidhme, tabharfaidh an t-údarás scagtha aghaidh go héifeachtach ar iarmhairtí na neamhchomhlíontachta leis na bearta maolaitheacha;

(i) déanfar foráil maidir le nósanna imeachta oiriúnach um fhógra a thabhairt faoi infheistíochtaí infhógartha don sásra comhair de bhun Airteagal 5.

3. Sula ndéanfar cinneadh chun infheistíocht choigríche a údarú faoi réir bearta maolaitheacha nó infheistíocht choigríche a thoirmeasc, cuirfidh na Ballstáit an t-iarratasóir a iarrann údarú ar an eolas agus luafaidh na cúiseanna atá leis an gcinneadh atá beartaithe acu a dhéanamh, faoi réir cosaint faisnéise rúnda a mbeadh nochtadh na faisnéise sin bunoscionn le leasanna slándála nó oird phoiblí an Aontais

nó le leasanna Ballstáit amháin nó níos mó agus gan dochar do dhlí an Aontais ná don dlí náisiúnta a bhaineann le faisnéis rúnda a chosaint. Tabharfaidh na Ballstáit an deis don infheisteoir coigríche a thuairimí a chur in iúl sula ndéanfar an cinneadh sin.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhforchuirfear lena sásraí um scagadh ceanglas údarúcháin le haghaidh infheistíochtaí coigríche i gcás ina mbeidh an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais atá bunaithe ina chríoch:

(a) ina cuid de cheann de na tionscadail nó de na cláir atá chun leasa an Aontais nó rannpháirteach i dtionscadal nó i gclár den sórt sin a liostaítear in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear mar fhaighteoir cistí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, mír 53, de Rialachán (AE) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [19], nó

(b) gníomhach ar bhonn eacnamaíoch i gceann de na réimsí a liostaítear in Iarscríbhinn II.

CAIBIDIL 3

SÁSRA COMHAIR AN AONTAIS MAIDIR LE hINFHEISTÍOCHTAÍ COIGRÍCHE AR DÓCHA GO nDÉANFAIDH SIAD DIFEAR DIÚLTACH DON tSLÁNDÁIL NÓ DON ORD POIBLÍ

Airteagal 5

Fógra a thabhairt faoi infheistíochtaí coigríche

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an sásra comhair faoi aon infheistíocht choigríche i sprioc-chuideachta de chuid an Aontais atá bunaithe ar a gcríoch:

(a) a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(4), pointe (a); nó

(b) a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(4), pointe (b) agus a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) tá an t-infheisteoir coigríche nó fochuideachta an infheisteora coigríche san Aontas faoi rialú díreach nó indíreach rialtais tríú tír, lena n-áirítear comhlachtaí stáit, údaráis réigiúnacha nó údaráis áitiúla nó fórsaí armtha tríú tír, lena n-áirítear trí struchtúr úinéireachta, trí chistiú suntasach, trí chearta speisialta nó trí stiúrthóirí nó bainisteoirí arna gceapadh ag an stát;

[19] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lgh. 1–222, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).

(ii) an t-infheisteoir coigríche, duine nádúrtha nó eintiteas a bhfuil an t-infheisteoir coigríche faoina rialú, úinéir tairbhiúil an infheisteora coigríche, aon cheann d'fhochuideachtaí an infheisteora coigríche, nó aon pháirtí eile atá faoi úinéireacht nó faoi rialú infheisteoir coigríche sin den sórt sin, nó atá ag gníomhú thar cheann nó faoi stiúir an infheisteora sin, tá sé faoi réir bhearta sriantacha an Aontais de bhun Airteagal 215 CFAE; nó

(iii) bhí an t-infheisteoir coigríche nó aon cheann dá fhochuideachtaí rannpháirteach in infheistíocht choigríche a scag Ballstát roimhe agus nár údaraíodh nó nár údaraíodh ach in éineacht le coinníollacha; chun é sin a chinneadh, braithfidh an Ballstát a thugann fógra ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil dóibh, lena n-áirítear an fhaisnéis atá sa bhunachar sonraí slán arna bhunú de bhun Airteagal 7(10) agus ar fhaisnéis arna soláthair ag an infheisteoir coigríche maidir leis an ábhar sin.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi aon infheistíocht choigríche i sprioc-chuideachta de chuid an Aontais atá bunaithe ar a gcríoch i gcás ina dtionscnaíonn siad grinn-imscrúdú faoina nósanna imeachta um scagadh. Thairis sin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi aon infheistíocht choigríche i sprioc-chuideachta de chuid an Aontais atá bunaithe ar a gcríoch, i gcásanna eisceachtúla, i gcás ina mbeartaíonn siad beart maolaitheach a fhorchur nó an t-idirbheart a thoirmeasc gan ghrinn-imscrúdú.

3. D'fhéadfadh na Ballstáit fógra a thabhairt faoi aon infheistíocht choigríche nach gcomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 má mheasann an Ballstát mar a bhfuil an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais bunaithe go bhféadfadh infheistíocht choigríche a bheith ina díol spéise do na Ballstáit eile agus don Choimisiún ó thaobh na slándála nó an oird phoiblí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil oibríochtaí suntasacha ag an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais i mBallstáit eile, nó ina mbaineann an sprioc-chuideachta sin do ghrúpa corparáideach a bhfuil roinnt cuideachtaí i mBallstáit dhifriúla aige atá gníomhach ar bhonn eacnamaíoch i gceann de na réimsí a liostaítear in Iarscríbhinn II.

I gcás ina mbeartaíonn Ballstát fógra a thabhairt faoi infheistíocht choigríche ina chríoch atá ina cuid d'idirbheart ilnáisiúnta de bhun Airteagal 6(2), comhordóidh sé leis na Ballstáit eile a fuair an iarraidh ar údarú. Tabharfaidh na Ballstáit faoi seach fógra faoin idirbheart ilnáisiúnta agus féachfaidh siad lena bhfógraí a sheoladh chuig an sásra comhair an lá céanna.

Airteagal 6

Ábhar agus nósanna imeachta maidir le fógra a thabhairt faoi infheistíochtaí coigríche

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh i bhfógra de bhun Airteagal 5 an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10(1) agus go seolfar chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit eile é tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4):

(a) laistigh de 15 lá féilire tar éis dóibh an iarraidh faoi seach a fháil ar údarú le haghaidh infheistíochtaí coigríche a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(1) nó (3);

(b) laistigh de 60 lá féilire tar éis dóibh an iarraidh a fháil ar údarú le haghaidh infheistíochtaí coigríche a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2).

2. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta seo a leanas maidir le hidirbhearta ilnáisiúnta:

(a) déanfaidh iarratasóirí a iarrann údarú a n-iarrataí ar údarú a chomhdú sna Ballstáit ábhartha uile an lá céanna, agus déanfar tagairt do na hiarrataí eile i ngach iarraidh ar údarú;

(b) i gcás ina bhfaigheann Ballstát iarraidh ar údarú a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a), comhordóidh sé leis na Ballstáit eile lena mbaineann, *inter alia*, chun a chinneadh cé acu is infheidhme pointe (c) nó (d) den mhír sin; d'fhéadfadh an Coimisiún páirt a ghlacadh i gcomhordú den sórt sin arna iarraidh sin do Bhallstát amháin nó níos mó;

(c) má bhaineann na hiarrataí ar údarú le hinfheistíocht choigríche a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(1), seolfaidh na Ballstáit faoi seach a bhfógraí chuig an sásra comhair an lá céanna agus laistigh den sprioc-am a leagtar síos i bpointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo;

(d) má bhaineann na hiarrataí ar údarú le hinfheistíocht choigríche a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2), féachfaidh na Ballstáit faoi seach lena bhfógraí a sheoladh chuig an sásra comhair an lá céanna.

Airteagal 7

Barúlacha ó na Ballstáit agus tuairimí ón gCoimisiún maidir le hinfheistíochtaí coigríche faoina dtugtar fógra

1. Féadfaidh aon Bhallstát barúlacha cuí-réasúnaithe a eisiúint don Bhallstát a thugann fógra tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4). Féadfaidh Ballstát barúlacha den sórt sin a eisiúint:

(a) má mheasann sé gur dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach dá shlándáil nó dá ord poiblí; nó

(b) má tá faisnéis aige atá ábhartha don scagadh ar an infheistíocht choigríche sin.

Déanfaidh an Ballstát a eiseoidh barúlacha na barúlacha sin uaidh a sheoladh chuig an gCoimisiún i gcomhuain leis na Ballstáit eile uile a chur ar an eolas tríd an sásra comhair go bhfuil barúlacha curtha ar fáil.

2. Féadfaidh an Coimisiún tuairim chuí-réasúnaithe a eisiúint chuig an mBallstát a thugann fógra tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4). Féadfaidh an Coimisiún an tuairim sin a eisiúint:

(a) má mheasann sé gur dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche dá shórt difear diúltach do shlándáil nó d'ord poiblí níos nó ná aon Bhallstát amháin;

(b) i gcás ina measfaidh sé gur dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach do thionscadail nó do chláir atá chun leasa an Aontais ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí;

nó

(c) i gcás ina bhfuil faisnéis ábhartha aige a bhaineann leis an infheistíocht choigríche sin.

Féadfaidh an Coimisiún tuairim a eisiúint gan beann ar cé acu a d'eisigh nó nár eisigh na Ballstáit barúlacha.

3. Féadfaidh an Coimisiún tuairim atá réasúnaithe mar is cuí a eisiúint a dhíreofar ar na Ballstáit uile má mheasann sé go bhféadfadh roinnt infheistíochtaí coigríche nó infheistíochtaí comhchosúla eile dá ndéanfaí iad, agus iad á meas in éineacht le chéile, agus ag féachaint dá saintréithe, difear a dhéanamh do shlándáil nó d'ord poiblí an Aontais. Tar éis tuairim ón gCoimisiún a eisiúint, féadfaidh an Coimisiún, de réir mar is iomchuí, plé a dhéanamh leis na Ballstáit maidir le conas aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta.

4. Maidir leis an gCoimisiún:

   (a) tuairimí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) agus (c) de mhír 2 a sheoladh chuig na Ballstáit uile a sholáthair barúlacha agus fógra a thabhairt do na Ballstáit eile gur eisíodh tuairim tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4);

   (b) tuairimí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (b) de mhír 2 agus tuairimí lena gcomhlíontar na coinníollacha i mír 3 a sheoladh chuig na Ballstáit uile tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4).

5. I gcás ina bhfaighidh Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin barúil ó Bhallstát eile de bhun mhír 1 nó tuairim ón gCoimisiún de bhun mhír 2 nó 3, breithneoidh sé go dian barúil nó tuairim den sórt sin.

6. Tar éis barúil a fháil de bhun mhír 1, cuirfidh an Ballstát cruinniú ar bun leis na Ballstáit a d'eisigh barúlacha chun plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaithníodh. Má easaontaíonn an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin leis na rioscaí a sainaithníodh nó, más infheidhme, leis an mbeart a moladh leis an mbarúil, beidh sé mar aidhm ag na Ballstáit réitigh mhalartacha a shainaithint. I gcás ina mbaineann an bharúil le hidirbheart ilnáisiúnta, iarrfar ar na Ballstáit eile a thug fógra faoin infheistíocht choigríche plé a dhéanamh ar cibé atá na torthaí atá beartaithe comhoiriúnach lena chéile agus, i gcás inarb infheidhme, cibé atá na coinníollacha atá beartaithe in ann aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar rioscaí trasteorann sainaitheanta. Tabharfar cuireadh don Choimisiún freastal ar aon chruinniú den sórt sin.

7. Tar éis tuairim a fháil de bhun mhír 2 nó 3, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an nós imeachta a leagtar amach i mír 6.

8. Tar éis tuairim a fháil de bhun mhír 2 nó 3, déanfaidh an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin an méid seo a leanas:

   (a) a chinneadh maidir le scagadh a chur in iúl do na Ballstáit faoi seach agus don Choimisiún tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4) tráth nach déanaí ná 3 lá féilire tar éis é a sheoladh chuig na páirtithe faoi seach leis an infheistíocht choigríche;

   (b) míniú i scríbhinn a sholáthar do na Ballstáit faoi seach agus don Choimisiún tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4) tráth nach

déanaí ná 7 lá féilire tar éis fógra a thabhairt maidir leis an gcinneadh maidir le scagadh de bhun mhír (a) maidir leis an méid seo a leanas:

(i)a mhéid a bhreithnigh sé go dian barúlacha na mBallstát nó tuairim an Choimisiúin; nó

(ii) an chúis nár aontaigh sé le barúlacha na mBallstát ná le tuairim an Choimisiúin.

9. I gcás ina sonróidh na Ballstáit nó an Coimisiún nach mbreithnítear go dian sa chinneadh maidir le scagadh dá dtagraítear i mír 8, fomhír (a), den Airteagal seo na barúlacha a thug siad de bhun mhír 1 ná an tuairim arna soláthar de bhun mhír 2 nó 3, eagróidh an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin cruinniú chun na bacainní ar thángthas orthu nó na cúiseanna a bhí leis an easaontas a mhíniú agus féachfaidh sé le réitigh a shainaithint, i gcás ina dtiocfaidh cás comhchosúil chun cinn amach anseo. I gcás ina mbaineann an cinneadh maidir le scagadh le fógra ilnáisiúnta, tabharfar cuireadh freisin do na Ballstáit eile a thug fógra maidir leis an infheistíocht choigríche don sásra comhair. Tabharfar cuireadh don Choimisiún freastal ar aon chruinniú a eagrófar de bhun na míre seo.

10. Bunóidh an Coimisiún bunachar sonraí slán a chuirfear ar fáil do na Ballstáit uile ina mbeidh faisnéis faoi na hinfheistíochtaí coigríche arna measúnú ag an sásra comhair agus faoi thoradh na measúnuithe faoi na sásraí náisiúnta um scagadh, lena n-áirítear faisnéis faoi na cinntí ábhartha maidir le scagadh. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis atá ar fáil dó ón 12 Deireadh Fómhair 2020 a uaslódáil chuig an mbunachar sonraí sin. Faoin [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], an fhaisnéis atá ar fáil dóibh faoi thoradh an nós imeachta ábhartha faoina sásraí um scagadh féin, déanfaidh na Ballstáit í a uaslódáil chuig an mbunachar sonraí sin. Féadfaidh siad mínithe breise a sholáthar freisin.

11. Agus barúlacha nó tuairim á n-eisiúint ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún de bhun an Airteagail seo, breithneoidh siad, de réir mar a bheidh, ar cheart barúlacha nó tuairim den sórt sin a bheith ina faisnéis rúnaicmithe agus cén leibhéal aicmiúcháin ba cheart a bheith i bhfeidhm maidir léi, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta faoi seach maidir le faisnéis rúnaicmithe.

Airteagal 8

Sprioc-amanna agus nósanna imeachta chun barúlacha agus tuairimí a sholáthar maidir le hinfheistíochtaí coigríche ar tugadh fógra ina leith

1. Sula n-eiseoidh Ballstát barúil nó sula n-eiseoidh an Coimisiún tuairim de bhun Airteagal 7, beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas:

(a) Cuirfidh na Ballstáit an Ballstát a thugann fógra ar an eolas tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4) go bhforchoimeádann siad a gceart barúlacha a eisiúint tráth nach déanaí ná 15 lá féilire tar éis dóibh an fógra de bhun Airteagal 5 a fháil;

(b) cuirfidh an Coimisiún an Ballstát a thugann fógra ar an eolas tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4) go bhforchoimeádann sé a cheart tuairim a eisiúint tráth nach déanaí ná 20 lá féilire tar éis dó an fógra de bhun Airteagal 5 a fháil.

2. Le linn do na Ballstáit agus don Choimisiún a gceart maidir le barúlacha nó tuairim a eisiúint a choimeád, féadfaidh siad faisnéis bhreise a iarraidh ar an mBallstát a thugann fógra. Beidh údar cuí le haon iarraidh ar fhaisnéis bhreise, agus í teoranta don fhaisnéis is gá chun go soláthróidh na Ballstáit barúlacha nó chun go n-eiseoidh an Coimisiún tuairim, comhréireach le cuspóir na hiarrata agus gan ualach míchuí a chur ar an mBallstát a thugann fógra. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát faisnéis bhreise ar an mBallstát a thugann fógra, seolfaidh sé na hiarrataí sin chuig an gCoimisiún go comhuaineach.

3. Beidh feidhm ag na sprioc-amanna seo a leanas maidir le barúlacha a eiseoidh Ballstáit agus maidir le tuairimí a eiseoidh an Coimisiún dá dtagraítear in Airteagal 7:

(a) i gcás ina gcoimeádann Ballstát a cheart barúlacha a eisiúint maidir le hinfheistíocht choigríche ar tugadh fógra fúithi gan faisnéis bhreise a iarraidh ón mBallstát a thugann fógra, cuirfear na barúlacha faoi seach faoi bhráid an Bhallstáit a thugann fógra tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4) tráth nach déanaí ná 35 lá féilire tar éis fógra iomlán a fháil faoin infheistíocht choigríche;

(b) i gcás ina gcoimeádann an Coimisiún a cheart tuairim a eisiúint maidir le hinfheistíocht choigríche ar tugadh fógra fúithi gan faisnéis bhreise a iarraidh ón mBallstát a thugann fógra, cuirfear an tuairim faoi seach faoi bhráid an Bhallstáit a thugann fógra tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4) tráth nach déanaí ná 45 lá féilire tar éis fógra iomlán faoin infheistíocht choigríche a fháil;

(c) i gcás ina gcoimeádann Ballstát a cheart barúlacha a eisiúint maidir le hinfheistíocht choigríche ar tugadh fógra fúithi agus ina n-iarrann sé faisnéis bhreise ón mBallstát a thugann fógra, cuirfear na barúlacha faoi seach faoi bhráid an Bhallstáit a thugann fógra tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4) tráth nach déanaí ná 20 lá féilire tar éis an fhaisnéis bhreise iomlán a fháil;

(d) i gcás ina bhforchoimeádann an Coimisiún a cheart tuairim a eisiúint agus ina n-iarrann sé faisnéis bhreise ón mBallstát a thugann fógra, eiseofar an tuairim faoi seach chuig an mBallstát a thugann fógra tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4) tráth nach déanaí ná 30 lá féilire tar éis an fhaisnéis bhreise iomlán a fháil.

Ní dhéanfaidh an Ballstát a thugann fógra a chinneadh maidir le scagadh ach amháin tar éis do na sprioc-amanna dá dtagraítear i bpointí (a)-(d) dul in éag.

4. Tabharfaidh an Ballstát a thugann fógra, fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4) maidir le haon fhaisnéis nó imthosca suntasacha nua atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar infheistíocht choigríche ar tugadh fógra fúithi cheana de bhun Airteagal 5. Má chuirtear an fhaisnéis sin ar fáil sula rachaidh na sprioc-amanna a leagtar amach i mír 3 in éag, féachfaidh an Ballstát a thugann fógra, an Coimisiún agus na Ballstáit eile le teacht ar chomhaontú maidir le síneadh ama ar an sprioc-am a bheidh inghlactha go frithpháirteach. Más rud é go bhfuil na sprioc-amanna le haghaidh an mheasúnaithe ar an bhfógra tosaigh a leagtar amach i mír 3 caite, cuirfear tús leo arís i gcomhréir leis na sprioc-amanna a leagtar amach i bpointe (c) agus (d) de mhír 3.

5. Soláthróidh an Ballstát a thugann fógra an fhaisnéis bhreise iomlán arna hiarraidh ag an gCoimisiún nó ag na Ballstáit eile de bhun mhír 2 gan moill mhíchuí tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4). I gcás ina soláthróidh an Ballstát a thugann fógra faisnéis bhreise do Bhallstát, seolfar an fhaisnéis bhreise sin chuig an gCoimisiún go comhuaineach.

6. I gcás ina bhfaighidh an Ballstát a thugann fógra roinnt iarrataí ar fhaisnéis bhreise faoin infheistíocht infhógartha chéanna, soláthróidh sé an fhaisnéis bhreise uile a iarrtar go comhuaineach.

7. I gcás ina bhfaighidh roinnt Ballstát a thugann fógra iarrataí ar fhaisnéis bhreise maidir le fógra ilnáisiúnta ar leith, tosóidh na sprioc-amanna a leagtar amach i mír 3 ar an dáta a bhfaighfear an fhaisnéis bhreise iomlán dheireanach. Cuirfidh an Coimisiún an dáta sin agus an sprioc-am in iúl do na Ballstáit faoi seach.

8. Más rud é, de bharr imthosca eisceachtúla, go measann an Ballstát a bhfuil fógra á thabhairt aige go bhfuil gá, ar mhaithe lena shlándáil nó lena ord poiblí, cinneadh maidir le scagadh a eisiúint roimh na sprioc-amanna dá dtagraítear i mír 3, tabharfaidh sé fógra do na Ballstáit eile agus don Choimisiún faoina rún agus tabharfaidh sé údar cuí leis an ngá le gníomhaíocht láithreach. Soláthróidh na Ballstáit eile agus an Coimisiún barúlacha nó eiseoidh siad tuairim go gasta. Ní dhéanfar an nós imeachta sin a agairt chun freastal ar leasanna tráchtála an iarratasóra a bhfuil an t-údarú á iarraidh aige, agus chun na leasanna sin amháin.

9. Déanfar na sprioc-amanna uile a leagtar amach san Airteagal seo a chur ar fionraí idir an 25 Nollaig agus an 1 Eanáir agus cuirfear tús leo arís an 2 Eanáir.

Airteagal 9

Nós imeachta féintionscnaimh

1. Ballstát a mheasann gur dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche i gcríoch Ballstáit eile nár tugadh fógra ina leith don sásra comhair dochar dá shlándáil nó dá ord poiblí, féadfaidh sé nós imeachta féintionscnaimh a chur ar bun maidir leis an infheistíocht choigríche sin. Sula gcuirfear tús leis an nós imeachta, an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht, seiceálfaidh an Ballstát nach bhfuil sé ar intinn ag an mBallstát eile sin fógra a thabhairt faoin infheistíocht choigríche don sásra comhair.

2. Deonófar ar a laghad 15 mhí do na Ballstáit, tar éis an infheistíocht choigríche a bheith déanta, an ceart chun tús a chur leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 1, ar choinníoll nár cuireadh an infheistíocht choigríche faoi seach in iúl don sásra comhair idir an dá linn.

3. Féadfaidh an Coimisiún tús a chur le nós imeachta féintionscnaimh nuair a mheasann sé go dtagann infheistíocht choigríche i gcríoch Ballstáit nár tugadh fógra ina leith don sásra comhair faoi Airteagal 7(2)). Sula gcuirfear tús leis an nós imeachta, seiceálfaidh an Coimisiún nach bhfuil sé ar intinn ag an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht fógra a thabhairt faoin infheistíocht choigríche don sásra comhair.

4. Deonófar 15 mhí ar a laghad don Choimisiún, tar éis an infheistíocht choigríche a dhéanamh, chun tús a chur leis an nós imeachta a leagtar amach i mír 3, ar choinníoll nár tugadh fógra don sásra comhair maidir leis an infheistíocht choigríche faoi seach idir an dá linn.

5. Cuirfidh na Ballstáit nó an Coimisiún tús le nós imeachta féintionscnaimh a leagtar amach i mír 1 agus 3 faoi seach trí iarraidh atá réasúnaithe go cuí ar fhaisnéis a sheoladh tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4) chuig an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin. Beidh údar cuí le haon iarraidh ar fhaisnéis de bhun na míre seo, agus í teoranta don fhaisnéis is gá chun go soláthróidh na Ballstáit barúlacha nó chun go n-eiseoidh an Coimisiún tuairim, a bheidh comhréireach le cuspóir na hiarrata agus gan ualach míchuí a chur ar an mBallstát a thugann fógra. I gcás ina gcuirfidh Ballstát an iarraidh ar fhaisnéis isteach, seolfaidh an Ballstát sin an iarraidh chuig an gCoimisiún go comhuaineach.

6. Soláthróidh an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin an fhaisnéis iomlán arna hiarraidh ag na Ballstáit eile nó ag an gCoimisiún de bhun mhír 5 gan moill mhíchuí tríd an gcóras slán agus criptithe dá dtagraítear in Airteagal 12(4). I gcás ina soláthróidh an Ballstát a thugann fógra faisnéis bhreise do Bhallstát, seolfar an fhaisnéis bhreise sin chuig an gCoimisiún go comhuaineach.

7. Tar éis dóibh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 6 a fháil, féadfaidh na Ballstáit barúlacha a sholáthar agus féadfaidh an Coimisiún tuairim a thabhairt don Bhallstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagail 7 agus 8, faoi réir na modhnuithe seo a leanas:

   (a) seolfar barúlacha na mBallstát nó an tuairim ón gCoimisiún tráth nach déanaí ná 35 lá féilire tar éis an fhaisnéis iomlán a iarrtar de bhun mhír 5 a fháil.

   (b) maidir le nósanna imeachta arna dtionscnamh de bhun mhír 1, beidh 15 lá féilire breise ag an gCoimisiún chun tuairim a eisiúint tar éis don sprioc-am don Bhallstát a leagtar amach i bpointe (a) den mhír seo dul in éag.

Airteagal 10

Ceanglais faisnéise

1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis a sholáthraítear san fhógra dá dtagraítear in Airteagal 5 agus san iarraidh ar fhaisnéis dá dtagraítear in 9(5):

   (a) ainm an infheisteora, úinéir deiridh domhanda an infheisteora agus sprioc-chuideachta an Aontais, struchtúr úinéireachta an infheisteora agus, i gcás inarb infheidhme, struchtúr úinéireachta an ghrúpa chorparáidigh a bhfuil an t-infheisteoir ina chuid de;

   (b) tuairisc chuimsitheach ar an infheistíocht, ar a luach agus ar a faisnéis maidir le húinéireacht sprioc-chuideachta an Aontais, roimh an infheistíocht choigríche agus ina diaidh, maidir le cistiú na hinfheistíochta agus a foinse, ar bhonn na faisnéise is fearr atá ar fáil don Bhallstát;

   (c) ainm agus seoladh sprioc-chuideachta an Aontais, a ghníomhaíochtaí agus a sholáthraithe malartacha, struchtúr úinéireachta sprioc-chuideachta an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, struchtúr úinéireachta an ghrúpa chorparáidigh ar cuid de sprioc-chuideachta an Aontais é;

(d) más infheidhme, faisnéis faoi na heintitis dhlítheanacha eile den ghrúpa corparáideach céanna leis an sprioc-chuideachta de chuid an Aontais atá suite i mBallstáit eile;

(e) gníomhaíochtaí an infheisteora coigríche, a ainm agus a sheoladh; agus

(f) an dáta a bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó a ndearnadh an infheistíocht sin.

2. Leagfaidh an Coimisiún amach, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 21, atá le glacadh roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 24(2), an fhoirm atá le húsáid chun an cineál faisnéise a cheanglaítear faoi mhír 1 a sholáthar.

3. I gcás ina n-iarrfaidh an Coimisiún nó na Ballstáit faisnéis bhreise de bhun Airteagal 8(1) nó Airteagal 9(5) ar an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin, féachfaidh an Ballstát sin le faisnéis den sórt sin a sholáthar, má tá fáil uirthi, do na Ballstáit iarrthacha agus don Choimisiún.

4. I gcás inar gá, féadfaidh an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin a iarraidh ar an iarratasóir a bhfuil údarú á iarraidh aige nó ar aon ghnóthas ábhartha eile an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 a sholáthar. D'fhéadfadh baint a bheith ag an iarraidh ar fhaisnéis leis an bhfaisnéis is gá chun go bhféadfaidh an Ballstát a chinneadh an gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(1). Soláthróidh an gnóthas lena mbaineann an fhaisnéis arna hiarraidh don Bhallstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin laistigh de 15 lá féilire ón lá a dhéantar an iarraidh.

5. Féadfaidh an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin agus an Coimisiún iarraidh ar Bhallstáit eile faisnéis a lorg ó ghnóthais ina gcríoch, ar choinníoll go bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha agus ar choinníoll go bhfuil géarghá leis chun measúnú a dhéanamh ar infheistíocht choigríche de bhun Airteagal 13. Iarrfaidh an Ballstát a fhaigheann an iarraidh ar fhaisnéis a lorg, gan mhoill, ar an ngnóthas an fhaisnéis sin a sholáthar agus tabharfaidh sé fógra fúithi don Bhallstát ina bhfuil an infheistíocht choigríche beartaithe nó ina ndearnadh an infheistíocht sin agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 8(2) agus in Airteagal 9(6) de réir mar is infheidhme.

6. Tabharfaidh Ballstát fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile lena mbaineann más rud é, in imthosca eisceachtúla, nach bhfuil sé in ann, d'ainneoin a dhícheall, an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 3, 4 nó 5 a sholáthar. Tabharfaidh an Ballstát sin míniú cuí ar na cúiseanna nach raibh sé in ann an fhaisnéis a sholáthar.

7. Mura soláthraítear faisnéis ar bith nó má sholáthraítear faisnéis neamhiomlán, féadfar an bharúil a d'eisigh na Ballstáit, nó an tuairim a d'eisigh an Coimisiún, a bhunú ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil dóibh.

8. I gcás ina dtagann an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 go 6 ó ghnóthas, seiceálfaidh an Ballstát a fhaigheann an fhaisnéis ón ngnóthas iomláine na faisnéise agus déanfaidh sé bearta réasúnacha chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis cruinn sula soláthróidh sé don Choimisiún agus do Bhallstáit eile í.

Airteagal 11

Ceanglais choiteanna le haghaidh sásraí um scagadh chun sásra comhair éifeachtach a áirithiú

1. Soláthróidh na Ballstáit na hacmhainní, na modhanna dlíthiúla agus riaracháin is gá le go mbeidh siad rannpháirteach go héifeachtúil agus go héifeachtach sa sásra comhair.

2. Ainmneoidh gach Ballstát agus an Coimisiún pointe teagmhála chun críocha an tsásra comhair.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar dóibh leis na sprioc-amanna agus na nósanna imeachta a leagtar amach ina sásraí um scagadh freagraí iomlána a sholáthar ar iarrataí ar fhaisnéis bhreise ón gCoimisiún nó ó Bhallstáit eile.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar am leordhóthanach agus acmhainní leordhóthanacha dá sásraí um scagadh chun measúnú a dhéanamh ar bharúlacha na mBallstát eile agus ar thuairimí an Choimisiúin agus go mbreithneofar go dian iad sula ndéanfar cinneadh maidir le scagadh. Áirítear leis sin gach modh dlíthiúil agus gach cumhacht dhlíthiúil is gá a bheith aige chun ábhair imní arna gcur in iúl nó tionchair dhóchúla arna sainaithint ag Ballstát eile nó ag an gCoimisiún ina chinneadh maidir le scagadh nó in aon ionstraim ábhartha eile atá ar fáil dó a bhreithniú. I gcás ina dtugtar fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le hinfheistíocht choigríche de bhun Airteagal 5, ní cheadófar leis na sásraí um scagadh do na Ballstáit a gcinneadh maidir le scagadh a dhéanamh go dtí go rachaidh na sprioc-amanna le haghaidh barúlacha ó na Ballstáit agus tuairimí ón gCoimisiún a leagtar amach in Airteagal 8(3) in éag.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar lena ndlíthe náisiúnta comhlíontacht leis na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 5 go 9 d'Airteagal 7.

6. Tabharfar de chumhacht do na húdaráis um scagadh infheistíochtaí coigríche a chuirtear faoina mbráid de bhun Airteagal 9(7) a imscrúdú, a mheasúnú, a chinneadh agus faireachán a dhéanamh orthu.

7. I gcás ina n-éilítear le bearta maolaitheacha i gcinneadh maidir le scagadh go gcomhlíonann gnóthais atá bunaithe i mBallstáit eile, na Ballstáit a ghlac cinneadh maidir le scagadh, rachaidh siad i gcomhar leis an mBallstát eile nó leis an mBallstát eile nó leis na Ballstáit lena mbaineann maidir le faireachán a dhéanamh ar chinneadh maidir le scagadh agus maidir leis an gcinneadh sin a fhorfheidhmiú. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na modhanna dlíthiúla agus na cumhachtaí dlíthiúla uile is gá acu chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh na mbeart maolaitheach a sholáthraítear i gcinneadh maidir le scagadh.

Airteagal 12

Rúndacht na malartuithe faisnéise sa sásra comhair

1. Ní úsáidfear faisnéis a fhaightear i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 5, 7 agus 9 ach amháin chun na críche ar ina leith a iarradh í, ach amháin:

   (a) má aontaíonn tionscnóir na faisnéise go sainráite le húsáid eile; nó

(b) má iarrann Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó cúirt de chuid an Bhallstáit ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin faisnéis den sórt sin chun críche imeachtaí dlíthiúla.

2. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún rúndacht na faisnéise a sholáthraíonn nó a fhaigheann siad de thoradh an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais. Agus iad ag láimhseáil iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid arna soláthar nó arna bhfáil i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo, staonfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún ó aon fhaisnéis a nochtadh a bhainfeadh an bonn de chuspóir na n-imscrúduithe arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo.

3. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún nach ndéanfar an fhaisnéis rúnaicmithe a chuirtear ar fáil nó a mhalartaítear faoin Rialachán seo a íosghrádú nó a scaoileadh ón rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón tionscnóir.

4. Soláthróidh an Coimisiún córas slán agus criptithe chun tacú le malartú faisnéise idir na pointí teagmhála.

CAIBIDIL 4

INFHEISTÍOCHTAÍ COIGRÍCHE AR DÓCHA GO nDÉANFAIDH SIAD DIFEAR DIÚLTACH DON tSLÁNDÁIL NÓ DON ORD POIBLÍ

Airteagal 13

An tionchar diúltach is dócha a bheidh ar an tslándáil agus ar an ord poiblí a chinneadh

1. Cinnfidh na Ballstáit, chun cinneadh maidir le scagadh a dhéanamh de bhun Airteagal 14 nó barúil atá réasúnaithe go cuí a eisiúint de bhun Airteagal 7(1) nó Airteagal 9(7), cé acu is dócha nó nach dócha go ndéanfaidh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí.

2. Cinnfidh an Coimisiún, chun tuairim atá réasúnaithe go cuí a eisiúint de bhun Airteagal 7(2) nó (3) nó Airteagal 9(7), cé acu a mheasann nó nach measann sé gur dócha go ndéanfadh infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí.

3. Agus cinneadh á dhéanamh cé acu is dócha nó nach dócha go ndéanfaidh infheistíocht difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí, breithneoidh na Ballstáit nó an Coimisiún, go háirithe, cé acu is dócha nó nach dócha go mbeidh tionchar diúltach ag an infheistíocht lena mbaineann ar na nithe seo a leanas:

(a) slándáil, sláine agus feidhmiú bonneagair chriticiúil, bíodh sé fisiciúil nó fíorúil; sa chomhthéacs sin, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil, déanfar measúnú freisin ar cé acu is dócha nó nach dócha go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche difear diúltach d'athléimneacht aon cheann de na heintitis chriticiúla a shainaithin siad faoi Threoir (AE) 2022/2557 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] chomh maith le heintitis faoi raon feidhme Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21]. Déanfar torthaí na measúnuithe ar riosca slándála comhordaithe ar shlabhraí soláthair criticiúla ar leibhéal an Aontais arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 22(1) de Threoir (AE) 2022/2555 a chur san áireamh freisin. ;

(b) teicneolaíochtaí criticiúla a bheith ar fáil;

(c) leanúnachas sholáthar na n-ionchur criticiúil;

(d) cosaint faisnéise íogaire, lena n-áirítear sonraí pearsanta, go háirithe maidir le cumas an infheisteora coigríche rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta sin nó iad a rialú agus a phróiseáil ar bhealach eile, nó

(e) saoirse agus iolrachas na meán, lena n-áirítear ardáin ar líne is féidir a úsáid le haghaidh bréagaisnéise nó gníomhaíochtaí coiriúla ar mórscála.

4. Agus cinneadh á dhéanamh cé acu is dócha go ndéanfaidh infheistíocht difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí, déanfaidh na Ballstáit nó an Coimisiún faisnéis a bhaineann leis an infheisteoir coigríche a chur san áireamh freisin, lena n-áirítear:

(a) cé acu a bhí nó nach raibh an t-infheisteoir coigríche, duine nádúrtha nó eintiteas a bhfuil an t-infheisteoir coigríche faoina rialú, úinéir tairbhiúil an infheisteora coigríche, aon cheann d'fhochuideachtaí an infheisteora coigríche, nó aon pháirtí eile faoi úinéireacht nó faoi rialú an infheisteora coigríche páirteach in infheistíocht choigríche a ndearna Ballstát scagadh uirthi roimhe sin agus nár údaraíodh nó nár údaraíodh ach amháin faoi choinníollacha; chun é sin a chinneadh, braithfidh na Ballstáit agus an Coimisiún ar an bhfaisnéis a bheidh ar fáil dóibh, lena n-áirítear an fhaisnéis atá sa bhunachar sonraí slán arna bhunú de bhun Airteagal 7(10);

(b) i gcás inarb infheidhme, na cúiseanna atá leis an infheisteoir coigríche, duine nádúrtha nó eintiteas a bhfuil an t-infheisteoir coigríche faoina rialú, úinéir tairbhiúil an infheisteora coigríche, aon cheann d'fhochuideachtaí an infheisteora coigríche, nó aon pháirtí eile atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag infheisteoir coigríche den sórt sin, nó ag gníomhú thar ceann nó faoi stiúir an infheisteora sin, a chur faoi réir bearta sriantacha de bhun Airteagal 215 CFAE;

(c) cé acu a bhí nó nach raibh an t-infheisteoir coigríche nó aon cheann dá fhochuideachtaí páirteach cheana féin i ngníomhaíochtaí a raibh tionchar diúltach acu ar an tslándáil nó ar an ord poiblí i mBallstát;

(d) cé acu a bhí nó nach raibh an t-infheisteoir coigríche nó aon cheann dá fhochuideachtaí ag gabháil do ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha nó do

---

20 Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164–198, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2557/oj).

21 Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80–152, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/oj).

ghníomhaíochtaí coiriúla, lena n-áirítear imchéimniú beart sriantach an Aontais de bhun Airteagal 215 CFAE;

(e) cé acu is dócha nó nach dócha go saothróidh an t-infheisteoir coigríche, duine nádúrtha nó eintiteas a bhfuil an t-infheisteoir coigríche faoina rialú, úinéir tairbhiúil an infheisteora coigríche, aon cheann d'fhochuideachtaí an infheisteora coigríche, nó aon pháirtí eile atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an infheisteora coigríche, nó a ghníomhaíonn thar ceann nó faoi threoir an infheisteora coigríche, cuspóirí beartais tríú tír, nó cé acu a éascóidh sé forbairt chumais mhíleata tríú tír.

Airteagal 14

Cinntí i dtaca le hinfheistíochtaí coigríche a scagadh ar dócha go ndéanfaidh siad difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí

1. I gcás ina gcinnfidh an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin gur dócha go ndéanfaidh an infheistíocht choigríche difear diúltach don tslándáil nó don ord poiblí i mBallstát amháin nó níos mó, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil tionscadal nó clár a bhfuil leas an Aontais ag gabháil leis, agus na critéir a leagtar síos in Airteagal 13 á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme, i bhfianaise na mbarúlacha a sholáthróidh Ballstáit eile de bhun Airteagal 7(1) nó Airteagal 9(7), nó tuairim a thug an Coimisiún de bhun Airteagal 7(2) nó (3) nó Airteagal 9(7), déanfaidh sé cinneadh maidir le scagadh a eisiúint chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) an infheistíocht choigríche atá faoi réir bearta maolaitheacha a údarú, nó

   (b) an infheistíocht choigríche a thoirmeasc.

   Leis an gcinneadh maidir le scagadh, comhlíonfar prionsabal na comhréireachta agus déanfar imthosca uile na hinfheistíochta coigríche a chur san áireamh.

2. I gcás ina measfaidh an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh agus ina ndearnadh an infheistíocht sin go bhfuil bearta eile de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta ar fáil agus iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar éifeacht na hinfheistíochta coigríche ar an tslándáil agus ar an ord poiblí, údarófar an infheistíocht choigríche gan choinníollacha.

CAIBIDIL 5

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 15

Comhar idirnáisiúnta

Féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún dul i gcomhar le húdaráis fhreagracha tríú tíortha maidir le saincheisteanna a bhaineann le hinfheistíochtaí a scagadh ar fhorais na slándála agus an oird phoiblí.

Airteagal 16

Tuairisciú bliantúil ar leibhéal an Aontais

1. Faoin 31 Márta gach bliain dar tús [cuir dáta isteach: an chéad bhliain den chur i bhfeidhm], tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún, ar bhonn rúnda, maidir lena ngníomhaíochtaí faoina sásra um scagadh agus faoin sásra comhair le haghaidh na bliain féilire roimhe. Beidh faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas sa tuarascáil sin:

   (a) an líon infheistíochtaí coigríche arna scagadh tar éis iarraidh ar údarú agus tar éis nós imeachta féintionscnaimh;

   (b) an líon infheistíochtaí coigríche arna bhformheas le coinníollacha agus gan choinníollacha;

   (c) an líon infheistíochtaí coigríche arna dtoirmeasc, an líon infheistíochtaí coigríche arna dtarraingt siar;

   (d) an líon infheistíochtaí coigríche a dtugtar fógra ina leith don sásra comhair, agus an líon barúlacha arna n-eisiúint ag an mBallstát faoi seach;

   (e) faisnéis maidir le tionscnamh na n-infheisteoirí coigríche agus maidir le hearnáil gníomhaíochta sprioc-chuideachtaí na n-infheistíochtaí coigríche arna scagadh, arna n-údarú nó arna dtoirmeasc;

   (f) cur i láthair comhiomlán na rioscaí agus na leochaileachtaí a sainaithníodh sna hinfheistíochtaí coigríche as ar eascair cinneadh maidir le scagadh;

2. Ar bhonn na faisnéise a fuarthas i gcomhréir le mír 1, agus bunaithe ar mheasúnú an Choimisiúin ar threochtaí agus ar fhorbairtí, déanfaidh sé tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a sholáthar go bliantúil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.

Airteagal 17

Próiseáil sonraí pearsanta

1. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta de bhun an Rialacháin seo, déanfar í i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725, agus ní dhéanfar í ach a mhéid a bheidh riachtanach chun go ndéanfaidh Ballstáit an scagadh ar infheistíochtaí díreacha coigríche agus chun éifeachtacht an chomhair dá bhforáiltear sa Rialachán seo a áirithiú.

2. Ní choimeádfar na sonraí pearsanta a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo ach amháin ar feadh na tréimhse ama is gá chun na cuspóirí dár tiomsaíodh iad a bhaint amach.

Airteagal 18

Meastóireacht

1. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar fheidhmiú agus éifeachtacht an Rialacháin seo 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Beidh na Ballstáit páirteach sa chleachtadh seo, agus más gá, cuirfidh siad ar fáil don Choimisiún faisnéis bhreise le haghaidh ullmhú na tuarascála sin.

2. I gcás ina moltar sa tuarascáil ón gCoimisiún leasuithe ar an Rialachán seo, féadfaidh togra reachtach a bheith ag gabháil leis an tuarascáil.

Airteagal 19

Gníomhartha tarmligthe

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun leasú a dhéanamh, i gcás inar gá, ar liosta na dtionscadal nó na gclár atá chun leasa an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn I chun glacadh agus leasú dhlí an Aontais a bhaineann le tionscadail nó cláir atá chun leasa an Aontais is ábhartha don tslándáil nó don ord poiblí a chur san áireamh.

2. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20 chun leasú a dhéanamh, i gcás inar gá, ar an liosta de theicneolaíochtaí, sócmhainní, saoráidí, trealamh, líonraí, córais, seirbhísí agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha lena mbaineann tábhacht ar leith maidir le leasanna slándála nó oird phoiblí an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn II chun athruithe sna himthosca is ábhartha do leasanna slándála nó oird phoiblí an Aontais a chur san áireamh. Go háirithe, áireofar an méid seo a leanas sna breithnithe sin:

   (a) athléimneacht na slabhraí soláthair lena mbaineann tábhacht ar leith chun leasanna slándála nó oird phoiblí an Aontais;

   (b) athléimneacht na mbonneagar lena mbaineann tábhacht ar leith chun leasanna slándála nó oird phoiblí an Aontais;

   (c) dul chun cinn na dteicneolaíochtaí lena mbaineann tábhacht ar leith maidir le slándáil nó ord poiblí an Aontais;

   (d) teacht chun cinn leochaileachtaí i ndáil le rochtain ar fhaisnéis íogair nó cineálacha eile próiseála faisnéise íogaire, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a mhéid is dócha go ndéanfaidh siad difear diúltach do leasanna slándála nó oird phoiblí an Aontais; agus

   (e) teacht chun cinn staide geopholaitiúla lena mbaineann tábhacht ar leith maidir le slándáil nó ord poiblí an Aontais.

Airteagal 20

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ó [dháta theacht i bhfeidhm an bhunghnímh reachtaigh].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.*

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 19 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 21

Nós imeachta coiste maidir le gníomhartha cur chun feidhme

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach na foirmeacha atá le húsáid chun an fhaisnéis a thugtar le fios in Airteagal 10(1) a sholáthar.

2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 22(2).

Airteagal 22

An coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún.Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 23

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (AE) 2019/452 le héifeacht ó [dáta: 15 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm].

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 24

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó [dáta: 15 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe sin, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

1.7. An modh (na modhanna) atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus

measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.2. An t-aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

1.

LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2019/452.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

An comhbheartas tráchtála / an margadh aonair.

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[1]

☒ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is cuspóir ginearálta don rialachán atá beartaithe feabhas a chur ar shlándáil agus ar ord poiblí an Aontais i gcomhthéacs infheistíochtaí díreacha coigríche agus infheistíochtaí arna ndéanamh ag infheisteoirí coigríche trí ghnóthas atá bunaithe san Aontas (‘infheistíochtaí coigríche’).

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1. Deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar i dtaca le sásraí náisiúnta um scagadh ar fhoras na slándála agus an oird phoiblí a mhéid a bhaineann siad le hinfheistíocht choigríche mar a sainmhínítear leis an rialachán atá beartaithe.

2. Comhsheasmhacht a mhéadú idir na sásraí náisiúnta um scagadh, rud lena gcumasófaí scagadh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a dhéanamh ar idirbhearta ar fud an Aontais agus lena gcuirfí cosc ar ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh mar gheall ar na difríochtaí nach beag idir na sásraí náisiúnta um scagadh.

3. A cheangal ar na Ballstáit uile sásra a ghlacadh agus a choinneáil ar bun lena gcuirfí ar a gcumas dóibh scagadh éifeachtach a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche ar fhoras an oird phoiblí nó na slándála.

4. Feabhas a cur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an tsásra comhair idir na Ballstáit agus an Coimisiún maidir le hinfheistíochtaí coigríche a chumhdaítear leis an rialachán atá beartaithe.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Leis an rialachán atá beartaithe déantar athbhreithniú ar an sásra comhair idir na Ballstáit agus an Coimisiún arna chruthú le Rialachán (AE) 2019/452, agus cuirtear feabhas air. Is é is aidhm do na rialacha nua feabhas a chur ar chumas an Aontais infheistíochtaí coigríche a bhrath ar dócha go ndéanfaí difear diúltach leo don

[1] Dá dtagraítear in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

tslándáil nó don ord poiblí. Tá coinne leis freisin go soláthrófar nós imeachta níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí leis an rialachán atá beartaithe ó thaobh measúnú a dhéanamh ar idirbhearta a mbíonn gá le scagadh a dhéanamh orthu i níos mó ná aon Bhallstát amháin.

Leis an rialachán atá beartaithe ceanglófar ar na Ballstáit uile sásra um scagadh a choinneáil ar bun lena gcuirfear ar a gcumas dóibh scagadh éifeachtach a dhéanamh ar infheistíochtaí coigríche ar fhoras an oird phoiblí nó na slándála. Ní mór do na sásraí um scagadh sin tacú le rannpháirtíocht na mBallstát sa sásra comhair, lena n-áirítear le cumas na mBallstát chun ábhair imní slándála na mBallstát eile agus an Choimisiúin a chur san áireamh sna cinntí a dhéanann siad maidir le scagadh.

Leis an rialachán atá beartaithe ba cheart leanúint ar aghaidh le malartú dea-chleachtas a éascú idir na Ballstáit, lena n-áirítear ag cruinnithe de chuid ghrúpa saineolaithe an Choimisiúin maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche (IDC) isteach san Aontas. Ba cheart ailíniú breise na rialacha náisiúnta um scagadh agus a gcur chun feidhme a bheith ann dá thoradh sin.

Leis an rialachán atá beartaithe ba cheart leanúint ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt do chomhar idirnáisiúnta le tíortha nach de chuid an Aontais iad maidir le saincheisteanna a bhaineann le scagadh IDC, agus rúndacht idirbheart agus imscrúduithe gaolmhara um scagadh á n-urramú go cuí.

Ar an iomlán, maidir leis an rialachán atá beartaithe, tá coinne leis go méadófar an tslándáil agus an t-ord poiblí mar gheall air gan infheistíocht choigríche isteach san Aontas a dhíspreagadh.

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

An líon Ballstát ag a bhfuil sásra um scagadh a comhfhreagraíonn do na ceanglais a leagtar amach sa rialachán atá beartaithe.

An líon idirbheart in aghaidh na bliana a ndéantar measúnú orthu leis an sásra comhair.

Sciar na n-idirbheart ar eisigh Ballstáit barúlacha maidir leo agus/nó ar sholáthair an Coimisiún tuairim maidir leo don Bhallstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin (an ‘Ballstát óstach’).

An líon agus an cineál gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit i ndáil le hidirbhearta ar dócha go ndéanfaidh siad difear diúltach do shlándáil nó d’ord poiblí an Bhallstáit óstaigh nó na mBallstát eile, nó do thionscadail nó do chláir atá chun leasa an Aontais ar fhoras na slándála nó an oird phoiblí.

De bharr easpa modheolaíochtaí nó samhlacha maicreacnamaíocha iomchuí, ní féidir tionchar an rialacháin atá beartaithe (nó tionchar scagadh IDC i gcoitinne) ar insreabhadh infheistíochtaí chuig an Aontas a thomhas.

Leis an rialachán atá beartaithe foráiltear do thuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Beidh an rialachán atá beartaithe infheidhme go díreach, ach tá coinne leis freisin go gceanglófar leis gníomhaíocht reachtach ar an leibhéal náisiúnta. Faoin uair a bheidh an rialachán atá beartaithe infheidhme go hiomlán (i.e. 15 mhí tar éis teacht i bhfeidhm), beidh ar na Ballstáit uile nósanna imeachta éifeachtacha a chur i bhfeidhm le haghaidh a chur chun feidhme, go háirithe le haghaidh infheistíochtaí coigríche ina gcríoch a scagadh agus le haghaidh a rannpháirtíocht sa sásra comhair. Thairis sin, ba cheart bunús dlí a bheith ag na Ballstáit uile chun na hábhair imní i ndáil le slándáil atá ag na Ballstáit eile agus ag an gCoimisiún a chur san áireamh, agus, i gcás inar gá, ba cheart bearta a dhéanamh lenar féidir aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin.

Déanfar meastóireacht ar an rialachán atá beartaithe laistigh de 5 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. Déanfar scrúdú go háirithe le linn na meastóireachta ar cé acu atá nó nach bhfuil cosaint shlándáil agus ord poiblí an Aontais níos fearr mar gheall ar an rialachán atá beartaithe agus más ea, a mhéid a bhain an rialachán leis sin.

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe sin, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

Cúiseanna le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex-ante*):

Leis an rialachán atá beartaithe tá coinne leis go mbainfear amach an méid seo a leanas:

– breisluach a ghiniúint a bheidh níos airde ná an méid a bheadh na Ballstáit in ann a ghiniúint go haonarach;

– cosaint éifeachtach na slándála agus an oird phoiblí ar na rioscaí a eascraíonn as IDCanna áirithe a mhéadú sa chaoi go mbeidh an méadú sin níos mó ná mar a bheadh ar a gcumas ag na Ballstáit é a dhéanamh go haonarach;

– a cheangal ar na Ballstáit uile sásra um scagadh a bhunú agus ailíniú a gcuid sásraí náisiúnta um scagadh a bhaint amach. Ní tharlódh sin gan aon chreat ar leibhéal an Aontais.

An breisluach AE (*ex post*) a bhfuil coinne leis a ghiniúint:

Glacadh agus nuachóiriú sásraí náisiúnta um scagadh a chur chun cinn ar fhoras na slándála agus an oird phoiblí.

Faisnéis atá ábhartha ó thaobh na slándála de a sholáthar do na Ballstáit, ar faisnéis í nach mbeadh acu in éagmais an tsásra comhair.

Tionchar a imirt ar an gcinneadh arna dhéanamh ag an mBallstát atá i mbun idirbheart a scagadh.

Cóineasú idir na Ballstáit a chur chun cinn maidir le cad is comhdhéanamh riosca ann ó thaobh riosca don tslándáil nó don ord poiblí de agus maidir le conas a dhéantar measúnú ar rioscaí don tslándáil nó don ord poiblí.

Scrúdú éifeachtúil ar idirbhearta atá faoi réir údarú i níos mó ná Ballstát amháin a chumasú. Mar sin ba cheart an t-ualach riaracháin a bhaineann le nósanna imeachta um scagadh agus a bhíonn ar ghnólachtaí a bheith níos ísle agus ba cheart sprioc-amanna na gcinntí náisiúnta ábhartha a bheith ailínithe níos fearr. Leis an méid sin ba cheart go méadófaí intuarthacht agus deimhneacht dhlíthiúil d'infheisteoirí coigríche agus do chuideachtaí a fhaigheann infheistíocht choigríche.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Dhéanfaí Rialachán (AE) 2019/452 atá ann faoi láthair a aisghairm leis an rialachán atá beartaithe agus ghabhfadh eisean a ionad. Tá tuarascáil mheastóireachta in éineacht leis an rialachán atá beartaithe ina bhfuil achoimre ar na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin atá ann faoi láthair.

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Is féidir an tionscnamh a mhaoiniú ina iomláine trí chistí a athdháileadh laistigh de na ceannteidil ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027. Cumhdófar an tionchar airgeadais ar leithreasuithe ina iomláine leis na leithdháiltí dá bhforáiltear in CAI 2021-2027 le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/452.

Beidh cur chun feidhme an rialacháin atá beartaithe comhsheasmhach le nósanna imeachta eile um fhógra a thabhairt nó nósanna imeachta um údarú arna leagan amach i ndlí an Aontais, agus beidh siad gan dochar dóibh. Tá an Rialachán i gcomhréir le bearta sriantacha an Aontais (smachtbhannaí) dá dtugtar tosaíocht, ar bhonn Airteagal 215 CFAE, ar rialacháin an Aontais agus lena bhféadfaí údarú IDC ag tríú tíortha áirithe nó ag náisiúnaigh de thríú tíorthaa thoirmeasc nó lena bhféadfaí bac a chur ar údarú an IDC sin.

Le linn don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar idirbhearta, leanfaidh an Coimisiún de thairbhiú den saineolas gur ann dó cheana sna seirbhísí dá chuid a bhaineann leis na hearnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Neamhbhainteach.

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2026,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. An modh (na modhanna) atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

☒ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;

– ☐ comhlachtaí a rialaítear le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ comhlachtaí nó daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

Is ar an mBallstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht a bheidh an fhreagracht i gcónaí as an gcinneadh deiridh a dhéanamh maidir le haon infheistíocht choigríche. Beidh an Coimisiún freagrach dá bhrí sin as a áirithiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit an rialachán atá beartaithe, ach is é an Ballstát ina bhfuil sé beartaithe an infheistíocht choigríche a dhéanamh nó ina ndearnadh an infheistíocht sin a bheidh freagrach i gcónaí as fógra faoi na hidirbhearta a thabhairt don sásra comhair agus as teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu ar páirtithe iad a bhfuil baint acu leis an nós imeachta um scagadh (lena n-áirítear leis an bhfaisnéis a fháil ar faisnéis í is gá chun measúnú a dhéanamh ar an idirbheart ag Ballstáit eile agus ag an gCoimisiún). Thairis sin, beidh na Ballstáit freagrach i gcónaí as an gcinneadh maidir le hinfheistíochtaí coigríche aonair (údarú, údarú coinníollach nó toirmeasc), agus as faireachán a dhéanamh ar na cinntí a dhéanann siad i dtaca le scagadh agus as forfheidhmiú na gcinntí sin.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Ceanglófar ar an gCoimisiún leis an Rialachán tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Comhairle gach bliain maidir le cur chun feidhme an Rialacháin. Déanfar an Rialachán a mheas agus a athbhreithniú 5 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. Déanfar scrúdú ar leith le linn na meastóireachta ar cé acu atá nó nach bhfuil curtha le cosaint na slándála agus an oird phoiblí san Aontas mar gheall ar na cuspóirí sonracha agus más ea, a mhéid atá curtha leo. Déanfaidh an Choimisiún na torthaí a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Má mholtar sa tuarascáil go ndéanfar leasuithe ar an Rialachán, féadfaidh togra reachtach iomchuí a bheith ag gabháil leis.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Neamhbhainteach.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Neamhbhainteach.

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

Neamhbhainteach.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Neamhbhainteach.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht

	Uimhir	LD/LN[1]	ó thíortha de chuid CSTE[2]	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[3]	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
6	14.20.04.02	LD	NÍL	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	An cineál caiteachas	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	Neamhbhainteach		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

[1] LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

[2] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[3] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	6: An Chomharsanacht agus an Domhan

Ard-Stiúrthóireacht: TRÁDÁIL			**2026**	**2027**						**IOMLÁN**
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí										
14.200402 - Caidreamh trádála seachtrach agus Cúnamh don Trádáil	Gealltanais	(1a)	0,493	0,250						**0,743**
	Íocaíochtaí	(2a)	0,247	0,372						0,619
N/B	Gealltanais	(1b)								
	Íocaíochtaí	(2b)								
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach [1]										
N/B		(3)								
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh Ard-Stiúrthóireacht na Trádála	Gealltanais	=1a+1b +3	0,493	0,250						**0,743**
	Íocaíochtaí	=2a+2b +3	0,247	0,372						0,619

[1] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0,493	0,250						**0,743**
	Íocaíochtaí	(5)	0,247	0,372						0,619
• IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)								
IOMLÁN na leithreasuithe faoin gCEANNTEIDEAL <ARD-STIÚRTHÓIREACHT NA TRÁDÁLA> sa chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	= 4+ 6	0,493	0,250						**0,743**
	Íocaíochtaí	= 5+ 6	0,247	0,372						0,619

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:

• IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	0,493	0,250						**0,743**
	Íocaíochtaí	(5)	0,247	0,372						0,619
IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)								
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	= 4+ 6	0,493	0,250						**0,743**
	Íocaíochtaí	= 5+ 6	0,247	0,372						0,619

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	**7**	"Caiteachas riaracháin"

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	2026	**2027**						**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: CC NA								

TRÁDÁLA									
• Acmhainní daonna		2,670	2,670						**5,340**
• Caiteachas riaracháin eile		0,032	0,032						**0,064**
IOMLÁN	Leithreasuithe	2,702	2,702						**5,404**

		2026	**2027**						**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: TRADE-DEL									
• Acmhainní daonna		0,356	0,356						**0,712**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,356	0,356						**0,712**

		2026	**2027**						**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: CNECT									
• Acmhainní daonna		0,356	0,356						**0,712**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,356	0,356						**0,712**

		2026	**2027**						**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: DEFIS									
• Acmhainní daonna		0,356	0,356						**0,712**

• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,356	0,356						**0,712**

		2026	**2027**						**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: GROW									
• Acmhainní daonna		0,356	0,356						**0,712**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,356	0,356						**0,712**

		2026	**2027**						**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: FISMA									
• Acmhainní daonna		0,178	0,178						**0,356**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,178	0,178						**0,356**

		2026	**2027**	**2028**	**2029**	**2030**	**2031**	**2032**	**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: RTD									
• Acmhainní daonna		0,178	0,178						**0,356**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,178	0,178						**0,356**

		2026	2027						IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: An tSeirbhís Dlí									
• Acmhainní daonna		0,178	0,178						**0,356**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,178	0,178						**0,356**

		2026	2027						IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: JRC									
• Acmhainní daonna		0,178	0,178						**0,356**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,178	0,178						**0,356**

		2026	2027						IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: SEGS									
• Acmhainní daonna		0,178	0,178						**0,356**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,178	0,178						**0,356**

	2026	2027						IOMLÁN

Ard-Stiúrthóireacht: COMP									
• Acmhainní daonna		0,034	0,034						**0,068**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,034	0,034						**0,068**

		2026	**2027**						**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: AGRI									
• Acmhainní daonna		0,017	0,017						**0,034**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,017	0,017						**0,034**

		2026	**2027**						**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: ENER									
• Acmhainní daonna		0,017	0,017						**0,034**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,017	0,017						**0,034**

		2026	**2027**						**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: HERA									
• Acmhainní daonna		0,017	0,017						**0,034**
• Caiteachas riaracháin eile									

IOMLÁN	Leithreasuithe	0,017	0,017						**0,034**

		2026	**2027**						**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: JUST									
• Acmhainní daonna		0,017	0,017						**0,034**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,017	0,017						**0,034**

		2026	**2027**						**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: SANTE									
• Acmhainní daonna		0,017	0,017						**0,034**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,017	0,017						**0,034**

		2026	**2027**						**IOMLÁN**
Ard-Stiúrthóireacht: Imirce agus Gnóthaí Baile									
• Acmhainní daonna		0,017	0,017						**0,034**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,017	0,017						**0,034**

		2026	2027						IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: MOVE									
• Acmhainní daonna		0,017	0,017						**0,034**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,017	0,017						**0,034**

		2026	2027						IOMLÁN
Ard-Stiúrthóireacht: SG									
• Acmhainní daonna		0,017	0,017						**0,034**
• Caiteachas riaracháin eile									
IOMLÁN	Leithreasuithe	0,017	0,017						**0,034**

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí)	5,194	5,194						**10,388**

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2026	2027	2028	2029	2030	2031	2032	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7	Gealltanais	5,687	5,444						11,131
	Íocaíochtaí	5,441	5,566						11,007

den chreat airgeadais ilbhliantúil									

3.2.2. An t-aschur a mheastar a mhaoineofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir ⇩			Bliain **N**		Bliain **N+1**		Bliain **N+2**		Bliain **N+3**		Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						**IOMLÁN**	
	ASCHUIR																	
	Cineál [2]	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[3]…																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
IOMLÁN																		

[2] Táirgí agus seirbhísí atá le soláthar atá sna haschuir (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

[3] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóir(í) sonrach(a)...’

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	2026	**2027**						**IOMLÁN**
CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	5,162	5,162						**10,324**
Caiteachas riaracháin eile	0,032	0,032						**0,064**
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	5,194	5,194						**10,388**

Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[1] den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	N/B							
Caiteachas eile de chineál riaracháin	N/B							
Fo-iomlán Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	N/B							

IOMLÁN	5,194	5,194						**10,388**

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den

[1] Cúnamh teicniúil agus/nó riaracháin agus caiteachas ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

		2026	**2027**					
• Poist le haghaidh an phlean bunaíochta (oifigigh agus baill foirne shealadacha)								
20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)		27	27					
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)		2	2					
01 01 01 01 (Taighde indíreach)								
01 01 01 11 (Taighde díreach)								
Línte buiséid eile (sonraigh)								
• Foireann sheachtrach (i gCoibhéis Lánaimseartha: FTE)[1]								
20 02 01 (CA, SNE, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch')								
20 02 03 (CA, LA, SNE, INT agus JPD sna toscaireachtaí)								
XX 01 xx **yy zz** [2]	- sa cheanncheathrú							
	- i dtoscaireachtaí							
01 01 01 02 (CA, SNE, INT – Taighde indíreach)								
01 01 01 12 (CA, SNE, INT – taighde díreach)								
Línte buiséid eile (sonraigh)								
IOMLÁN		**29**	**29**					

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Gníomhóidh oifigigh agus foireann shealadach mar phointí teagmhála agus déanfaidh siad anailís, ar bhonn cás ar chás, ar cé acu an dócha nó nach dóchúil é go mbeidh tionchar diúltach ag na hidirbhearta infheistíochta a bhfuarthas fógra fúthu ó na Ballstáit ar an tslándáil nó ar an ord poiblí i níos mó ná Ballstát amháin nó i gcomhthéacs shócmhainn íogair de chuid an Aontais. Beidh orthu faireachán a dhéanamh ar chumaisc agus éadálacha agus ar infheistíochtaí i láithreáin úrnua san earnáil eacnamaíoch a thagann faoi fhreagracht a nArd-Stiúrthóireachtaí agus beidh orthu Ard-Stiúrthóireacht na Trádála a chur ar an eolas nuair a mheasann siad gur dóchúil é go mbeidh tionchar diúltach ag idirbheart ar an tslándáil nó ar an ord poiblí i níos mó ná Ballstát amháin nó i gcomhthéacs shócmhainn íogair de chuid an Aontais. Beidh oifigigh Ard-Stiúrthóireacht na Trádála agus foireann shealadach i gceannas ar bhainistiú a dhéanamh ar ghrúpa saineolaithe um scagadh ar IDC isteach san Aontas de chuid an Choimisiúin agus ar an gcoiste arna bhunú leis an Rialachán; ar

[1] AC= Baill Foirne ar Conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[2] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

	fhaireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin (lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla na mBallstát a phróiseáil agus tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin a ullmhú); ar chomhoibriú le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad maidir le hábhair chothrománacha a bhaineann le hinfheistíochtaí a scagadh; agus ar fhaireachán a dhéanamh ar bheartas náisiúnta agus ar fhorbairtí sa reachtaíocht.
Pearsanra seachtrach	Ní bhaineann le hábhar.

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☒ ní dhéantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain **N**[1]	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe								

3.3.

[1] Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☐ ar ioncam eile

  – má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh[2]						
		Bliain **N**	Bliain **N+1**	Bliain **N+2**	Bliain **N+3**	Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
Airteagal …….								

I gcás ioncam ilghnéitheach atá ‘sannta’, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[2] Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis do 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.